

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Tuarascáil Bhliantúil 2017	1
Ráiteas an Chathaoirligh	3
Tosaíocht Straitéiseach 1: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas	12
Tosaíocht Straitéiseach 2: Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch	40
Tosaíocht Straitéiseach 3: Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil	50
Ráitis Airgeadais 2017.....	56
Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017	57
Eolas Ginearálta	99
Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile in 2017	100
Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha in 2017.....	103
Aguisín 3: Foilseacháin in 2017	107
Aguisín 4: Páipéir um chomhairle ar bheartas in 2017.....	108

Ráiteas an Chathaoirligh

Is mór an pléisiúr dom tuarascáil bhliantúil an Údaráis Náisiúnta Míchumais (NDA) 2017 a chur i láthair an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Déantar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí agus ar aschuir an NDA i rith na dara bliana dár bPlean Straitéiseach 2016–2018.

Comhlacht stáit neamhspleách is ea an NDA ar a bhfuil dualgas reachtúil comhairle a bhfuil bonn fianaise léi a chur ar fáil don Rialtas maidir le beartas agus cleachtas a bhaineann le gnáthshaol laethúil daoine faoi mhíchumas. Mar threoir againn dár gcuid oibre, tá ár bhfís de shochaí Éireannach ina bhfuil cearta agus deiseanna comhionanna ag daoine faoi mhíchumas chun páirt a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha; rogha agus smacht a bheith acu ar an dóigh a gcaitheann siad a saol; agus go bhfuil siad ábalta a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach i sochaí ina gcuimsítear raon na héagsúlachta daonna agus a dhéanann freastal ar an éagsúlacht sin. Mar a bhíonn sí i gcónaí, tá ár gcomhairle bunaithe ar eolas agus tá sí faoi threoir ag taighde, anailísiú sonraí, foghlaim bunaithe ar an dea-chleachtas, agus eolas agus foghlaim ó eispéiris saoil daoine faoi mhíchumas.

Lean an NDA ar aghaidh leis an obair chun an Dearadh Uilíoch a chur chun cinn. Is éard atá i gceist leis an Dearadh Uilíoch ná dearadh agus forbairt na timpeallachta ionas gur féidir le cách rochtain agus tuiscint a bheith acu uirthi, beag beann ar aois, méid, náisiúntacht, cumas nó míchumas. Táimid sásta le rannpháirteachas comhlachtaí gairmiúla agus oideachais maidir le hacmhainní a fhorbairt agus modh a sholáthar chun an dearadh uilíoch a dhaingniú i gcúrsaí oideachais dóibh siúd a mbíonn i mbun an timpeallacht a dhearadh.

Agus ár bhfeidhmeanna á soláthar againn, tá sé mar chuspóir againn a chinntiú go ndéantar daoine faoi míchumas a thacú agus a chumhachtú chun an saol atá uathu féin a chaitheamh inár bpobail.

I rith 2017, leanamar orainn de thacaíocht agus comhairle a thabhairt don Rialtas maidir le cur chun feidhme roinnt straitéisí agus beartas náisiúnta a bhaineann leis an gculpóir sin a bhaint amach, lena n-áirítear an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, Saolta a Bhunathrú chun Feabhais, agus beartais ghaolmhara, chun samhla tacaíochta a sholáthar sa phobal. Cuirimid fáilte roimh an Straitéis Náisiúnta um Dhaoine faoi Mhíchumais a lonchuimsiú, 2017-2021 arna seoladh ag an Aire agus atá glactha mar straitéis bheo a gcuirfear léi sna

blianta atá romhainn. Beidh sé tábhachtach go gcuirfear i gcrích na gníomhaíochta geallta trí chomhar a dhéanamh agus gur féidir a dtionchar a thomhas chun éifeachtúlacht na Straitéise a chinntiú. Táimid ag súil le hiarracht comhbheartaithe na ranna agus na ngníomhaireachtaí go léir a bhfuil freagracht orthu faoin Straitéis agus lenár bpáirt féin a ghlacadh maidir lena cur chun feidhme. Cabhróidh an Straitéis le hÉirinn cuid mhaith de na cuspóirí a leagtar amach i Coinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a sholáthar.

Cuirimid fáilte roimh réadú forásach aidhmeanna agus cuspóirí na straitéisí bunathraithe sin, agus tiomantas leanúnach na páirtithe leasmhara iomchuí uile maidir lena gcur chun feidhme. Agus an réamhrá seo á scríobh agam, táimid ag tnúth le daingniú Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, rud atá Rialtas na hÉireann ar tí a dhéanamh. Tá fáilte curtha ag an NDA roimh cur chun feidhme leanúnach cuid mhaith d'fhorálacha an Choinbhinsiúin faoi na Straitéisí agus cláir dá dtagraítear thuas, ach táimid ag tnúth anois le spreagadh athnuaite i ndiaidh an dhaingnithe fhoirmiúil, agus lenár ról féin in athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar thionchar an dhaingnithe sin.

Tá páirtithe leasmhara taobh amuigh de shaol an mhíchumais páirteach inár gcuid oibre ar an Dearadh Uilíoch, ó thaobh feasachta ar an Dearadh Uilíoch a chur chun cinn mar dhea-chur chuige dearaidh a théann chun tairbhe do gach duine. Ba chúis áthais dúinn an t-eolas agus an glacadh feabhsaithe de choincheap an Dearaidh Uilíoch a bhí le feiceáil le linn 2017, agus táimid tar éis tacú leisan dul chun cinn sin trí threoir agus sraitheanna straitéisí a fhorbairt chun cabhrú leo siúd a bhfuil freagracht orthu maidir leis an cur chuige a dhaingniú ina mbeartais agus ina gcleachtais. Aithnítear an Dearadh Uilíoch i gCoinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas mar chumasóir maidir le neamhspleáchas agus comhionannas a bhaint amach ós rud é go dtéann sé i ngleic leis an iliomad bacainní fisiciúla.

Bliain ghnóthach eile a bhí in 2017 don NDA agus dá Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch. Is cúis áthais dom an dul chun cinn atá déanta againn i réimsí áirithe a leagan amach agus béim faoi leith a chur ar chuid de anois.

Suirbhé ar Dhearcadh

Reáchtáiltear suirbhé ar dhearcadh i leith an mhíchumais gach 5 bliana agus rinneamar ár gceathrú ceann a fhoilsiú agus a sheoladh in 2017. Chuir an suirbhé seo ar ár gcumas dearcadh an phobail a thomhas le nach mór fiche bliain anuas agus cuireann sé béim ar na réimsí is mó gátar i sochaí na hÉireann ó thaobh ionchuisitheacht agus comhionannas a bhaint amach. Is cúis sólais iad na feabhsuithe ó thaobh dearcaidh de ar fud na gcatagóirí míchumais uile a chumhdaítear sa suirbhé deireanach.

Fostaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas

Ba é 2017 an dara bliain de chur chun feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus tugadh faoi ghníomhaíocht ar fud roinnt ranna agus gníomhaireachtaí lena linn. Bhí an NDA sásta páirt a ghlacadh sa ghrúpa oibre tras-rannach faoi stiúir na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, an grúpa oibre a d'fhoilsigh an tuarascáil 'Make Work Pay' in Aibreán. Sa tuarascáil seo, leagtar amach mionanailís ar chuid de na bacainní airgeadais agus dídhreasachtaí casta maidir le fostaíocht a fháil, chomh maith le moltaí soiléire chun díriú orthu siúd, cuid díobh atá faoi lán seoil cheana féin.

Chuireamar fáilte roimh rannpháirteachas agus tiomantas an ghrúpa oibre tras-rannach chun cur chuige a chomhaontú ó thaobh fostaíochta faoi thacaíocht de, agus an chonair ríthábhachtach ón réamhfostaíocht go tacaíocht a fháil chun chur isteach ar phost agus an post sin a choinneáil á haithint. Táimid ag tnúth go mór le foilsiú thuarascáil an ghrúpa sin agus le cur chun feidhme an chur chuige chomhaontaithe in 2018.

Cuirimid fáilte roimh an méid atá bainte amach ag comhlachtaí poiblí ina gcuid oibre chun an sprioc maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú a bhaint amach, agus an barr a bhaint de i gcásanna áirithe. Is ann do dheiseanna chun tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh agus maolú tar éis teacht ar na srianta earcaíochta sa tseirbhís phoiblí agus é á aithint go méadóidh an sprioc go 6% ar bhonn incriminteach sna blianta atá romhainn.

Saolta a Bhunathrú chun Feabhais

I rith 2017, lean an NDA le tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an chláir 'Saolta a Bhunathrú chun Feabhais', atá dírithe ar chur chuige atá curtha in oiriúint do riachtanais an duine aonair a bhaint amach maidir le seirbhísí míchumais a sholáthar sna réimsí sláinte agus chúraim shóisialta. Tá píosa suntasach de réamhfhaisnéisiú straitéiseach curtha i gcrích againn

maidir leis an éileamh todhchaí a bheidh ar na seirbhísí sin agus anailísiú a dhéanamh ar threochtaí déimeagrafacha agus cúraim sláinte go 2016. Foilseofar an tuarascáil seo in 2018 agus beidh sí mar bhonn eolais ag príomhchinntí maidir le hacmhainní a chur ar fáil do sheirbhísí todhchaí agus na seirbhísí sin a sholáthar.

Táimid tar éis leanúint de chlár tionscadal a sholáthar a chabhróidh chun tacaíocht a thabhairt do phleanáil éifeachtach duine-lárnach, do chreat um fheabhsú caighdeáin leanúnach a fhorbairt, agus do mheicníochtaí chun torthaí do dhaoine faoi mhíchumas a thomhas. Is léir go bhfuil na córais seo go léir spleách ar a chéile, agus táimid ag cinntiú go dtugtar aitheantas don leibhéal seo comhtháite inár gcuid oibre, agus go dtugtar aghaidh air.

Táthar ag leanúint freisin lenár gcuid oibre chun na costais agus na buntáistí a bhaineann le samhlacha nua pobalbhunaithe um sheirbhís chónaithe a thuiscint. Le linn 2017, rinneamar obair allamuigh le daoine faoi mhíchumas i dtimpeallachtaí cónaithe traidisiúnta a bhí le dúnadh, agus le daoine a bhfuil saol féintheoraithe acu cheana féin sa phobal. Beidh an fhaisnéis shaibhir atá á bailiú againn ó thús deiridh an phróisis seo ina bonn eolais agus ina treoir do sheirbhísí cónaithe amach anseo.

Buiséid Phearsantaithe

D'oibríomar leis an Tascfhórsa um Buiséid Pearsantaithe arna bhunú ag an Aire Stáit a bhfuil freagracht air i leith Míchumais chun dul i gcion ar bheartas a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach i gcomhthéacs na hÉireann. Rinne an NDA obair thaighde agus mheasúnaithe chun bonn eolais a chur le plé an Tascfhórsa, agus táimid ag tnúth leis an tuarascáil deiridh a bheith ar fáil go luath in 2018.

Dearadh ár gcomhdháil i mbliana chun tuilleadh eolas a sholáthar maidir leis an cineál tacaíochtaí oiriúnaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó dhaoine le míchumais chun cabhrú leo leas a bhaint as buiséid phearsantaithe. Chuireamar béim ar chiorcail tacaíochta, comhordú ceantair áitiúil agus micreachláir mar fhéidearthachtaí chun córas náisiúnta a chur chun feidhme maidir le buiséid phearsantaithe.

Tithíocht

Is dúshlán i gcónaí do mhuintir na tíre i gcoitinne í rochtain ar tithíocht, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas. Tá an NDA tar éis comhairle a thabhairt maidir le conas a chuireann an Dearadh Uilíoch rogha níos fearr ar fáil do dhaoine agus é a chur ar a gcumas fanacht ina dtithe féin nuair a théann siad in aois nó nuair a thagann athrú ar a leibhéal cumais. In 2017, bhí ríméad orainn go raibh rath ar an gcomhthionscnamh idir ár Lárionad

Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtas Áitiúil – na chéad Tithe don Aosú Cliste: Dúshlán an Dearaidh Uilíoch. Rinne an comórtas dearthóirí, ailtirí agus innealtóirí a spreagadh chun teacht ar bhealaí nuálacha maidir le pleanáil do riachtanais tithíochta daonra atá ag dul in aois, agus é mar sprioc acu tacú le ‘aosú san ionad’ nuair is féidir. Ba mhór an fhreagairt a bhí ar an nglao ar iontrálacha agus tá an fhoireann dearaidh a bhuaigh ag cur tús leis an gcéim cur chun feidhme cheana féin.

Cur chun feidhme an Dearaidh Uilíoch

Cuirimid fáilte roimh fhoilsiú na Sraithe Straitéisí um Chumarsáid do Chustaiméirí na Seirbhíse Poiblí – Cur Chuige an Dearaidh Uilíoch. Comhfhorbairíodh í sin leis an bhfoireann cháilíochta maidir le seirbhísí do chustaiméirí sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus lena dtiomantas dá cur chun feidhme a chur chun cinn sna seirbhísí poiblí uile.

An tÚdarás agus foireann an NDA

Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe san NDA as a gcuid oibre ar fad i rith 2017, agus fáilte a chur roimh ár mball nua, Aisling Glynn, a ceapadh i ndiaidh d’Orla Barry dul ar scor. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil do bhaill uile ár gCoistí Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca as a gcuid oibre agus as a gcuid treorach i rith na bliana.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas ó chroí a thabhairt d’fhoireann agus do bhainistíocht an NDA, chomh maith le buíochas a ghabháil dóibh, as a ndíograis i gcónaí d’obair na heagraíochta, agus as a dtiomantas leanúnach d’aschuir ardcháilíochta a sholáthar. Is léiriú iontach ar shaineolas na heagraíochta agus ar thábhacht ár ról maidir le beartas agus cleachtas a dhéanann difríocht i saol na ndaoine faoi mhíchumas a fhorbairt é raon agus cáilíocht na hoibre a chuir foireann an NDA i gcrích le linn 2017.



Helen Guinan

Cathaoirleach

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Forbhreathnú agus comhthéacs an bheartais

Ba é 2017 an pointe leathshlí i gcur chun feidhme Phlean Straitéiseach an NDA (2016-2018) agus cur chun feidhme leanúnach na ngníomhaíochtaí faoi na Cuspóirí Straitéiseacha:

- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do sheachadadh éifeachtach gníomhaíochta comhordaithe tras-rialtais maidir le míchumas agus do chur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Déanfaidh an NDA taighde, agus tabharfaidh sé comhairle agus cuidiú do ranna rialtais agus do chomhlachtaí poiblí maidir le beartas agus cleachtas lena gcinntítear gur féidir le daoine faoi mhíchumais, ar fud na saolré, páirt a ghlacadh mar shaoránaigh a bhfuil meas orthu i bpríomhshruth shochaí na hÉireann agus gur féidir leo a saol a chaitheamh mar is mian leo.
- Barr feabhais sa Dearadh Uilíoch a chur chun cinn trí chaighdeáin, cleachtas, oideachas agus feachtas, chun rannpháirtíocht daoine beag beann ar a aois, méid, cumas nó míchumas i sochaí na hÉireann a éascú.
- Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil a stiúradh agus a chur chun cinn chun a chur ar chumas an Údaráis Náisiúnta Míchumais a chuspóirí straitéiseacha a sheachadadh agus cultúr solúbthachta, freagrachta, nuálaíochta a chothú agus eagraíocht ardfheidhmíochta maidir lena cuspóirí a bhaint amach a chothú.

Faoi gach ceann de na tosaíochtaí sin, thacaigh clár oibre an NDA don bhliain 2017 le forbairt agus cur chun feidhme straitéisí agus clár náisiúnta a bhaineann le saol daoine faoi mhíchumas, i gcás go leor ranna agus gníomhaireachtaí rialtais agus rinne an NDA féin roinnt gealltanais maidir le tionscadail shonracha a sholáthar mar chuid de sin freisin.

Agus an geilleagar ag dul i bhfeabhas i gcónaí in 2017, cuireadh feabhas ar dheiseanna fostaíochta dá bharr, rud a mheastar a chuirfidh bonn le cur ar aghaidh na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas. Is eol don NDA gur imir an moratóir ar earcaíocht tionchar ar an earnáil phoiblí le roinnt blianta anuas ach go bhfuil feabhas ag teacht de réir a

chéile ar dheiseanna post agus ar chúrsaí soghluaiseachta de. Dá bharr sin, táthar ag súil go mbeidh breis deiseanna do dhaoine faoi mhíchumas ar mhaith leo dul ag obair san earnáil phoiblí.

An dara bliain iomlán de chur chun feidhme na Straitéis Cuimsithí Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015 – 2024 a bhí in 2017. D'fháiltigh an NDA roimh an dul chun cinn a dhéantar i roinnt ranna agus gníomhaireachtaí rialtais maidir le bonneagar agus córais a chur i bhfeidhm a éascóidh cuspóir foriomlán na Straitéise chun bealaí chun na hoibre, chomh maith le rannpháirtíocht fheabhsaithe i saol na hoibre a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas. Ba é 2017 an dara bliain don chlár pólótach 'Tionscnamh Eolais um Thacaíocht d'Fhostóirí maidir le Míchumas' chun tacú le fostóirí a gcuid inniúlachta agus a róil a chothú ó thaobh breis deiseanna fostaíochta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.

Mar a tharlaíonn i gcás na Straitéise Náisiúnta um Dhaoine faoi Mhíchumais a lonchuimsiú, tá ról ag an NDA monatóireacht agus measúnú a dhéanamh go neamhspleách ar an dul chun cinn a dhéantar faoin gclár, agus chuige sin, rinne sé measúnú ag deireadh 2017 a thug aird ar dhul chun cinn agus a rinne réimsí inar gá le feabhsú a thabhairt ar aird freisin.

Cuireann an clár Saolta a Bhunathrú chun Feabhais, mar a dtugtar air (agus a bhfuil athbhreithniú a rinneadh roimhe sin ar bheartais míchumais arna maoiniú tríd an mbuiséad sláinte mar bhonn eolais leis) bonn le bunathrú suntasach na gcórais tacaíochta míchumais agus cuir chuige maoinithe chun beartas duine-lárnach a sholáthar maidir le maireachtáil faoi thacaíocht sa phobal. Mar thionscnamh fadtéarmach, tá gá le hathruithe córais chomh maith le hathruithe ó thaobh chultúir de chun spriocanna an tionscnaimh seo a bhaint amach. Tá roinnt mhaith blianta tugtha ag an NDA ag déanamh taighde chun é sin a bhaint amach, agus mar a leagtar amach sa tuarascáil seo, leanadh leis an obair le linn 2017, chun comhairle a chur ar fáil maidir le córais, creata agus uirlisí chun na hathruithe sin a chur i bhfeidhm.

Chuige sin, chuir an NDA fáilte roimh obair leanúnach an Tascfhórsa um Buiséid Phearsantaithe arna bhunú ag an Aire in 2016 agus a thuairisceoidh go luath in 2018 maidir le moltaí chun beartas náisiúnta um buiséid phearsantaithe a chur chun feidhme. I rith 2017, bhain a chuid oibre le taighde, comhairliúchán agus plé a dhéanamh maidir le conas beartas a chur chun feidhme i gcomhthéacs na hÉireann.

In 2017, ghabh an rialtas air féin Coinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a dhaingniú, agus lean sé de reachtaíocht a thacóidh leis

sin a chur ar aghaidh. Áirítear leis sin bunú na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí laistigh den Choimisiún Meabhair-Shláinte, príomh-mheicníocht monatóireachta agus maoirseoireachta maidir le cur chun feidhme an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas). Tá clár suntasach oibre curtha ar aghaidh ag an NDA ó thaobh Cód Cleachtais a fhorbairt chun cur chun feidhme an Achta a threorú. Táimid ag súil le leanúint ar aghaidh idirchaidreamh a dhéanamh le Stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí agus an obair sin á cur i gcrích againn in 2018.

Chothaigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch feasacht agus tuiscint arís in 2017 maidir leis an Dearadh Uilíoch. D'éirigh leis an gcomórtas 'Mórdhúshlán an Dearaidh Uilíoch' an Dearadh Uilíoch a chur chun cinn i measc mac léinn tríú leibhéal don ceathrú bliain as a chéile, agus chuir Fiontraíocht Éireann tacaíocht agus urraíocht bhreise ar fáil dó freisin.

Thug cur chun feidhme an chláir náisiúnta um Aosú Cliste creat ar fáil maidir leis an dearadh uilíoch a ghlacadh agus réitigh thithíochta agus phobail do dhaoine scothaosta á leagan amach. Ba mhór ag an NDA rannpháirteachas na Roinne Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil chun an chéad dúshlán tithíochta Dearaidh Uilíoch a chur ar bun mar mhodh chun daoine scothaosta a chumasú fanacht ina dtithe féin sa phobal, rud a chuir le treoirínite forbartha an Lárionad. Leis an ngradam sin, arna mhaoiniú agus arna bhronnadh ag an Roinn i mí an Mheithimh 2017, tugadh aitheantas do réitigh nuálacha don mhargadh tithíochta, rud a éascaíonn ár ndaonra atá ag dul in aois maireachtáil go neamhspleách ina rogha pobal.

I bhfianaise na bhforbairtí beartas sin ag an leibhéal náisiúnta, bhí na príomhréimsí seo a leanas san áireamh i gclár oibre an NDA do 2017, chomh maith le príomhréimsí eile nach iad:

- Obair a dhéanamh chun II Cód Cleachtais nach mbaineann le cúram sláinte a dhréachtú chun cur chun feidhme an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 a threorú
- Tithe don Aosú Cliste: Dúshlán an Dearaidh Uilíoch a chur ar bun i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil
- Taighde agus anailís a dhéanamh chun bonn eolais a chur le hobair an Tascfhórsa um Buiséid Phearsantaithe
- Obair a dhéanamh chun an Múnla um Rochtain agus Cuimsitheacht do Chúram & Oideachas na Luathóige a thacú agus a threorú
- Obair a dhéanamh chun cur chun feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta a chur ar aghaidh

- Maoiniú leanúnach na Seirbhíse Eolais um Thacaíocht d'Fhostóirí maidir le Míchumas atá faoi bhainistiú cuibhreannais, agus athbhreithniú lárthearma neamhspleách a dhéanamh uirthi
- Obair a dhéanamh chun creat a fhorbairt maidir le pleanáil duine-lárnach do sheirbhísí míchumais
- Réamhfhaisnéisiú straitéiseach a dhéanamh ar éilimh todhchaí ar sheirbhísí míchumais, bunaithe ar threochtaí déimeagrafacha
- Obair a dhéanamh chun na costais agus buntáistí a bhaineann le samhlacha nua maireachtála pobal-bhunaithe a thuiscint i gcomparáid le timpeallachtaí traidisiúnta comhchónaithe
- Taighde agus forbairt a dhéanamh ar bhealaí chun an Dearadh Uilíoch a chur san áireamh sa churaclam dara leibhéal
- Athfhorbairt na Sraithe Straitéisí an Dearaidh Uilíoch um Rannpháirteachas Custaiméirí lena húsáid san earnáil phoiblí, i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Céim phíolótach monatóireachta a dhéanamh ar an earnáil Iompair agus ar a comhlíonadh leis na riachtanais rochtana faoi Chuid 3 den Acht um Míchumas 2005

Tosaíocht Straitéiseach 1: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas

“Tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt agus do sheachadadh éifeachtach gníomhaíochta comhordaithe tras-rialtais maidir le míchumas agus do chur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Déanfaidh an NDA taighde, agus tabharfaidh sé comhairle agus cuidiú do ranna rialtais agus do chomhlachtaí poiblí maidir le beartas agus cleachtas lena gcinntítear gur féidir le daoine faoi mhíchumais, ar fud na saolré, páirt a ghlacadh mar shaoránaigh a bhfuil meas orthu i bpríomhshruth shochaí na hÉireann agus gur féidir leo a saol a chaitheamh mar is mian leo.”

Sheol an tUasal Finian McGrath, TD, an tAire Stáit a bhfuil freagracht air i leith Míchumais, an Straitéis Náisiúnta um Dhaoine faoi Mhíchumais a lonchuimsiú 2017-2020. Cé nach raibh Coinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas daingnithe fós in 2017, chuir an Straitéis creat ar fáil do ranna agus gníomhaireachtaí rialtais comhar a dhéanamh chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme agus cuspóirí an Choinbhinsiúin a chur ar aghaidh. Tugann sí le chéile freisin réimse straitéisí agus clár náisiúnta chuige sin, agus déanann grúpa stiúrtha náisiúnta de pháirtithe leasmhara monatóireacht ar an Straitéis, faoi chathaoirleacht an Aire.

Comhairle a chur chun fail chun cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a threorú

Agus é ag cur lena thaighde agus comhairle go dtí seo maidir le hAirteagal 12 de Coinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a chur chun feidhme, tá an NDA tar éis II Cód Cleachtas nach mbaineann le cúram sláinte agus a ndéantar foráil orthu san Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 a dhréachtú, mar fhreagra ar iarratas ón Roinn

Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Bhunaigh an NDA Sainghrúpa Teicniúil chun comhairle agus treoir a sholáthar maidir leis na Cóid a dhréachtú.

Le linn na hoibre dhréachtaithe i rith na bliana, bhuaill an NDA go déthaobhach le comhlachtaí agus eagraíochtaí ábhartha chun feasacht a mhúscailt maidir leis na Cóid agus a n-iarmhairtí do ghairmithe áirithe, nó dóibh siúd atá tacaíocht á tabhairt do dhaoine faoi mhíchumas. Faoi dheireadh 2017, bhí 7 ndrucht-Chód curtha i gcrích. Leanfar ar aghaidh leis an obair in 2018, lena n-áirítear comhairliúchán dírithe a reáchtáil le páirtithe leasmhara ábhartha sna hearnálacha míchumais agus sna hearnálacha do dhaoine scothaosta, agus leo siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu freisin.

Bhuaill ionadaithe ón NDA le Stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí i ndiaidh a ceapacháin chun an t-eolas ba dheireanaí a thabhairt di maidir leis an obair go dtí sin. Tá sé beartaithe go dtabharfar de láimh don Stiúrthóir na Cóid arna ndruchtú ag an NDA agus go ndéanfaidh an Stiúrthóir athbhreithniú orthu mar ullmhúchán dá bhfoilsíú agus dá gcur chun feidhme mar Chóid Chleachtais reachtúla.

Lean an NDA de pháirt ghníomhach a ghlacadh mar bhall de Ghrúpa Stiúrtha Fheidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015. Tá treoir maidir leis an Acht á forbairt ag an nGrúpa Stiúrtha do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta, chomh maith le hionchur a bheith acu leis an bhFo-Ghrúpa um Threoir agus Doiciméadacht.

Ar iarratas ón Aire Sláinte, tháinig an NDA chun bheith ina bhall den Ghrúpa Oibre arna thionól in 2017 chun Cód Cleachtais a ullmhú do na forálacha reachtacha maidir le hArd-Treoracha don Chúram Sláinte faoi Acht 2015, agus tá an obair sin fós ar siúl.

Chuir an NDA comhairle ar fáil freisin don Roinn Sláinte maidir le foráil dlíthiúil a dhéanamh maidir le cailleadh saoirse daoine a bhfuil fadhbanna cumais orthu i saoráidí ábhartha, agus tá sé ag tnúth le comhairliúchán poiblí ar an ábhar sin in 2018.

Comhairle a thabhairt d’Airí, Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí maidir le beartas agus cleachtas míchumais chun tacú le cuimsiú daoine faoi mhíchumais sa tsochaí phríomhshrutha, i seirbhísí príomhshrutha agus ról a bhfuil meas air a bheith acu sa tsochaí.

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Trína chomhairle don Roinn Sláinte, lean an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le rochtain ar an gcóras ceartais do dhaoine faoi mhíchumais a chur chun cinn. Is ball den Choiste Monatóireachta den **Dara Straitéis ar Fhoréigean Baile, Gnéis agus Inscne** agus chuireann sé ionchur agus comhairle ar fáil chuige sin. Chuir an NDA fáilte roimh achtú na Bille um Íospartaigh na Coireachta in 2017, i ndiaidh dó comhairle a chur ar an Roinn nuair a bhí athmhachnamh déanta ar riachtanais daoine faoi mhíchumais sa reachtaíocht seo.

Chuireamar ár dtreoir do ghairmithe ceartais i gcrích freisin maidir le déileáil le daoine a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais orthu, agus foilseofar é go luath in 2018.

Bhí ionchur ag an NDA freisin i ndrúacht deireanach de **Straitéis Náisiúnta na mBan 2017-2020** faoin Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus tá tiomantas tugtha aige bheith i gceannas ar chomhordú agus anailísiú sonraí maidir le daoine faoi mhíchumas, miondealaithe de réir inscne, chomh maith lena chinntiú gur féidir le taighde ar bith a dhéanaimid ar chúrsaí a bhaineann le míchumas torthaí a chur ar fáil atá dí-chomhbhailithe de réir inscne.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

An Múnla um Rochtain agus Cuimsitheacht (AIM)

Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tar éis taighde a dhéanamh roimhe seo maidir leis an luach a bhaineann le tacaíochtaí ardcháilíochta réamhscoile a chur ar fáil do pháistí faoi mhíchumas. Tá an NDA ina chomhalta ar an bhFoireann Tionscadail agus ar an nGrúpa Trasearnála um Chur chun Feidhme don tSamhail um Rochtain agus um Chuimsiú (AIM) de thacaíochtaí atá deartha lena chinntiú go mbeidh fáil ag páistí faoi mhíchumas ar an gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), arna fheidhmiú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Is é an sprioc a bhaineann le AIM ná soláthraithe seirbhíse a chumhachtú le heispéireas cuimsitheach réamhscolaíochta a sheachadadh, lena gcinnteofar gur féidir le gach páiste bheith rannpháirteach go hiomlán i gclár ECCE agus leas a bhaint as cúram agus oideachas ardchaighdeán na luathóige. Samhail páistelárnach is ea AIM, ina bhfuil seacht leibhéal de thacaíocht fhorchéimnitheach, ag aistriú ó thacaíocht uilíoch go tacaíocht dírithe, bunaithe ar riachtanais an pháiste agus an tsoláthraí seirbhíse.

I measc na bpríomhcheisteanna a cuireadh ar aghaidh faoi threoir an NDA le linn 2017, bhí tacaíochtaí luathbhlianta a fhorbairt, príomhtháscairí an Mhúlna um Rochtain & Cuimsitheacht (AIM) a bhainistiú, bréagáin a roghnú agus treoir mholta a fhorbairt maidir lena n-úsáid faoin gClár AIM.

Chomh maith leis sin, thionscain an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige comhthionscnamh maidir le Dearadh Uilíoch i dTimpeallacht na Luathbhlianta. Tá sé le críochnú in 2018. Mar chuid den tionscnamh sin, forbrófar treoir a bheidh bunús taighde leis maidir leis an Dearadh Uilíoch i dtimpeallachtaí na luathbhlianta, treoir is féidir a chur i bhfeidhm ar fud réimse timpeallachtaí in Éirinn.

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta

D'iarr an tAire Oideachais agus Scileanna ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), athbhreithniú a dhéanamh ar scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (SNA), i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, agus go háirithe an NDA.

D'iarr CNOS ar an NDA páirt a ghlacadh san athbhreithniú trí phíosa taighde neamhspleách a dhéanamh maidir leis an dá ghníomh seo:

1. Forbhreathnú a dhéanamh ar na tacaíochtaí atá ar fáil do dhaoine fásta faoi mhíchumas i ndiaidh dóibh an scoil a fhágáil agus go háirithe, tacaíochtaí den chineál Cúntóirí Riachtanas Speisialta
2. Staidéar cáilíochtúil mionscála a dhéanamh chun an méid seo a leanas a dhearbú:
 - a. Tuairimí daoine óga, oiliúnóirí, fostóirí, etc. – sna hearnálacha breisoideachais/oiliúna/oibre- ar cé chomh ullmhaithe, dar leo, is atá scoláirí faoi mhíchumas don saol i ndiaidh na scoile.
 - b. Tuairimí agus eispéiris pearsanra scoile (lena n-áirítear príomhoidí, múinteoirí, scoláirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus tuismitheoirí) ar na buntáistí agus na míbhuntáistí is

inbhraite a bhaineann le scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta maidir leis na scoláirí sin a ullmhú don chéad chéim eile i ndiaidh na scoile.

Sa pháipéar achoimriúil maidir le tacaíochtaí, tugtar chun suntais cé chomh ilroinnte agus neamhchomhordaithe agus atá tacaíochtaí iarscoile do dhaoine óga faoi mhíchumais.

Léirítear sa staidéar cáilíochtúil go bhfuil roinnt mhaith gairmithe i dtimpeallachtaí iarscoile den tuairim nach mbíonn daoine óga dea-ullmhaithe don saol i dtimpeallachtaí iarscoile. Is beag fianaise atá ann gur ann do chur chuige córasach maidir leis an trasdul ón scoil go timpeallachtaí iarscoile a thacú i gcás leanaí faoi mhíchumas. Cé go léirítear sa staidéar go gcabhraíonn roinnt Cúntóirí Riachtanas Speisialta ó thaobh scileanna maireachtála aonair a fhorbairt, ní mheastar é mar chuid lárnach dá ról.

Tá CNOS tar éis na torthaí taighde a úsáid chun bonn eolais a chur lena cuid oibre leanúnaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar scéim reatha na gCúntóirí Riachtanais Speisialta agus moltaí a dhéanamh don Aire maidir lena forbairt amach anseo.

Aighneacht chuig Grúpa Oibre na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Tacaíochtaí Altranais

Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle beartais do Ghrúpa Oibre na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Tacaíochtaí Altranais. Is príomhtheachtairacht chomhairle an Údaráis Náisiúnta Míchumais gur thug na hathbhreithnithe comhthráthach a rinneadh ar scéim na gCúntóirí Riachtanais Speisialta agus ar ról na dTacaíochtaí Altranais deis machnamh a dhéanamh ar na tacaíochtaí is gá chun tacú le rannpháirteachas leanaí faoi mhíchumas sna scoileanna agus conas is fearr na tacaíochtaí sin a chur ar fáil seachas díriú ar ról gairme ar leith.

An Roinn Sláinte

Aighneachtaí chuig an Roinn Sláinte

In 2017, rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais roinnt aighneachtaí chuig an Roinn Sláinte, mar a leagtar amach thíos.

Creat Beartais d’Fhaisnéis Sláinte

Seo cuid de na príomhphointí a thug an Údarás Náisiúnta Míchumais chun suntais:

- Go gcumhdófar cúram sóisialta faoi aon Chreat Beartais nua d’Fhaisnéis Sláinte
- Gur rithábhachtach inrochtaineacht a bheith ann ar ábhar toilithe agus ar phróisis thoilithe. Rinneadh tagairt shonrach san aighneacht d’fhoilseachán an NDA, ‘Ethical Guidance for Research with People with Disabilities (2009)’ ina dhéantar cur síos ar phróiseas leanúnach maidir le toiliú deonach agus eolasach.
- Go bhfuil gá le “sonraí pearsanta íogaire”, “toiliú sainráite” agus “taighde eolaíoch” a shainmhíniú go dlíthiúil.

Creat d’Éirinn um Áit Oibre Shláintiúil

Seo cuid de na príomhphointí:

- Gur saintréith thábhachtach den ‘áit oibre shláintiúil’ mar a thug an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun suntais ná a hoscailteacht, a hinrochtaineacht agus a freastal do leibhéal éagsúla cumais daoine
- Go foilseofar ábhar maidir leis an gCreat um Áit Oibre Shláintiúil i bhformáidí inrochtana
- Gur cheart go dtabharfadh cuid den Chreat um Áit Oibre Shláintiúil aghaidh ar an ngá atá le tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil míchumas faighte acu nó galar ainsealach orthu filleadh ar an obair
- Gur cheart go ndéanfaí cuid den Chreat um Áit Oibre Shláintiúil a ailíniú leis an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2014

Freagairt altranais agus cnáimhseachais pobail a fhorbairt maidir le samhail chomhtháite um chúram agus beartas a fhorbairt i ndáil le cleachtas altranais agus cnáimhseachais iarchéime, speisialaithe agus ardleibhéal

I measc na bpríomhphointí a rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais sna haighneachtaí seo, tá na cinn seo a leanas:

- Gur cheart go mbeadh na seirbhísí uile sa tSamhail Chomhtháite um Chúram inrochtana ag daoine faoi mhíchumas
- Go bhfuil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag obair ar Mheascán Inniúlachta agus Scileanna le haghaidh an tSamhail Phobalbhunaithe um Chúram Míchumais
- Ba cheart go dtabharfaí aitheantas don mhíchumas mar inniúlacht i gcás an Ardchleachtais Altranais agus Cnáimhseachais

Athbhreithniú Acmhainne na Seirbhísí Sláinte in Éirinn

Seo cuid de na príomhphointí:

- Le cur chun feidhme na tuarascála Sláintecare chun seirbhís chomhtháite sláinte agus cúraim a sholáthar, go laghdófaí an t-ualach ar sheirbhísí géarchúraim agus níos mó daoine in ann luath-idirghabháil agus bainistiú galair ainsealaigh a fháil i dtimpeallachtaí pobail agus cúraim phríomhúil
- Go dtabharfaí aitheantas in Athbhreithniú Acmhainne na Seirbhísí Sláinte don obair atá a déanamh faoin Údarás Náisiúnta Míchumais, faoi Ghrúpa Oibre I um an Chlár Saolta a Bhunathrú chun Feabhais, chun an éileamh todhchaí ar sheirbhísí míchumais a mheas
- Gur cheart treoirínite an Dearaidh Uilíoch a úsáid le haghaidh tithe nua nó i gcás stoic fhoirgnimh atá ann cheana féin a iarfheistiú faoi aon chlár infheistíochta caipitil
- Go bhféadfadh creat coimisiúnaithe cur le húsáid níos éifeachtaí na n-acmhainní atá ar fáil

Beartas Náisiúnta um Tháirgí Bith-Chomhchosúla

Seo cuid de na príomhphointí:

- Gur mó seans go mbeidh fadhbanna sláinte ag daoine faoi mhíchumais ná ar an gcuid eile den daonra
- Go mbeidh sé soiléir i mbeartas ar bith i leith cógas bith-chomhchosúla go n-úsáidfear le haghaidh cúraim othar coigilt ar bith a dhéantar ar an mbille cógas

Seirbhísí Cúraim Baile in Éirinn a Fheabhsú

Seo cuid de na príomhphointí:

- Go bhfuil gá le soiléireacht maidir leis an difríocht idir Cúram Baile agus Cúnamh Pearsanta agus cé atá i dteideal na seirbhísí sin
- Gur gá tacaíochtaí amhail Cúram Baile, Cúram Príomhúil agus tacaíochtaí eile atá riachtanach chun tacú le maireachtáil neamhspleách, amhail Teicneolaíocht Chúnta agus oiriúnaithe tithíochta, a sholáthar ar bhonn comhordaithe
- Gur cheart do na rialacháin béim a chur ar sholáthraithe seirbhíse Cúraim Baile seachas béim a chur ar ‘lárionad ainmnithe’

Gearáin maidir le Sábháilteacht Othar agus Beartas Abhcóideachta

Seo cuid de na príomhphointí:

- Go gcuirfear riachtanais ‘chúraim shóisialta’ san áireamh i dteideal an bheartais chun a chinntiú go mbeidh a fhios ag daoine a bhaineann leas as seirbhísí cúraim shóisialta gur féidir leo an beartas gearáin a úsáid
- Go ndéantar an t-ábhar go léir maidir leis an mbeartas gearáin a oiriúnú ó thaobh an mhíchumais de agus go mbeadh rochtain ag daoine faoi mhíchumas air
- Nach bhfuil na cumhachtaí reachtúla fós ag an tSeirbhís Náisiúnta Abhcóideachta chun dul isteach i saoráid agus go bhfuil an abhcóideacht fós gann in acmhainní

In 2017, rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais aighneacht chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) freisin agus chuig Grúpa Oibre de chuid FSS um Athbhreithniú ar an Uathachais. San aighneacht sin, athdhearbhaímid comhairle a thugamar roimhe seo, bunaithe ar chomhairliúchán agus taighde maidir le cuir chuige a úsáidtear i ndlínsí eile, gur féidir gníomhartha sonracha a chur ar aghaidh faoi chlár gníomhartha maidir leis an uathachais seachas trí straitéis ar leith a fhorbairt ina bhfuil coinníollacha sonracha. Tá tiomantas tugtha sa Straitéis Náisiúnta nua um Dhaoine faoi Míchumais a lonchuimsiú 2017-2021 chun an clár seo de ghníomhartha a chur chun feidhme go hiomlán. Thugamar chun suntais freisin taighde arna dhéanamh ag an NDA maidir le ‘Samhlacha dea-chleachtais maidir le tacaíocht éifeachtach a thabhairt do riachtanais daoine fásta a bhfuil uathachas orthu, gan mhíchumas intleachtúil comhthráthach, agus iad ag maireachtáil sa phobal’. Táimid tar éis an obair seo a chomhroinnt leis an ngrúpa oibre de chuid FSS chun bonn eolais a chur lena a gcuid machnaimh.

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Cuireann an NDA comhairle beartais ar fáil don Roinn Iompar, Turasóireacht agus Spóirt, don Údarás Náisiúnta Iompair agus do ghníomhaireachtaí gaolmhara maidir le príomhcheistanna míchumais agus chun tacaíocht a thabhairt do na gníomhartha seachadta sa Straitéis Náisiúnta um Dhaoine faoi Míchumais a lonchuimsiú 2017-2021 agus sa Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta 2015-2024. Sa chomhthéacs seo, rinne an NDA aighneacht do Ráiteas Straitéise 2018-2022 de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair á mholadh go gcuirfear béim ar iompar inrochtana a chur ar aghaidh.

Monatóireacht a dhéanamh ar Inrochtaineacht Seirbhísí Iompair Phoiblí

Fuair an NDA obair déanta ar conradh chun cabhrú le córas éifeachtach monatóireachta a cheapadh chun grinn-anailís agus grinn-mheasúnú a dhéanamh ar inrochtaineacht ar an gcóras iompair in Éirinn. Is é is cuspóir

leis an tionscadal sin go ndéanadh sé saincheisteanna a dteastódh aire uathu a aithint; go dtabharfadh sé treoir maidir le plean gníomhaíochta um fheabhsú; agus go ndéanadh sé dul chun cinn a thomhas le himeacht aimsire. Príomhghné den tionscadal seo ná measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí iompair phoiblí i gcomparáid le critéir shonracha chomh maith le aiseolas ó chustaiméirí. Tá an NDA tar éis a bheith i dteagmháil leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, chomh maith le páirtithe leasmhara eile maidir le cuir chuige éagsúla a thástáil. In 2018, déanfaidh an NDA trialacha eile ar na huirlisí is oiriúnaí chun sonraí bonnlíne a sholáthar maidir le hinrochtaineacht an chórais iompair phoiblí in Éirinn.

Uirlis Iniúchóireachta den Dearadh Uilíoch le haghaidh Stadanna Bus

Tá an NDA ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun treoir a thabhairt agus uirlis iniúchóireachta den Dearadh Uilíoch le haghaidh Stadanna Bus á forbairt. Bainfidh Bus Éireann leas as an uirlis sin nuair a bheidh iniúchadh á dhéanamh ar thart ar 12,000 stad bus ar fud na tíre le linn na chéad ráithe in 2018.

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil

In 2017, rinne an NDA aighneachtaí do chomharliúchán na Gníomhaireachta Tithíochta maidir le **Treoirlínte Náisiúnta an Phróisis Mheasúnaithe agus Leithdháilte um Fhorálacha Tithíochta Daoine faoi Mhíchumas**, d'athbhreithniú na Roinne ar **Atógáil Éireann** agus do chomhairliúchán na Roinne ar an **Dréacht-Chreat Náisiúnta Pleanála 2040**. Chomh maith leis sin, scríobhamar freisin chuig an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais nua-cheaptha maidir le tithíocht, pleanáil, Dearadh Uilíoch, an próiseas toghcháin agus cinnteoireacht chuidithe.

I ngach ceann de na haighneachtaí sin, chuir an NDA béim ar an tábhacht a bhaineann le prionsabail an Dearaidh Uilíoch a chur san áireamh ó thaobh pleanála agus dearaidh tithíochta de. Tacaíonn cur chuige an Dearaidh Uilíoch maidir leis an timpeallacht thógtha le daoine faoi mhíchumas chun saol féintheoraithe agus neamhspleách a bheith acu. Thugamar chun suntais freisin an tionchar dearfach a bheadh aige sin maidir le daoine faoi mhíchumas a thógáil as institiúidí agus tithíocht iomchuí a chur ar fáil dóibh mar a leagtar amach sa **Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas**. Chuir an NDA a ceangaltas reatha faoin **Straitéis Náisiúnta um Dhaoine faoi Mhíchumais a Ionchuimsiú 2017-2021**, chomh maith leis na ceanglais a d'fhéadfadh a bheith orthu faoi

Choinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, i gcuimhne don Roinn.

D'fháiltigh an NDA roimh dhearbhuíthe ón Roinn nach mbeidh maoiniú á chur ar fáil faoina Scéim Cúnaimh Caipitil ach do thithe cónaithe nua sa phobal a ghlacfaidh suas go ceathrar, an uasteorainn molta. Cuirtear béim air sin i **gCód Cleachtas na Roinne maidir le Sábháilteacht Tine i dTithe Cónaithe Nua agus i dTithe Cónaithe** atá ann cheanna sa Phobal. Rinne an NDA aighneacht freisin maidir leis an gCód Cleachtas seo inar cuireadh béim ar an riachtanas prionsabail phleanála duine-lárnach a leanúint agus focail nó frásaí a bhí ró-institiúideach a leasú nó a scriosadh.

Chuir an NDA comhairle ar Aonad na nDeontas um Oiriúnú Tithe de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le conas ar féidir leo an próiseas iarratais a dhéanamh níos inrochtana. Chuir an NDA samplaí ar fáil de chásanna inar cuireadh an Dearadh Uilíoch i bhfeidhm ar shocruithe seirbhíse do chustaiméirí.

Le linn 2017, cuireadh deireadh leis na Treoirlínte le haghaidh Oifigeach Tithíochta maidir le tacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí a bhfuil uathachas orthu agus foilseofar agus scaipfear iad le linn 2018. Beidh na Treoirlínte sin ina gcabhair dóibh siúd a bhainistíonn iarratais ag leibhéal an údaráis náisiúnta, chun a bheith feasach maidir le riachtanais daoine a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais orthu, agus iad ag dul tríd an bpróiseas iarratais sin.

Cuidiú leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i gcomhordú a dhéanamh ar bheartais agus ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais

Straitéis Náisiúnta um Dhaoine faoi Mhíchumais a Ionchuimsiú 2017-2021

Sheol an Aire an Straitéis seo i mí Iúil 2017, i ndiaidh tréimhse fhada chomhairliúcháin phoiblí. Chuir an NDA comhairle i láthair an Aire agus oifigeach sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le cur chuige monatóireachta i leith chur chun feidhme na Straitéise. Leis an gcomhairle sin, cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le ról na gCoistí Sainchomhairleachta Míchumais de chuid na roinne agus breithniú á dhéanamh ar na gníomhartha atá leagtha ar gach roinn ar leith, agus na deiseanna tá ann teacht ar réitigh ar bhealach comhoibríoch. D'ullmhaigh

an NDA réimse dréacht-táscairí maidir le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar foriomlán na Straitéise le linn a saolré. Cuirfear na táscairí sin i bhfeidhm chun dul chun cinn a thomhas sna príomhréimsí, e.g. fostaíocht, leibhéil ghnóthachtála oideachais, rochtain ar sheirbhísí sláinte agus cúraim, etc. agus soláthróidh siad forléargas ar na difríochtaí a tháinig mar thoradh ar an Straitéis seo i saol daoine faoi mhíchumas.

Suirbhé Náisiúnta ar Dhearcadh an Phobail i leith an Mhíchumais in Éirinn

I mí na Samhna 2017, sheol an tAire Stáit a bhfuil freagracht air i leith Míchumais, Finian McGrath, an Suirbhé Náisiúnta ar Dhearcadh an Phobail i leith an Mhíchumais in Éirinn. Is é sin an ceathrú suirbhé dá chuid arna réachtáil ag an NDA ó bhí 2001 ann, agus tugann sé sárleiriú ar dhearcadh an phobail i leith an mhíchumais agus ar na hathruithe atá tagtha ar an dearcadh sin le himeacht ama. Choimisiúnaigh an NDA suirbhé ionadaíoch go náisiúnta inar ghlac 1,294 duine fásta páirt. An cuspóir a bhí leis an suirbhé ná iniúchadh a dhéanamh ar thuiscint an phobail ar an míchumas, agus dearcadh ar fud na gcineálacha éagsúla míchumais agus réimsí saoil a thomhas e.g. san oideachas, sa saol oibre, ag maireachtáil sa phobal, caidrimh agus folláine shóisialta i gcás daoine faoi mhíchumas agus i gcás daoine nach bhfuil faoi mhíchumas.

Léirítear sa suirbhé go bhfuil méadú tagtha ar an dearcadh dearfach i leith daoine faoi mhíchumas i ngach ceann de na catagóirí sa suirbhé nuair a chuirtear na torthaí i gcomparáid le torthaí shuirbhé 2011 agus go bhfuil sé tar éis filleadh ar, nó tar éis éirí níos airde ná, an dearcadh a bhí ann in 2006. Cé go bhfuil dearcadh níos dearfaí ann i leith fadhbanna meabhairshláinte, baineann dearcadh níos diúltaí le meabhairghalair ná mar a bhaineann le míchumas ar bith eile áfach, rud atá ag teacht le suirbhéanna idirnáisiúnta. Thug an suirbhé chun suntais freisin an riachtanas a bhaineann le deiseanna fostaíochta a mhéadú i gcónaí agus oideachas ionchuimsitheach do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn.

Tá sonraí an tsuirbhé curtha i dtaisce i gCartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann, agus féadfaidh siad a bheith ina n-acmhainn luachmhar do thaighdeoirí eile sa réimse sin.

Athbhreithniú ar Fheidhmiú Chuid 4 den Acht um Míchumas

I mí na Nollag 2013, d'iarr an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an Údarás Náisiúnta Míchumais athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú Chuid 4 den Acht um Míchumas 2005, mar a shainítear in Alt 44 den Acht sin.

Rialaíonn Cuid 4 den Acht um Míchumais tástáil ghéiniteach i roinnt réimsí lena n-áirítear árachas, fostaíocht agus morgáistiú réadmhaoine, trí chosc a chur ar shonraí géiniteach sna réimsí sin a phróiseáil. Is é is aidhm leis na forálacha ná a chinntiú nach mbeidh daoine a bhféadfaidh neamhord géiniteach a bheith orthu faoi réir ceanglas míréasúnach ar bith ó fhostóir nó ó sholáthraí árachais nó morgáiste.

Reáchtáil an NDA seimineár agus comhairliúchán maidir le Cuid 4 den Acht i mí Mheán Fómhair 2014. Tharraing cuid de na haighneachtaí comhairliúcháin saincheisteanna casta dlí aníos, saincheisteanna a bhain le hidirdhealú, leis an gCoinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, agus le comhlachtaí árachais ag baint leas as stair an teaghlaigh. Fuair an NDA comhairle fhorleathan dlí le linn a bhreithnithe ar na saincheisteanna sin mar chuid den athbhreithniú.

In Aibreán 2016, ghlac an AE an Rialachán um Shonraí Ginearálta a Chosaint. Cuirfear i bhfeidhm é ar an 25 Bealtaine 2018 i ndiaidh idirthréimhse dhá bhliain. Mar chuid den Rialachán um Shonraí Ginearálta a Chosaint, tá forálacha maidir le sonraí géiniteacha a bhaineann le feidhmiú Cuid 4 den Acht a chosaint. Fuair, agus rinne an NDA breithniú ar, chomhairle dlí maidir le hiarmhairtí féideartha na bhforálacha ar chosaintí i gCuid 4 den Acht. Tá an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ag obair ar Bhille um Chosaint Sonraí chun an Rialachán a chur chun feidhme.

In 2017, cuireadh torthaí agus comhairle an NDA de dhroim an athbhreithnithe ar Chuid 4 faoi bhráid an Uasail Finian McGrath, TD, an tAire a bhfuil freagracht air i leith Míchumais.

Taighde a rinneadh ar an dea-chleachtas chun bonn eolais a chur faoi chomhairle agus faoi chur chun feidhme

Comhdháil Bhliantúil 2017

Reáchtáladh comhdháil bhliantúil an NDA don bhliain 2017 ar an 25 Deireadh Fómhair i mBaile Átha Cliath agus bhain an téama ‘Mo bhealach féin a dhéanamh: tacú le maireachtáil fhéinthreoraithe sa phobal’. Ba é Finian McGrath, TD, an tAire Stáit a bhfuil freagracht air i leith Míchumais, a chuir tús leis an gcomhdháil.

Rinneadh breithniú ag an gcomhdháil ar réimse cur chuige maidir le tacaíochtaí oiriúnaithe agus indibhidiúlaithe do dhaoine faoi mhíchumais atá ag maireachtáil sa phobal, lena n-áirítear trí bhuiséid phearsantaithe dóibh

siúd a d'fhéadfadh iad sin a roghnú chun a rogha tacaíochtaí a mhaoiniú. I measc na gcur chuige a ndearnadh breithniú orthu, bhí comhordú ceantair áitiúil, micreacláir agus ciorcail tacaíochta. Seo cuid de na cainteoirí idirnáisiúnta a bhí i láthair: Caroline Tomlinson, Comhlach de In-Control (UK); Mary-Lou Bourne, Stiúrthóir de Chumann Náisiúnta Stiúrthóirí Stáit na Seirbhísí Forbartha Míchumais (SAM); Ralph Broad, Stiúrthóir Inclusive Neighbourhoods Ltd (RA); Linda Perry, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Vela Micro-boards (Ceanada).

Chomh maith leis na príomhchuir i láthair, chuir sraith ceardlanna béim faoi leith ar gach sraith tacaíochta, le hionchur ó dhaoine faoi mhíchumas a raibh taithí saoil acu ar na cineálacha tacaíochta sin, chomh maith le lucht ceaptha beartas agus soláthraithe seirbhíse.

D'fhreastal breis agus 140 duine ar an imeacht, agus bhí ionadaithe ann ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, chomh maith le soláthraithe seirbhíse, cleachtóirí, agus daoine faoi mhíchumas. Tá cuir i láthair na comhdhála le fáil ar shuíomh Gréasáin an NDA, agus bhí an t-imeacht ina chabhair maidir le bonn eolas a chur le breithnithe an Tascfhórsa Náisiúnta um Buiséid Phearsantaithe, atá lena tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire sa chéad ráithe de 2018.

Samhlacha dea-chleachtas maidir le tacaíocht éifeachtach a thabhairt do riachtanais daoine fásta a bhfuil Uathachas gan Mhíchumas Intleachtúil Comhthráthach orthu, agus iad ag maireachtáil sa Phobal

Rinne an NDA taighde taiscéalaíoch chun teacht ar fhianaise faoi dhea-chleachtas, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, maidir le tacaíocht éifeachtach a thabhairt do riachtanais daoine fásta a bhfuil uathachas gan mhíchumas intleachtúil comhthráthach orthu agus iad ag maireachtáil sa phobal. Roinneadh an tuarascáil leis an Roinn Sláinte chun bonn eolas a chur le hathbhreithniú FSS ar sheirbhísí uathachais agus foilsíodh in 2017 í.

Sa tuarascáil, déantar scrúdú ar thorthaí na gcomhairliúcháin a rinneadh le roinnt blianta anuas le páirtithe leasmhara éagsúla maidir leis an uathachais in Éirinn. Bhí na comhairliúcháin sin tar éis roinnt bearnaí a léiriú ó thaobh fáil agus inrochtaineacht seirbhísí do dhaoine fásta a bhfuil uathachais orthu gan mhíchumas intleachtúil. Aithnítear riachtanais shonracha daoine fásta a bhfuil uathachais orthu nach ndéantar freastal orthu go minic de dheasca easpa feasachta nó easpa inniúlachta i measc na soláthraithe seirbhíse i leith an uathachais, rud a chiallaíonn nach n-éiríonn le go leor daoine fásta a

bhfuil uathachas gan mhíchumas intleachtúil orthu lán an mhianaigh atá iontu a bhaint amach.

Fuair an tuarascáil seo go bhfuil easpa taighde i gcoitinne ann, agus mar thoradh air sin, easpa fianaise, maidir le cumraíocht optamach seirbhísí agus na tacaíochtaí is éifeachtaí agus is éifeachtúla atá riachtanach chun a chinntiú gur féidir le daoine fásta a bhfuil uathachas gan míchumas intleachtúil orthu saol chomh neamhspleách agus chomh sásúil agus is féidir a bheith acu. Samhlacha féideartha ar éirigh leo sa Ríocht Aontaithe ná sainfoirne uathachais agus 'Mionionaid Uileghnó'. Bíonn sé mar aidhm ag na sainfoirne saineolas speisialaithe áitiúil a chur ar fáil do sheirbhísí príomhshrutha. Bíonn sé mar aidhm ag na Mionionaid Uileghnó atreoruithe neamhriachtanacha go seirbhísí speisialaithe a chosc i gcás daoine a bhfuil uathachas orthu trí thacaíocht a sholáthar agus úsáideoirí seirbhísí a chur chuig seirbhísí ábhartha príomhshrutha.

Cé gur teoranta na sonraí atá i gceist, tugann an fianaise le fios go mbíonn torthaí níos fearr ag daoine fásta a bhfuil uathachas gan míchumas intleachtúil orthu nuair a bhíonn teacht acu ar shainfoirne. Tá roinnt fianaise ann gur féidir le leibhéal íseal tacaíochta leanúnaí do dhaoine fásta a bhfuil uathachas gan míchumas intleachtúil orthu imní agus crá a chosc, agus an gá a bhíonn le tacaíocht chostasach ghéarchéime a chealú.

As an taighde seo, eascraínn moltaí tuilleadh oibre a dhéanamh chun éifeachtúlacht na samhlacha éagsúla seirbhíse a thuiscint, agus tuiscint níos soiléire a fháil ar na seirbhísí is gá a bheith ar fáil agus cé ba cheart na seirbhísí sin a chur ar fáil. Thug an obair chun suntais freisin an gá atá le tuilleadh oiliúna i gcás oibríthe seirbhíse poiblí a bhíonn ag déileáil le daoine a bhfuil uathachas orthu, idir oiliúint chun feachtas a mhúscailt agus dian-oiliúint i gcás daoine a bhíonn i dteagmháil ar bhonn rialta le daoine a bhfuil uathachas orthu.

Gradam Boinn Óir do Thaighde ar Mhíchumas

D'fhorbair an NDA scéim chun taighde cainníochtúil ardcháilíochtúil maidir le míchumas in Éirinn a spreagadh agus luach saothair a thabhairt dá bharr. Níor tugadh dámhachtain ar bith in 2017 agus meastar gur ghá athbhreithniú a dhéanamh sula ndéanfar an scéim a leathnú amach.

Scéim um Chur chun Cinn Taighde 2017/2018

Tríd a Scéim um Chur chun Cinn Taighde, spreagann an NDA gníomhaíocht taighde agus sármhaitheas a spreagadh san earnáil agus

tugann sé tacaíocht chun taighde a chur ar aghaidh faoi théamaí roghnaithe. In 2017, lorgaíodh iarratais maidir le dhá théama, agus i mbliana an chéad bhliain a bhí téama a bhain leis an Dearadh Uilíoch mar chuid den scéim. Roghnaíodh na téamaí seo a leanas: ‘Pobail saoil a chur ar aghaidh tríd an Dearadh Uilíoch’ agus ‘Imeascadh pobail daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a thacú go éifeachtach ‘.

Fuarthas réimse éagsúil tograí taighde maidir leis an téama ‘Pobail saoil a chur ar aghaidh tríd an Dearadh Uilíoch’ agus roghnaíodh dhá thionscadal lena maoiniú:

- Imscrúdú ar Dhearadh Uilíoch teicneolaíochtaí braite titime sa theach cliste agus ar a dtionchar ar phobail saoil, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Amictia
- Mionchíoradh a dhéanamh ar eispéiris teaghlaigh de sholáthar áitiúil áiseanna spraoi i bpáirceanna agus clóis spraoi poiblí/pobail agus cur chun feidhme phrionsabail an Dearaidh Uilíoch i bpáirceanna agus i gclóis spraoi faoin aer, Ollscoil Chorcaí

Is léiriú iad na tionscadail arna maoiniú faoin téama ‘Imeascadh pobail a chur chun cinn agus a thacú’ ar an gcomhthéacs atá ag athrú ina gcuirtear seirbhísí míchumais ar fáil, chomh maith le samplaí dearfacha a chur ar fáil ina léirítear daoine faoi mhíchumas ag maireachtáil go hionchuimsitheach sa phobal. Áirítear leo sin:

- Staidéar ina ndéantar imscrúdú ar sheachadadh seirbhísí lae a bhaineann leas as múnla seirbhíse atá bunaithe ar an gclár *New Directions*, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Imscrúdú a dhéanamh ar an méid atá pleananna duine-lárnach tar éis imeascadh pobail a chur chun cinn i gcás daoine a bhfuil míchumais intleachtúla orthu, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- 19 cás-staidéar a bhaineann le daoine a bhfuil míchumais intleachtúla orthu ag maireachtáil in Éirinn a chur i láthair, agus samplaí tugtha iontu d’eispéiris saoil an ionchuimsithe shóisialta, chomh maith le príomhtheachtaireachtaí beartais a aithint chun ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn i bhfianaise na cás-staidéir sin, Inclusion Ireland

Foilseofar tuarascálacha taighde ar gach ceann de na tionscadail thuasluaite in 2018 agus cuirfidh taighdeoirí a dtorthaí faoi bhráid an NDA agus páirtithe leasmhara ábhartha.

Fostaíocht daoine faoi mhíchumais a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar fhostaíocht daoine faoi mhíchumais sa tseirbhís phoiblí

Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Lean an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le tacaíocht agus treoir a thabhairt do chur chun feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2017. Airítear leis sin rannpháirtíocht le ranna agus gníomhaireachtaí, chomh maith le comhairle a thabhairt trí a bhallaíocht den Ghrúpa Cur chun Feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta. Tá sé de chúram an Ghrúpa monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh chur chun feidhme na straitéise agus tá cathaoirleach neamhspleách, Fergus Finlay, ina bhun.

Sna páipéir chomhairle a chuir an NDA faoi bhráid an Ghrúpa in 2017, aithnítear cuir chuige éagsúla maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus breithniú a dhéanamh ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna nó deacrachtaí atá tar éis teacht chun cinn i gcaitheamh an phróisis cur chun feidhme. Trí chur chuige téamach a ghlacadh i leith chruinnithe an ghrúpa sin in 2017, rinneadh cinnte go raibh béim shoiléir ar phríomhréimsí na Straitéise, lena n-áirítear: ceisteanna maidir leis an bpróiseas trasdulta a láimhseáil; bealaí chun rannpháirtíocht fostóirí a fheabhsú; agus tuarascáil an ghrúpa 'Make Work Pay'. Rinne an NDA measúnú neamhspleách ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme na Straitéise agus chun réimsí in a bhfuil gá le feabhsú sa bhliain dheireanach den phlean gníomhaíochta 3 bliana.

Bealaí eile chun daoine faoi mhíchumas a earcú

In 2017, chuir an NDA taighde ar aghaidh faoi dhea-chleachtas san earnáil phoiblí ó thaobh fostaíochta de agus faoin acmhainneacht a bhaineann le socrúcháin oibre agus intéirneachtaí mar bhealach earcaíochta san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. D'oibrigh sé i dlúthchomhar leis an Roinn Airgeadais, leis an Roinn Cateachais Phoiblí agus leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun foghlaim a mholadh chun bonn eolais a chur le breithnithe todhchaí maidir le fórsa saothair a phleanáil agus comórtais seirbhíse poiblí a reáchtáil. Chuir an NDA béim ar an tábhacht a bhaineann le feachtais earcaíochta a bhreithniú go cúramach chun deimhin a dhéanamh nach ndéanann siad daoine faoi mhíchumas a choinneáil amach. Agus feabhas ag teacht ar an ngeilleagar i gcónaí, measann an NDA go bhféadfadh deis a bheith ann coincheap na n-intéirneachtaí agus na

bprintísigh a fhorbairt ionas gur féidir conarthaí fadtéarmacha teacht astu, nuair is iomchuí. I mí na Bealtaine 2017, reáchtáil an NDA seimineár maidir leis na saincheisteanna sin, agus bhí buaicphointí dea-chleachtais ó Chomairle Cathrach Bhéal Feirste agus an clár meantóireachta AHEAD WAM (Willing and Able) mar chuid díobh.

An tSeirbhís Eolais d'Fhostóirí maidir le Míchumas

Ba é 2017 an dara bliain iomlán den tionscnamh píolótach d'fhostóirí, arna mhaoiniú ag an NDA. Is seirbhís comhairle agus tacaíochta idir piaraí í, arna bainistiú ag cuibhreannas de chomhlachtaí fostóirí a chuimsíonn ISME, IBEC agus Comhlachais Tráchtála na hÉireann. Is é is aidhm leis an tseirbhís ná cabhrú le fostóirí feasacht agus muinín níos fearr a bheith acu maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú. In 2017, d'earcaigh an líonra bainisteoir nua tionscadail agus comhaontaíodh clár oibre don chuid eile den téarma píolótach. Tá feasacht ar an tionscnamh ag méadú i gcónaí, agus 7,300 duine tar éis féachaint ar an suíomh Gréasáin in 2017 agus méadú seasta ann ó thaobh leantóirí ar na meáin shóisialta de. Tá an cuibhreannas ag obair freisin chun líonraí fostóirí idir piaraí a chothú chun gur fusa a bheidh sé comhairle, faisnéis agus eispéiris a chomhroinnt. Faoi dheireadh 2017, bhí 24 fostóir páirteach i líonra idir piaraí. Tá imeacht á phleanáil ag an gcuibhreannas chun na deiseanna d'fhostóirí daoine faoi mhíchumas a earcú a thabhairt chun suntais. Reáchtálfar i Márta 2018 é agus glacfaidh na baill sin den líonra páirt ann.

Ba chúis áthais don NDA imeacht roinnte eolais a bhí á reáchtáil ag Fiontraíocht Éireann a éascú in Aibreán 2017. Mar chuid den imeacht sin, thug an Fóram Gnó na Ríochta Aontaithe maidir le Míchumas léargas ar a eispéiris ó thaobh tacaíochta a thabhairt d'fhostóirí dea-chleachtas a ghlacadh agus a bheith réamhghníomhach maidir le daoine faoi mhíchumas a earcú agus a choinneáil ina bhfórsa saothair.

Sa ráithe deireanach de 2017, choimisiúnaigh an NDA athbhreithniú piaraí ar an Tionscnamh chun bonn eolais a chur le planáil forbartha ar bith a dhéanfar i ndiaidh na céime píolótaí. Beidh teacht ar thuarascáil na hathbhreithnithe sin go luath in 2018.

Athinmheachán Gairme

D'fhoilsigh an NDA a staidéar coimisiúnaithe ar 'Dea-chleachtas maidir le hAthinmheachán Gairme' in 2017 agus scaipeadh an tuarascáil mionsonraithe ar chleachtais ar fud 12 Dhlínse do 70 príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill den tionscnamh Éire Sláintiúil. Ba chúis áthais

dúinn gur cuireadh san áireamh ann gníomh sonracha chun comhairle beartais a fhorbairt maidir le samhail náisiúnta um athinmheachán gairme lena breithniú ag na ranna rialtais ábhartha sa Straitéis Náisiúnta um Dhaoine faoi Mhíchumais a lonchuísiú. Tá tús curtha lenár gcuid oibre chun an comhairle beartais sin a fhorbairt le sraith plé le gairmeacha gaolmhara sláinte a bhfuil ról acu a bhaineann le hathinmheachán gairme, lena n-áirítear na córais mhíochaine agus néara-athinmheacháin, agus leanfaidh an próiseas rannpháirtíochta ar aghaidh in 2018.

Trasdulta Fostaíochta

Agus aitheantas á thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le trasdulta gan castacht ag príomhchéimeanna den saol chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas fostaíochta a fháil agus a choinneáil, d'eagraigh an NDA imeacht seimineáir maidir leis an téama seo in Aibreán 2017. An tAire Stáit a bhfuil freagracht air i leith Míchumais, Finian McGrath, TD, a chuir tús leis an imeacht, agus sárthaispeántas a bhí ann ar thaighde a choimisiúnaigh an NDA maidir le trasdulta fostaíochta, bunaithe ar shonraí atá ar fáil sa Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlaigh (QNHS) idir 2010 agus 2015. Tugtar chun suntais sa taighde, arna dhéanamh ag an ESRI, chomh dóchúil is atá sé go n-aistreoidh daoine faoi mhíchumais amach as an margadh saothair in aon ráithe i gcomparáid lena gcomhghleacaithe nach bhfuil faoi mhíchumas agus mar an gcéanna tá seans níos ísle ann go nglacfaidh siad páirt sa saothar margaidh. Is riachtanach go mbeidh na sonraí sin ar fáil chun bonn eolais a chur le breithnithe i measc ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha chun dul i ngleic leis an difríocht sin. Mar chuid den imeacht seimineáir sin, rinneadh cur i láthair ar staidéar cáilíochtúil ar an trasdul idir an t-oidéachas agus fostaíocht, arna dhéanamh ag foireann taighde lonnaithe in OCBÁC agus faoi stiúir na Scéime um Chur Chun Cinn Taighde de chuid an NDA in 2014. Ar deireadh, d'fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí torthaí suirbhé a rinneadh in 2015 orthu siúd a fhaigheann an Liúntas Míchumais. Léirítear sna torthaí sin go mbeadh suim ag breis agus aon trian de na daoine a ghlac páirt sa suirbhé post a thógáil dá mbeadh imthosca oiriúnacha i gceist.

Fostaíocht faoi Thacaíocht

In 2017, lean an NDA den ghrúpa oibre idir-rannach a éascú chun Gníomh 5.1 den Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta a chur ar aghaidh. Chuir an gníomh sin de cheangal ar ranna rialtais agus ar FSS comhar a dhéanamh chun cur chuige beartais comhordaithe agus plean cur chun feidhme gaolmhar a fhorbairt chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais ardtacaíochta orthu, fostaíocht a fháil agus a

choinneáil. Cuimsítear sa ghrúpa oibre oifigigh ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus, ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón Roinn Sláinte agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Le linn 2017, tugadh chun críche agus comhaontaíodh gnéithe den bheartas mar seo a leanas:

- Tréimhse ullmhúchán chomhordaithe agus éifeachtach don fhostaíocht a chur ar fáil ionas gur féidir le daoine seans níos fearr a bheith acu rochtain a fháil ar fhostaíocht, trí gníomhartha ábhartha na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta a chur chun feidhme agus próisis trasdulta éifeachtacha a aithint tríd an gClár Ábaltachta nua;¹
- Beartas comhlántach a chur ar fáil maidir le tacaíochtaí a sholáthar chun fostaíocht a fháil agus a choinneáil;
- Prótacail éifeachtacha a fhorbairt maidir le comhoibriú idir Ranna agus Gníomhaireachtaí chun tacú le daoine faoi mhíchumais ar a mbealach chun na hoibre, anois agus de réir mar a chuirtear an beartas chun feidhme.

Foilseofar an tuarascáil agus an plean um chur chun feidhme in 2018.

Make Work Pay

D'fhoilsigh an grúpa oibre idir-rannach maidir le Make Work Pay a thuarascáil in Aibreán 2017 agus réimse 24 ceist inti a forbraíodh chun aghaidh a thabhairt ar an eagla a bhí ag daoine áirithe faoi mhíchumas go bhféadfáidís a bheith níos measa as ó thaobh airgid de i ndiaidh dóibh post a fháil. Bhí an NDA ina chomhalta den ghrúpa oibre sin agus is cúis áthais do lucht an Údaráis a mhéid is atá go leor de na moltaí á gcur chun feidhme cheana féin, lena n-áirítear: bearta chun an neamhaird ar thuilleamh a ardú i gcás daoine a bhfuil liúntas míchumas á fháil acu agus ar mhaith leo post a fháil; bearta chun a chinntiú gur féidir an cárta leighis a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ar filleadh ar an obair; a chinntiú go ndéanfar próisis a chuíchóiriú chun íocaíochtaí a fháil arís go pras mura n-éiríonn leis an bpost; comhairliúchán comhdheartha maidir le moltaí chun

¹ Is éard atá sa Chlár Ábaltachta ná clár nua arna mhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus Ciste Sóisialta na hEorpa. Tacóidh an Clár le daoine óga faoi mhíchumais (15-29 bliana d'aois) a gcuid infhostaitheachta a fheabhsú trí réimse tacaíochtaí duine-lárnach a chur i bhfeidhm. Iarrtar anois ar eagraíochtaí iarratais a chur isteach ar mhaoiniú chun tacaíochtaí nuálacha a chur ar fáil chuige sin.

athbhreithniú a dhéanamh ar an líuntas míchumais i gcomhréir le tiomantas chun dóchas a thabhairt do dhaoine óga faoi chúrsaí fostaíochta.

D'oibrigh an NDA go dlúth leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí sa dara leath de 2017 chun próiseas comhairliúcháin forleathan a dhearadh i gcomhar le daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí leanaí faoi mhíchumas, agus ionadaithe earnála, maidir le rannpháirtíocht luath le daoine faoi mhíchumas. Cuirfear an comhairliúchán sin ar aghaidh in 2018.

Dóchas a Thabhairt i measc daoine 16-25 bliana d'aois

D'oibrigh an NDA i gcomhar le FSS le linn 2017 chun an tábhacht a bhaineann le teachtaireachtaí dearfacha a thabhairt do dhaoine óga faoi mhíchumas a chur chun cinn ar mhaithe le béim a chur ar a n-acmhainneacht. I measc na hoibre a rinneadh sa réimse seo, rinneadh iniúchadh ar eispéiris daoine óga faoi mhíchumas agus rinneadh suirbhé ar dhearcadh agus cleachtais gairmithe sláinte agus gairmithe gaolmhara. Cuirfear deireadh leis an tionscadal seo in 2018 nuair a forbrófar treoirlínte dea-chleachtais do ghairmithe maidir le teachtaireachtaí dearfacha a sheachadadh agus dóchas daoine óga faoi mhíchumas a chur chun cinn.

Tuarascáil maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí

Tá feidhm reachtúil ag an NDA monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas laistigh den earnáil phoiblí bunaithe ar thuarascálacha a cuireadh isteach chuig Ranna agus comhlachtaí poiblí. Cuireadh tuarascáil 2016 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i mí na Samhna 2017. Tugadh le fios sa tuarascáil, cé gur tháinig méadú in 2016 ar líon na ndaoine faoi mhíchumais fostaíthe san earnáil phoiblí, go raibh an céatadán tar éis titim ó 3.6% go 3.5%. Léirigh an tuarascáil maolú leanúnach ó thaobh na srianta ar earcaíocht san earnáil phoiblí. Tá an NDA ag obair go gníomhach le Ranna agus comhlachtaí poiblí chun spriocanna fostaíochta arna leagan amach sa Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta a chur ar aghaidh agus chun treoir agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le bealaí inar féidir a chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas leas a bhaint as deiseanna breise fostaíochta.

D'ullmhaigh agus scaip an NDA treoir céim ar chéim do chomhlachtaí poiblí chun cabhrú leo a bhfoirmeacha reachtúla a chomhlánú mar is ceart. Chuir an NDA sheisiúin oiliúna ghearra ar fáil freisin le haghaidh grúpaí de

chomhlachtaí poiblí, ach á a iarraidh, chun dul tríd an treoir sin leo agus chun aon cheist bhreise a bhí acu a fhreagairt Ghlac go leor comhlachtaí leis an tairiscint sin in 2017.

Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005 - Comhlíonadh

I rith 2017, bhí an NDA rannpháirteach le roinnt comhlachtaí poiblí móra nach raibh an sprioc de 3% bainte amach acu i rith 2014 agus 2015. Breithneofar faisnéis bhreise a iarrtar ó na comhlachtaí sin i ndáil le haon ghníomhartha a ghlacfaidís le linn na tréimhse dhá bhliana sin chun comhlíonadh a chur chun cinn, déanfar an breithniú sin ionas go dtabharfar treoir d'aon chinneadh maidir le neamhchomhlíonadh.

Leanfaidh an NDA ar aghaidh ag obair leis na comhlachtaí seo maidir leis na bearta sonracha a fhéadfaidh siad a dhéanamh chun comhlíonadh an Achta a chur chun cinn. Tugaimid faoi deara freisin na feabhsuithe a fhéadtar feiceáil cheana féin sna figiúirí do 2017.

Tacú le comhlachtaí poiblí chun méadú a chur ar earcaíocht de dhaoine faoi mhíchumas

Leanann an NDA le treoir a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí maidir le méadú a chur ar líon na ndaoine faoi mhíchumas a earcaíonn siad agus a choimeádann siad. Bhuail an NDA le roinnt comhlachtaí poiblí lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus Uisce Éireann chun aon dúshláin atá acu a thuiscint agus comhairle a thabhairt dóibh maidir leis na bearta dearfacha a d'fhéadfadh siad a ghlacadh chun tacú le baill foirne faoi mhíchumas agus chun timpeallacht oibre uilechuimsitheach a bhaint amach.

Méadú a chur ar an sprioc fostaíochta reachtúil de réir a chéile

Sa Straitéis Fostaíochta Cuimsitheach do Dhaoine faoi Míchumas le haghaidh 2015 - 2024, tá an Rialtas tiomanta do mhéadú a chur ar an sprioc reachtúil de réir a chéile maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú ó 3% go dtí 6% ar a laghad san earnáil phoiblí faoin 2024.

Sonraítear an tiomantas seo freisin i ngníomh 49 den Phlean Straitéise Náisiúnta um Ionchuimsiú Míchumais 2017-2020 ina luaitear go n-ardóidh na Ranna Rialtais ábhartha go léir sprioc fostaíochta na hearnála poiblí maidir le daoine faoi mhíchumas de réir a chéile faoin 2024, agus cuirfear an sprioc seo isteach i ngach pleanáil agus earcaíocht i leith lucht saothair na seirbhíse poiblí.

Chuir an NDA faisnéis faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag cur in iúl go bhféadfaí an sprioc fostaíochta reachtúil a mhéadú tríd úsáid a bhaint as an gcur chuige céimnithe seo a leanas:

- Faoin 2019, ní mór do gach comhlacht poiblí a chinntiú go bhfuil 4% dá bhfostaithe ar a laghad faoi mhíchumas
- Faoin 2021, ní mór do chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil 5% dá bhfostaithe ar a laghad faoi mhíchumas
- Faoin 2023, ní mór do chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil 6% dá bhfostaithe ar a laghad faoi mhíchumas

Comhairle ar chur i bhfeidhm an chlár chomhaontaithe ar athrú ar na seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas chun níos mó rogha agus smachta a thabhairt do dhaoine aonair ina ngnáthshaol laethúil

Le linn 2017 lean an NDA ar aghaidh le tacú le cur i bhfeidhm na dtiomantas atá leagtha amach i raon de straitéisí chun seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais a bhunathrú go tacaíochtaí a ligean do dhaoine faoi mhíchumas saol maireachtála dá rogha féin a bheith acu sa phobal. Leagtar amach iad seo thíos.

An Tascfhórsa ar Bhuiséid Phearsantaithe

Bhunaigh an tAire Tascfhórsa ar Bhuiséid phearsantaithe maidir le saincheisteanna míchumais ag deireadh na bliana 2016 i gcomhréir leis an tiomantas atá i gClár an Rialtais chun níos mó smachta, neamhspleáchais agus rogha a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá sé de dhualgas ar an Tascfhórsa moltaí a fhorbairt chun beartas náisiúnta a threorú maidir le buiséid phearsantaithe, atá dírithe go príomha ar réimse na seirbhísí sóisialta pearsanta arna maoiniú ag FSS. Cuimsítear dhá chuid sa Tascfhórsa:

- Grúpa Straitéise atá freagrach as moltaí a fhorbairt maidir le beartas a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm, ina bhfuil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ina chomhalta; agus
- Grúpa Comhairle agus Comhairliúcháin a bhfuil Stiúrthóir an Údaráis Náisiúnta Míchumais mar chathaoirleach air, a sholáthraíonn feidhm rúnaíochta don Ghrúpa seo chomh maith. Is é ról an Ghrúpa

comhairle agus ionchur a sholáthar don Ghrúpa Straitéise nuair a iarrtar air chun tacaíocht a thabhairt don Ghrúpa sin lena chuid oibre.

Le linn 2017, d'fhorbair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais roinnt páipéir chomhairle ar bhuiséid phearsantaithe chun eolas a thabhairt do bhreithniú an Ghrúpa Straitéise d'fhonn tuilleadh a chur lena chuid taighde a rinne sé roimhe sin. Áiríodh leis seo: meastóireacht ar leitheadúlacht na socrúithe buiséadacha pearsanta atá ann faoi láthair; sintéis de thaighde ábhartha faoi na príomhréimsí oibre don ghrúpa Straitéise; plépháipéar ar na prionsabail, na luachanna agus na treoirlínte a d'fhéadfadh a bheith mar bhunús le córas buiséid phearsantaithe; plépháipéar maidir le húsáid na mbuiséad pearsantaithe chun baill teaghlaigh a íoc.

In 2016, rinne an NDA taighde a choimisiúnú maidir leis an gCur i bhFeidhm de Leithdháileadh Acmhainní chun foghlaim ó dhlínsí eile a aithint. Cuireadh i gcrích agus foilsíodh an tuarascáil seo in 2017 agus roinntear é leis an Tascfhórsa chun eolas a thabhairt dá phléití. Sa taighde, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le bainistíocht a dhéanamh ar an tabhairt isteach de chórais mhaoinithe aonair thar tréimhse réasúnta ama, agus an gá atá ann le maoiniú imfhálaithe chun tacú leis an aistriú. D'éascaigh an NDA seacht gcruinniú den Ghrúpa Comhairle agus Comhairliúchán in 2017 trí ról an Chathaoirligh agus an Rúnaí. Leis an tacaíocht seo, d'fhorbair an Grúpa Comhairle agus Comhairliúcháin roinnt páipéar chun eolas a thabhairt do bhreithniú an Ghrúpa Straitéise, lena n-áirítear páipéar ar na tacaíochtaí a bheadh riachtanach do dhaoine faoi mhíchumas chun iarratas a dhéanamh orthu agus chun buiséad pearsantaithe a úsáid.

Thug an NDA tacaíocht don Roinn Sláinte freisin maidir le comhairliúchán ar Bhuiséid Phearsantaithe a eagrú agus a éascú ag ceithre imeacht comhairliúcháin réigiúnacha sa Chabhán, i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh. Leis an aiseolas a fuarthas ó na himeachtaí seo, tabharfar eolas do bhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil dheiridh an Tascfhórsa, a chuirfear faoi bhráid an Aire Stáit a bhfuil freagracht ar leith aige as Míchumas i bhFeabhra 2018.

Saolta a Bhunathrú chun Feabhais

Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ina bhall de Ghrúpa Stiúrtha na Roinne Sláinte a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm na moltaí den Athbhreithniú ar Luach ar Airgead agus ar Bheartais ar Sheirbhísí Míchumais in Éirinn. Tugadh an t-ainm Saolta a Bhunathrú chun Feabhais ar an gclár cur chun feidhme seo. Chomh maith le bheith ina ionadaí ar an nGrúpa Stiúrtha, suíonn an NDA ar roinnt do na foghrúpaí atá ceaptha

chun a chur chun feidhme a chur chun cinn trí thionscadail, agus tugann sé tacaíocht do na foghrúpaí sin chomh maith.

I measc na saothar sonracha a rinneadh sa chomhthéacs seo bhí:

- Tuairisciú a dhréachtú maidir le réamháisnéis a thabhairt maidir le riachtanas seirbhíse sa todhchaí i bhfianaise forbairtí déimeagrafacha, agus obair ar mheastóireacht agus costas de shamhail seirbhíse nua
- Chun cur le taighde, rinneadh obair chun tacú le forbairt de Chreat Pleanála Dírithe ar an Duine, faoin gclár Treonna Úra, a úsáidfeadh ar fud na seirbhísí míchumas go léir. Cuirfeadh an creat seo i gcrích le linn 2018.
- Rannpháirtíocht leanúnach le FSS agus an Roinn maidir le creat náisiúnta faisnéise/sonraí do sheirbhísí míchumais.
- Chun tuilleadh a chur le taighde a rinne an NDA roimhe seo bhí forbairt de chreat náisiúnta maidir le torthaí a faomhadh le haghaidh seirbhísí míchumais. Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag déanamh dul chun cinn anois chun torthaí a thomhas do dhaoine faoi mhíchumas agus chun tacaíocht a thabhairt do dhearbhu cáilíochta
- Obair allamuigh leanúnach chun sonraí a bhailiú maidir le costais agus tairbhí na samhlacha nua maireachtála i suíomhanna pobalbhunaithe, i gcomparáid le suíomhanna institiúideacha traidisiúnta

Treonna Úra

Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, mar bhall de Ghrúpa Náisiúnta Cur chun Feidhme FSS um Threonna Úra, rannpháirteach go réamhghníomhach maidir le roinnt príomhfhorbairtí a chur chun cinn, agus rinneadh obair chun tacú le cur i bhfeidhm spriocanna an pholasaí seo, mar shampla,

- Próiseas feabhsaithe chun riachtanais tacaíochta na bhfágálaithe scoile a phróifiliú agus dóibh siúd a thagann as Oiliúint Athshlánúcháin in 2017
- Uirlis fhéinmheasúnaithe a phíolótú do na Treonna Úra um Chaighdeáin Eatramhacha do sheirbhísí lae do dhaoine fásta
- Leagan éasca le léamh de na Caighdeáin Eatramhacha do Threonna Úra a fhorbairt: Seirbhísí agus Tacaíochtaí do Dhaoine Fásta faoi Míchumas.
- Sraith d'Uirlisí Cáilíochta le haghaidh cur i bhfeidhm na bliana 2017 de Chaighdeáin Eatramhacha.

- Próiseas feabhsúcháin cáilíochta leanúnach a fhorbairt chun Caighdeáin eatramhacha do Threonna Úra a chur i bhfeidhm d'fhonn é a rolladh amach in 2018

Teagmháil agus rannpháirtíocht le dhaoine faoi mhíchumas maidir le seirbhísí a fhorbairt

Mar chuid de 'Saoilta a Bhunathrú chun Feabhais', bhí meitheal de chuid FSS i bhfeidhm chun comhairle a thabhairt maidir le córais agus struchtúir ionas go mbeadh guth ag daoine faoi mhíchumas i bpleanáil agus i bhforbairt seirbhísí, agus sna próisis cinnteoireachta maidir le seirbhísí tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas. D'fhonn tacaíocht a thabhairt don obair seo, choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais taighde ar chórais agus ar struchtúir um rannpháirtíocht úsáideora i ndlínsí eile. Cuireadh tús leis an taighde sa dara leath de 2016 agus cuireadh i gcrích tuarascáil dheiridh maidir le teagmháil agus rannpháirtíocht le dhaoine faoi mhíchumas maidir le seirbhísí a fhorbairt agus rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas, agus cuireadh ar fáil é don mheitheal ábhartha i mí na Bealtaine 2017.

Taighde chun faisnéis a thabhairt do chreat náisiúnta um pleanáil atá dírithe ar an duine i seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas

Tá tacaíocht tugtha ag an NDA don FSS chun creat náisiúnta a fhorbairt maidir le pleanáil atá dírithe ar an duine, faoin gclár 'Saoilta a Bhunathrú chun Feabhais'. Rinne an NDA bainistíocht ar 3 shnáithe taighde chun faisnéis a thabhairt don chreat:

- Athbhreithniú ar an litríocht ó fhoilsíodh Treoirínte an NDA maidir le Pleanáil atá Dírithe ar an duine in 2005
- Staidéar iomlán ar shraith de pleananna atá dírithe ar an duine ar nós cás-staidéir ar chleachtas reatha, chomh maith le hagallaimh le príomhfhaisnéiseoirí a bhfuil eolas acu ar phleanáil atá dírithe ar an duine i seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas
- Anailís ar 50 tuairisc iniúchta HIQA chun a fháil amach cad a deirtear faoi phleanáil atá dírithe ar an duine i seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas

Reáchtáladh comhairliúcháin ar dhréacht-chreat agus ar threoir furasta le léamh in 2017 agus cuirfear an creat náisiúnta i gcrích in 2018.

Taighde chun faisnéis a thabhairt do chreat cáilíochta do sheirbhísí míchumais atá dírithe ar thorthaí

Tá tacaíocht tugtha ag an NDA don FSS chun creat um cháilíocht agus torthaí do sheirbhísí míchumais a fhorbairt, faoin gclár 'Saolta a Bhunathrú chun Feabhais'. Bunaithe ar thaighde, mhol an NDA réimsí toraidh maidir le seirbhísí míchumais atá i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Dhaoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) agus na Caighdeáin Eatramhacha le haghaidh Treonna Úra. Leis na naoi réimse toraidh um chaighdeán beatha, léirítear gnéithe de chaighdeán na beatha a aithnítear go forleathan, atá mar an gcéanna do gach duine. Ghlac an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) na réimsí toraidh seo le haghaidh seirbhísí míchumais. Léiríonn an fhianaise go bhfuil buntáistí ag baint le húsáid na dtorthaí agus úsáid de thomhas toraidh, cibé a bhfuil sé le haghaidh pleanáil atá dírithe ar an duine, le haghaidh measúnaithe aonair nó le haghaidh úsáide de KPlanna do mheastóireacht seirbhíse nó nach bhfuil, nuair a dhéantar iad a chomhtháthú ar dea-bhealach i bpróisis dearaidh, seachadta agus feabhsúcháin cáilíochta de sheirbhísí atá dírithe ar an duine.

Leanann an NDA ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt do chreat cáilíochta a fhorbairt do sheirbhísí míchumais atá dírithe ar thorthaí, bunaithe ar thaighde a rinne sé chun faisnéis a thabhairt don chreat.

In 2017, bhí taighde i gceist in obair an NDA chun faisnéis a thabhairt don chreat cáilíochta a fhorbairt. Áiríodh leis an obair seo:

- athbhreithniú scóipe ar an litríocht chun na luachanna, na prionsabail agus an chultúr a bhunú atá riachtanach chun tacú le creata cáilíochta do sheirbhísí míchumais atá dírithe ar thorthaí, agus lena n-áirítear sainmhínte tábhachtacha a bhaineann le dearbhú cáilíochta, feabhsú cáilíochta agus creata cáilíochta, chomh maith le hathbhreithniú ar phríomhcháipéisí reatha
- imscrúdú a dhéanamh ar dhlínsí idirnáisiúnta ina bhfuil na seirbhísí níos forbartha i dtéarmaí córais ailínithe d'fhonn an bunathrú eagrúcháin atá riachtanach chun díriú ar na torthaí is mian linn a bhaint amach. Áiríodh leis seo, scrúdú ar an idirghníomhaíocht idir na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil agus torthaí a bhaintear amach d'fhonn na heilimintí cáilíochta a thacaíonn leis na torthaí a bhaint amach a aithint. I gceist sa taighde bhí athbhreithniú deisce agus agallaimh le príomhfháisnéiseoirí ó gach dlínse, nuair b'fhéidir.

Cuirfear an obair seo i gcrích le linn 2018.

Comhairle ar chaighdeán agus ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas

Lucht Fágála Scoile

Lean an NDA ar aghaidh ag obair le FSS chun uirlis phróifílithe a mhionchoigeartú d'fhágálaithe scoile faoi mhíchumas a iarann ar áiteanna seirbhíse lae do dhaoine fásta, d'fhonn a leibhéal riachtanas tacaíochta a aithint ar bhealach trédhearcach agus comhsheasmhach i ngach ceantar CHO. Cuireann an NDA tacaíocht ar fáil freisin san anailís ar na sonraí a fhaightear sa chleachtadh próifílithe seo. In 2017, rinneadh 1,500 duine a phróifíliú agus ghlac beagnach 1,000 duine áit seirbhíse lae. Leis an obair seo, cuirtear meicníocht ar fáil chun próifíliú na riachtanais tacaíochta, agus dáileadh buiséid ina dhiaidh sin, a chaighdeánú ar fud réigiúin agus cineálacha seirbhíse. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo le linn 2018.

Réamhaisnéis a thabhairt ar riachtanas tacaíochta na todhchaí

Laistigh den chlár Saolta a Bhunathrú chun Feabhais, rinne an NDA anailís ar thaighde agus ar shonraí d'fhonn leibhéal an éilimh ar sheirbhísí míchumais sa todhchaí a réamh-mheas. Leis an obair seo, tugadh tacaíocht do mheitheal FSS a dhéanann breithniú ar na saincheisteanna seo. Sa tuarascáil, rinneadh anailís ar shonraí ar fhachtóirí éagsúla, lena n-áirítear: treochtaí déimeagrafacha; na leibhéil soláthair reatha agus an riachtanas nach gcomhlíontar; riachtanais tacaíochta is dócha a mbeidh ann le haghaidh cineálacha éagsúla míchumais sa todhchaí srl. Tá dréacht-tuarascáil curtha i gcrích chun treoir a thabhairt do FSS maidir le pleanáil a dhéanamh ar sheirbhísí sa todhchaí, lena n-aithnítear líon na ndaoine réamh-mheasta a mbeidh seirbhísí uathu in 2026, chomh maith leis na costais a bhaineann leis na seirbhísí sin a sholáthar a réamh-mheas bunaithe ar chostais reatha .

Meastóireacht a dhéanamh ar chostais agus ar thairbhí na samhlacha seirbhíse

I dtuarascáil FSS 'Time To Move On', leagtar amach plean chun dul i ngleic le maireachtáil chomhchónaithe i dtreo maireachtála tacaíochta sa phobal. Le linn 2017, rinne an NDA i gcomhar le FSS dul chun cinn maidir le clár meastóireachta ollmhór ar chostais agus ar thairbhí de shamhlacha seirbhíse nua atá bunaithe ar an bpobal i gcomparáid le soláthar de sheirbhísí institiúideacha traidisiúnta. Sa tionscadal seo, cuimsítear meastóireacht roimh ré agus ina dhiaidh maidir le caighdeán beatha na ndaoine faoi mhíchumas a chuirtear in institiúidí faoi láthair agus a spriocdhírítear orthu i gcomhar dí-chomhchónaithe luathaithe.

Sa tionscadal seo déantar scrúdú ar na samhlacha tacaíochta le haghaidh 600 duine ar an iomlán, lena ndéantar na costais a bhaineann lena riachtanais tacaíochta a phróifiliú agus lena mbunaítear tomhas dá gcaighdeán beatha a bhfuil acu faoi láthair ina suíomh. Leanfar leis an obair ar an tionscadal seo in 2018 agus leis na torthaí tabharfar faisnéis do bhainistíocht dhí-chomhchónaithe de réir mar a théann sé chun cinn, agus soláthrófar treoir ar na tacaíochtaí agus na seirbhísí atá riachtanach chun a chinntiú go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas an saol a roghnaíonn siad a bheith acu laistigh de shuíomhanna pobail.

Tá an NDA ina bhall d'fhoghrúpa de ghrúpa forfheidhmithe FSS Time to Move On, a chuireann ionchur agus comhairle ar fáil maidir leis na prótacail chumarsáide atá riachtanach chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus ar thaithí na ndaoine faoi mhíchumas, a dteaghlaiigh agus soláthraithe seirbhíse ar fud an phróisís.

Tosaíocht Straitéiseach 2: Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch

“Sármhaitheas sa Dearadh Uilíoch a chur chun cinn trí chaighdeán, cleachtas, oideachas agus feasacht, d’fhonn rannpháirtíocht daoine beag beann ar a aois, méid, cumas nó míchumas i sochaí na hÉireann a éascú”

Is tír uathúil í Éire toisc go bhfuil Lárionad Sármhaitheasa reachtúil i nDearadh Uilíoch (CEUD) aici chun glacadh le dearadh uilíoch den timpeallacht thógtha, áiteanna, táirgí, seirbhísí agus de TFC a chur chun cinn. Lean an tlonad le feasacht agus inniúlacht a neartú i réimse dearaidh uilíoch agus chun glacadh lena chur chun cinn trí raon tionscadal in 2017 mar atá leagtha amach thíos.

Oibriú le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun Dearadh Uilíoch i gcaighdeán agus i dtreoirlínte a chur chun cinn

Caighdeán nua AE maidir le próisis agus seirbhísí déantúsaíochta

Tá Comhairleoir an Ionaid um dearadh táirgí agus seirbhíse fós ina chathaoirleach ar mheitheal an AE maidir le caighdeán Eorpach nua a fhorbairt i leith próiseas agus seirbhísí déantúsaíochta ag baint úsáide as chur chuige Dearaidh Uilíoch in 2017. Beidh an chéim dheireanach den obair seo críochnaithe i rith an tsamhraidh 2018 agus réachtálfar comhairliúchán poiblí air. Is obair thábhachtach í seo, toisc go mbeidh sé ar cheann de na trí cholún a bheidh mar chuid d'Acht nua an AE um Inrochtaineacht. Tá rannchuidiú tugtha cheana féin ag an Ionad do chaighdeán an AE maidir le TFC agus tá sé ag cur leis an gcolún deireanach ar obair nua an AE i réimse na timpeallachta tógtha.

Ionchur don Acht Inrochtaineachta Eorpach agus do Threoir um Inrochtaineacht Gréasáin

Chuir an tlonad comhairle ar fáil do na grúpaí comhairleacha maidir leis an Acht Inrochtaineachta Eorpach agus leis an Treoir um Inrochtaineacht Gréasáin chun treoir a thabhairt do chur i bhfeidhm náisiúnta. Is iad na

príomhábhair atá á bplé ná raon feidhme na dtreoracha agus an tionchar a bheidh aige ar chomhlachtaí poiblí, soláthraithe iompair phoiblí agus ar an earnáil airgeadais. Chuir an tIonad comhairle ar fáil don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, arb é an Príomh-Roinn Rialtais sna caibidlíochtaí AE seo.

Ionchur don Athbhreithniú ar Cháilíocht Náisiúnta um Dhearadh Uilíoch do Sholáthraithe Fuinnimh

Tá an tIonad ag obair le hÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) maidir le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na gCaighdeán Dearaidh Uilíoch atá ann cheana féin. Bhí an caighdeán dar teideal ÚCNÉ SWiFT 9: 2012 Dearadh Uilíoch do Sholáthraithe Fuinnimh le nuashonrú mar a bhí sceidealaithe de réir nós imeachta.

Áiríodh le hobair an Ionaid, rannpháirtíocht leis an naoi soláthraí fuinnimh agus le baill Choiste Comhairleach um Dhearadh Uilíoch an ÚCNÉ, lena fhochoiste gaolmhar maidir le Táirgí agus Seirbhísí agus le príomhpháirtithe leasmhara. Tá tús curtha leis an obair seo agus cuirfear i gcrích í le linn an tsamhraidh in 2018.

Forbairt de chúrsaí a chur chun cinn agus glacadh le curaclam ina chuimsítear Dearadh Uilíoch in oiliúint ghairmiúil tosaigh, in oideachas ábhartha agus i bhforbairt ghairmiúil leanúnach (FGM).

Tá feidhmeanna reachtúla ag an Ionad chun dul i ngleic le comhlachtaí oideachais chun Ionchuimsiú Dearaidh Uilíoch a chur chun cinn i gcúrsaí curaclaim agus deimhniúcháin. Tá an dul chun cinn a rinneadh in 2017 leagtha amach thíos.

Dearadh Uilíoch i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach d'aitirí agus do theicneolaithe ailtireachta

Tá an tIonad ag obair i gcomhar le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) ar thaighde chun faisnéis a thabhairt do Dhearadh Uilíoch i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGM) d'aitirí agus do theicneolaithe ailtireachta. Choimisiúnaigh an tIonad taighde atá ollscoil Éireannach le tabhairt faoi i gcomhpháirtíocht le ollscoil atá lonnaithe sna SAM. Cuireadh an taighde seo i gcrích in 2017 agus beidh tuilleadh rannpháirtíocht bhreise ann leis an RIAI in 2018 maidir le cás-staidéir a fhorbairt mar eiseamláirí de Dhearadh Uilíoch i gcleachtas chun faisnéis a thabhairt d'oideachas atá

d'aitirí, bunaithe ar bhuaiteoirí duaise an Dearaidh Uilíoch de chuid an RIAI le cúig bliana anuas.

Dearadh Uilíoch i CPD don earnáil TFC

Tá comhaontú comhpháirtíochta bunaithe ag an Lárionad le Cumann Ríomhaireachta na hÉireann (ICS) chun oiliúint CPD a fhorbairt i nDearadh Uilíoch do ghairmithe TFC in Éirinn. Tar éis tairiscint a chur i gcrích, bronnadh conradh ar thaighde maidir leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta ar sholáthar CPD i réimse TFC agus Dearadh Uilíoch. Áireofar sna céimeanna oibre céim forbartha curaclaim agus ag an deireadh, céim chur chun feidhme. Tá sé beartaithe go gcuirfí an chéad chéim den tionscadal seo chun críche in 2018.

Curaclam Dearaidh Uilíoch don tSraith Shóisearach Dhara Leibhéal

Choimisiúnaigh an tIonad oibre le blianta beaga anuas chun tacú le Gearrchúrsa ar Dhearadh Uilíoch a fhorbairt i gcomhar é a úsáid i Sraith Shóisearach an Dara Leibhéal. Tá an tionscadal mar fhreagra ar aiseolas a fuarthas ó oideoirí maidir le Dearadh Uilíoch a a thabhairt isteach do mhic léinn sula théann siad ar aghaidh go dtí an 3ú Leibhéal. Is é an Gearrchúrsa atá ag teacht chun cinn as an obair seo ná cúrsa dar teideal "Dearaí á gCruthú dár dTodhchaí" agus tá sé deartha chun sraith iomlán d'ábhair a sholáthar i gcomhar iad a úsáid i scoileanna dara leibhéal. Is sraith sholúbtha phraiticiúil de mhodúil í atá bunaithe ar thionscadail ina ndéanann daltaí iniúchadh ar an tionchar atá ag dearadh ar a bpobal, faigheann siad tuiscint ar shaintréithe agus riachtanais éagsúla do dhaoine agus modhanna dearaidh a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach agus réitigh fhréamhshamhla a chruthú. Foilseofar tuarascáil ar chéim I den tionscadal seo in 2018.

Rannpháirtíocht leis an Earnáil Tríú Leibhéal

Thug an tIonad 20 scoláire le chéile i gcomhair ceardlainne maidir le feabhas a chur ar an bhfócas ar Dhearadh Uilíoch in Institiúidí tríú leibhéal. Ina dhiaidh sin, thug an fhoireann cuairt ar Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan chun buaileadh leis an bhfoireann de Scoil na Faisnéisíochta agus na nEalaíon Cruthaitheach. Tá an Institiúid tar éis Dearadh Uilíoch a dhaingniú cheana féin i roinnt cúrsaí TFC ar fud an churaclaim ceithre bliana.

Tháinig an lucht freastail ar an gceardlann ó raon ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta, le hionadaíocht láidir ó na hearnálacha TFC agus Táirgí agus Seirbhísí. Bhí an t-aiseolas a fuarthas dírithe ar shamplaí de

Dhearadh Uilíoch i gcleachtas agus ar an gcaoi a bhféadtar é a chomhtháthú i gcuraclaim éagsúla. Leanfar ar aghaidh le tuilleadh oibre le linn 2018.

Cur i láthair a thug an tIonad sa réimse ardoideachais in 2017:

Mar chuid phríomha den rannpháirtíocht le hinstitiúidí tríú leibhéal, tugann foireann an Ionaid léiriúcháin i gcomhar leis na léachtóirí d'fhonn eolas ar dhearadh uilíoch a aistriú.

- Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) do mhic léinn a bliana deireanaí den Mháistreacht san Ailtireacht agus den Mháistreacht um Staidéar Míchumais
- Mic léinn ón gCéad Bhliain ó Dhisciplín na Teiripe Saothair, Ionad na Tríonóide um Eolaíocht Sláinte, Ospidéal Naomh Séamas.
- COBÁC (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath) Innealtóireacht Bhithleighis, modúl máistreachta do mhic léinn san Innealtóireacht Athshlánúcháin le béim ar Theicneolaíocht Chúnta agus Dearadh Uilíoch.

Feasacht agus tuiscint a chur chun cinn maidir le Dearadh Uilíoch sa timpeallacht thógtha, táirgí, seirbhísí, agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide

Mórdhúshlán an Dearaidh Uilíoch 2017

Cosúil leis na blianta roimhe seo, bhí trí chatagóir gradaim i gceist i Mórdhúshlán an Dearaidh Uilíoch 2017 maidir le Teicneolaíocht, Timpeallacht Thógtha agus Táirgí agus Seirbhísí, lenar mealladh líon níos airde d'iontrálacha ar ardchaighdeán. Reáchtáladh an imeacht UDGC san Óstán Gibson an 25 Bealtaine 2017 agus bhí breis is 100 aoi ón saol acadúil agus ón tionscal. Thug George Boyle, ailtire agus iar-uachtarán Institiúid Dhearadh na hÉireann an príomhaitheasc.

Ba iad seo a leanas buaiteoirí na bliana seo:

- Bhuaigh Aine O'Reilly ó Ollscoil Luimnigh an "Gradam Rogha na Moltóirí" le haghaidh Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide do "Zobi" - dearadh nua cruá-earraí agus bogearraí a ligeann do leanaí le diaibéiteas monatóireacht a dhéanamh ar a leibhéal siúcra fola féin.
- Bhuaigh Sarah Twaddle agus Megan Sands ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha "Gradam Rogha na Moltóirí do Tháirgí agus Seirbhísí" le haghaidh "Positive Future +" - dearadh pacáistithe

nuálaíoch, feachtas feasachta agus córas tacaíochta do líonra fón móibíleach le haghaidh cógais frith-aisvíreasach san Afraic Fho-Shahárach.

- Bhuaigh Cormac Altman, Ross Delaney, Ciaran Sullivan agus Will D'Arcy ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath an "Gradam Rogha an Phobail" le haghaidh Odee Smart Hub - mol monatóireachta chun tacú le daoine atá i mbaol titim ar bhealach neamhchráiteach agus a bpríobháideachas a choimeád.

Bronnadh "Gradam Tráchtálaithe Dearaidh Uilíoch" le Fiontraíocht Éireann ar Fhiachra Doherty, Clodagh Dunne, Conor Molloy agus ar Jamie Carroll ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath as a gcuid réiteach "bogearraí Anailíseach PnP " chun sonraí a úsáid ó mata brú chun riosca d'othrais bhrú d'othar i leaba ospidéal a mheas.

Aosú Cliste - Tithe le haghaidh Aosaithe Chliste - Dúshlán Dearadh Uilíoch

D'fhoilsigh Roinn an Taoisigh an **Clár Gníomhartha le haghaidh Aosaithe Chliste** i mBealtaine 2016 agus bhí na gníomhartha le seachadadh thar na tréimhse 2016-2018 ag na ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha. Sa chlár, áirítear roinnt gníomhartha atá le seachadadh ag an Lárionad Sármhaitheas i nDearadh Uilíoch an NDA i gcomhar le páirtithe leasmhara eile.

I gceist i ngníomh amháin dá leithéid bhí an tionscadal comhpháirtíochta idir an Lárionad agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun an Dúshlán Dearadh Uilíoch do Thithe le haghaidh Aosaithe Chliste (HSAUDC) a fhorbairt. Sa chomórtas seo, iarrtar ar smaointe nuálacha nó coincheapa dearaidh do thithe nua agus do thithe atá ann cheana féin, agus léiríonn sé conas is féidir le tithe tacú le daoine fanacht nó a bheith níos comhtháite ina bpobail agus a théann siad in aois. Sa tionscadal, cuireadh béim ar theicneolaíochtaí cliste. D'fhorbair an Lárionad in éineacht leis an Roinn an cur chuige agus thug sé treoir don chur chuige maidir leis an Dúshlán ar feadh 2016, agus seoladh an glao ar iontrálacha i mí Eanáir 2017. Bhí an tlonad ina bhall den ghrúpa stiúrtha a rinne maoirseacht ar rolladh amach an tionscadail le linn 2017, ina raibh páirtithe leasmhara ó údaráis áitiúla, ón earnáil tógála, ón RIAI agus ó Fhiontraíocht Éireann san áireamh freisin. Cuireadh an Roinn Tithíochta duais airgid ar fáil de luach iomlán de € 100,000 le cúig duais de € 10,000 le haghaidh iontrálacha molta tar éis an chéad bhabhta agus an duais mhór de € 50,000 don bhuaiteoir deiridh.

Cuireadh breis agus seasca smaointe dearaidh isteach, as a roghnaíodh cúig iontráil a fuair moladh chun smaointe dearaidh a bhí forbartha go hiomlán a

chur i láthair chuig Moltóirí an HSAUDC in 2017. Bhí an ócáid dámhachtana ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Dé Céadaoin an 28 Meitheamh leis an Aire Damien English a bhí ag déanamh ionadaíochta don Roinn Tithíochta agus don Straitéis um Atógáil na hÉireann.

Bronnadh an dámhachtain don chéad áit ar an Tionscadal 'Abhaile'. Is éard atá sa Tionscadal Abhaile ná réiteach nua nuálaíoch a fhorbairt chun cabhrú le freastal ar riachtanais tithíochta an daonra atá ag dul in aois, trí acmhainn chíos de sheomra leapa amháin a chruthú ón stoc tithíochta atá ann cheana i gceantair uirbeacha aibí, rud atá ag teastáil go géar don chur chuige Dearaidh Uilíoch. Leis an tionscadal Abhaile tugtar tacaíocht d'úinéirí tí dteach dhá - stóir a athchumrú: - leibhéal an ghairdín a dhíonadh don todhcháí trí spás maireachtála neamhspleách a chruthú atá oiriúnach don úinéir tí níos aosta, agus mar sin, ní bheidh aon ghá leis an staighre a úsáid; agus aonad inacmhainne d'áitíocht aonair, le seomra leapa amháin a chruthú thuas staighre, a fhéadtar ligean ar cíós (faoi réir comhaontaithe ón údarás áitiúil). Is gné thábhachtach é den dearadh ná ligean don úinéir tí maireachtáil go slán agus go neamhspleách thíos staighre, agus ag an céanna idirghníomhaíocht leis an duine atá ina gcónaí thuas staighre a chur chun cinn, rud a laghdaíonn an t-aonrú.

Tá foilseachán á fhorbairt anois chun an cur chuige 'Dúshlán' a chur ar taispeáint, leis na prionsabail um Dhearadh Uilíoch mar bhunús dó, chomh maith leis an raon iomlán d'iontrálacha. Seolfar é seo go luath in 2018.

Acmhainn le haghaidh Oiriúnaithe Tithíochta um Dearadh Uilíoch

Tá an Lárionad i mbun plé leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun bealaí a iniúchadh chun ionad fíorúil sármhaitheasa a chruthú le haghaidh samplaí de dhea-chleachtas agus acmhainní a bhaineann le hoiriúnuithe tithíochta do dhaoine scothaosta le béim curtha ar Dhearadh Uilíoch. Cuirfear an obair seo chun cinn le linn 2018.

Sraith Straitéisí um Dhearadh Uilíoch don tSeirbhís Phoiblí

D'fhorbair an Lárionad sraith straitéisí um dhearadh uilíoch d'earnálacha seirbhíse atá dírithe ar sheirbhísí do chustaiméirí. Le linn 2017, d'fhorbair an Lárionad na sraitheanna straitéisí seo ionas go mbeidís is infheidhme do rannpháirtíocht chustaiméirí i seirbhísí na hearnála poiblí i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí an Lárionad ina bhall de Mheitheal ó Lónra na nOifigí um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí de chuid na Roinne agus d'oibrigh sé le chéile chun Sraith Straitéise amháin a fhorbairt i gcomhar í a úsáid ar fud na hEarnála Poiblí. Bhí ceardlanna leis an Meitheal faoi stiúir an Lárionaid chun riachtanais shonracha na hearnála

poiblí a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu agus a bhí an sraith straitéisí á forbairt.

An 27 Meitheamh 2017, sheol an tAire Airgeadais, Paschal Donohoe an "Sraith Straitéise Cumarsáide do Chustaiméirí don tSeirbhís Phoiblí - Cur Chuige Dearaidh Uilíoch", ina gcuirtear treoir agus comhairle ar fáil maidir le conas cur chuige rannpháirtíochta do chustaiméirí a fheabhsú, ag baint úsáide as prionsabail Dearaidh Uilíoch,. Scaipeadh an Sraith Straitéise go forleathan ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí. Tá obair leantach maidir le scaipeadh agus cur i bhfeidhm fós ar bun idir an Roinn, an Lárionad agus gníomhaireachtaí poiblí eile.

Duaiseanna Bliantúla RIAIN 2017: Catagóir Dhearaidh Uilíoch

Thug an NDA urraíocht do chatagóir Dhearaidh Uilíoch in Gradaim Bhliantúla Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann don chúigiú bliain. Déantar ionadaíocht don Lárionad ar an nGiúiré don chatagóir Ghradam Dearaidh Uilíoch.

Roghnaíodh liosta gearr d'fhoirgnimh chun cuairt a thabhairt orthu mar chuid den phróiseas moltóireachta. Ba é an t-aitire cáiliúil, Merritt Bucholz, a bhí mar Chathaoirleach ar an nGiúiré. Roghnaíodh dhá fhoirgneamh mar chomhbhuaiteoirí. Ba iad an Banc Ceannais nua i mBaile Átha Cliath agus Teach Crann Elizabeth in Campa Leanaí Bhaile Bhairéid i gCill Dara na buaiteoirí. Bíonn an ócáid dámhachtainí seo fós ag mealladh iontrálacha dearaidh d'ardchaighdeán faoin gcatagóir Dhearaidh Uilíoch.

Gradaim Idirlín na hÉireann 2017: Catagóir Dhearaidh Uilíoch

Lean an NDA le hurraíocht a thabhairt don chatagóir Dhearaidh Uilíoch i nGradaim Idirlín na hÉireann chun tuiscint ar Dhearadh Uilíoch a fheabhsú go háirithe laistigh de na hearnálacha TFC agus Gréasáin. Díríodh an tionscadal rathúil in 2017 ar shuíomh gréasáin oideachais.

Gradaim Institiúid Dearthóirí na hÉireann 2016: Catagóir Dhearaidh Uilíoch

Forbraíodh comhpháirtíocht thábhachtach le hinstitiúid Dearthóirí na hÉireann (IDI) le roinnt blianta anuas: Déanann IDI ionadaíocht ar son na gairme deartha in Éirinn ina bhfuil thart ar 4,000 ball. Tá Comhairleoir an Lárionaid ar tháirgí agus seirbhísí ina bhall den chomhairle IDI, a chinntíonn go bhfuil Dearadh Uilíoch ina chuid de chlár oibre an IDI. Ghlac an Lárionad páirt freisin mar Mholtóirí i nGradaim Institiúid Dearthóirí na hÉireann 2017.

Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO)

Lean an Lárionad ar aghaidh le hobair a dhéanamh le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais chun treoir a thabhairt maidir le dearadh uilíoch a ghlacadh i TFC na hearnála poiblí. I measc na hoibre thug an Lárionad comhairle phraiticiúil maidir le dréacht-dhearadh de leathanach tairseach nua gov.ie. Tá tuilleadh rannpháirtíochta ar siúl.

Seoladh den Chreat Náisiúnta Pleanála

Chuir an Lárionad comhairle faoi bhráid maidir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála atá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag forbairt, mar fhreagra ar an gcáipéis chomhairliúcháin 'Éire 2040 -Ár bPlean'. Leagadh béim san aighneacht ar an ngá atá le cur chuige dearaidh uilíoch maidir le pleanáil in Éirinn agus tugadh treoir maidir leis na hacmhainní dearaidh uilíoch ábhartha chun tacú le seachadadh an cur chuige seo.

Suíomhanna Luathbhlianta ó thaobh Chur chuige Dearaidh Uilíoch

Chuir an Lárionad tús le tionscadal i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun tacú le sraith straitéise a fhorbairt le haghaidh cleachtóirí luathbhlianta agus treoirlínte maidir le dearadh uilíoch sna suíomhanna luathbhlianta. I rith 2017 cuireadh tairiscintí le chéile chun tacú leis an obair seo. Leanfar ar aghaidh leis an tionscadal le linn 2018.

Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghréasán na seaimpíní agus an bunachar eolais maidir le dea-chleachtas i nDearadh Uilíoch a leathnú

Dearadh Ospidéal a Thacaíonn le Néaltrú ó cheardlann Chur chuige Dearaidh Uilíoch

D'óstáil an Lárionad an Dearadh Ospidéal a Thacaíonn le Néaltrú ó cheardlann Chur chuige Dearaidh Uilíoch. Mar chuid den tionscadal taighde atá maoinithe ag an HRB, Ospidéal Éireannach a Thacaíonn le Néaltrú: Deiseanna, Bacainní, Costais agus Réitigh, i gceardlann na bpáirtithe leasmhara pléadh torthaí na taighde go dtí seo chomh maith le forbairt na dtreoirlínte molta. Tá an tionscadal seo á stiúradh ag an ngeirinteolaí an tOllamh Des O'Neill agus an fhoireann taighde i TrinityHaus, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Comhdháil Dhearaidh Chúram Shláinte na hEorpa 2017, Londain, Sasana

Thug an Lárionad cur i láthair ag Comhdháil Dhearaidh Chúram Shláinte na hEorpa, 2017 mar chuid de na ceardlanna 'Cliniceoirí le haghaidh Dearaidh'. Ba é teideal a bhí ar an gceardlann ná **Dearadh Uilíoch: tithe agus foirgnimh chúraim shláinte le haghaidh daonra atá ag dul in aois**. Ba iad seo a leanas na comhláithreoirí; Diana Anderson MD, Dochitect, Human Experience Lab, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an tOllamh Des O'Neill MD, dochtúir comhairleach i leigheas geiriatrach agus stróc, agus an t-ollamh i ngeirinteolaíocht leighis, Ospidéal Tamhlachta agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Thomas Gray, Comhalta Taighde, Trinity Haus, Coláiste na Tríonóide, Éire.

Coinbhinsiún Náisiúnta de Chomhairlí um Dhaoine Scothaosta na hÉireann

Thug an Lárionad cur i láthair ag Coinbhinsiún Náisiúnta de Chomhairlí um Dhaoine Scothaosta na hÉireann mar chuid de Chlár Aoisbhá Luimnigh. Tugadh an teideal seo a leanas ar an gcur i láthair "conas a fhéadfaidh cur i bhfeidhm de phrionsabail um dhearadh uilíoch tithíocht atá oiriúnach do dhaoine scothaosta a chur ar fáil le haghaidh céimeanna saoil difriúla." Fuarthas an t-eolas don chur i láthair seo ó obair agus acmhainní an Lárionaid chun tithe dearaidh uilíoch a threorú.

Cur i láthair Dearaidh Uilíoch do Pháirtithe Leasmhara Náisiúnta

Thug an Lárionad cur i láthair freisin ag:

- an comhdháil UD-TODAY sna Stáit Aontaithe le saineolaithe idirnáisiúnta maidir le dul chun cinn agus torthaí an Lárionaid le deich mbliana anuas.
- Sraith AHEAD (Cumann um Rochtain ar Ard-Oideachas & Míchumas) ar oideachas cuimsitheach don Earnáil Bhreiseoideachais, le béim ar chomhoibriú chun an teagasc a fhorbairt ionas go mbeadh sé níos cuimsithí i gcomhréir leis an Samhail Foghlama um Dhearadh Uilíoch.
- Lá staidéir le Fisiteiripeoirí Cairte um Shláinte Cheirde agus Eirgeanamaíocht agus AGM inar leagadh béim ar threoir dearaidh ar mhéid chorp an duine.
- Cruinniú Comhchoistí Comhpháirtíochta Oifig na nOibreacha Poiblí le fócas ar threoir dearaidh chumarsáide do chustaiméirí.

Comhdháil Dhearaidh Uilíoch 2018

Sa bhreis ar chomhdháil a rinne an Lárionad chun díriú ar Dhearadh Uilíoch san oideachas, chuir an Lárionad tús le hullmhúcháin ar chomhthionscadail le comhlachtaí ardoideachais maidir le comhdháil idirnáisiúnta a reáchtálfar i nDeireadh Fómhair 2018 i mBaile Átha Cliath. Déanfar an chomhdháil seo a óstáil i gcomhpháirtíocht leis an gcomhdháil um Ard-Oideachas i mbun Athruithe. Tá comhdhálacha HEIT mar chuid de chomhoibriú idir UOIT, Durham College, Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir, Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht, agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Beidh láithreán gréasáin na comhdhála ar fáil in 2018 (www.udheit2018.com)

Tosaíocht Straitéiseach 3: Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil

Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil a stiúradh agus a chur chun cinn chun ligean don Údarás Náisiúnta Míchumais a chuspóirí straitéiseacha a sheachadadh.

Cultúr solúbthachta, freagrachta, nuálaíochta agus eagraíocht ardfeidhmíochta a threorú agus a chothú go héifeachtach maidir lena chuid cuspóirí a bhaint amach.

Acmhainní Foirne

Bhí roinnt tionscnamh earcaíochta ann le linn na bliana 2017 go príomha de bharr daoine ag dul ar scor agus daoine ar iasacht sna réimsí taighde, caighdeáin, beartais, rialachais chorparáidigh agus riaracháin.

Oiliúint agus Forbairt

Lean an NDA le plean oiliúna agus forbartha a chur i bhfeidhm do bhaill foirne a raibh faisnéis tugtha dóibh tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) agus trí riachtanais fostaithe aonair. I gceist anseo, bhí freastal ar sheimineáir, seisiúin oiliúna agus rochtain ar thacaíochtaí oiliúna lena áiríodh

- Cúraim do Dhaoine faoi Míchumais Foghlama a Bhunathrú
- Beartas um Chomhtháthú a fhorbairt san Earnáil Phoiblí: Cur Chuige um Chearta an Duine
- Dlíthe Fostaíochta agus Comhlíonta san Earnáil Phoiblí
- An Dlí um Chosaint Sonraí in Éirinn agus Rialachán Nua um Chosaint Sonraí an AE
- Oiliúint ar Chomhionannas Míchumais
- Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta
- Bainistíocht Riosca
- Nochtadh faoi Chosaint
- Oiliúint TFC ábhartha

D'fhreastal an fhoireann ar chomhdhálacha freisin ar théamaí oibre ábhartha lena n-áirítear Fostaíocht, Cinnteoireacht faoi Thacaíocht, Tacaíochtaí Cúram Baile, Buiséid Phearsantaithe, Tithíocht, Iompar agus Dearadh Uilíoch.

Coiste Comhpháirtíochta

Tháinig an Coiste Comhpháirtíochta le chéile ar 5 ócáid ag cur fóraim ar fáil chun timpeallacht oibre fheabhsaithe a threorú. Ina chuid oibre, áiríodh treoir maidir leis an Scéim Bliantúil um Mholtaí Foirne agus imeachtaí sóisialta a chomhordú don fhoireann.

Seirbhísí Comhroinnte

Lean an NDA le leas a bhaint as seirbhísí comhroinnte airgeadais agus as seirbhís tacaíochta TFC ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Cuireann an Roinn seirbhís iniúchta inmheánaigh ar fáil don NDA freisin. Soláthraítear próiseáil phárolla, phinsin agus taistil agus liúntais chothaithe an NDA trí Ionad Comhsheirbhísí Párolla na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Airgeadas agus Rialachas

I gcomhréir leis an Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, d'ullmhaigh an NDA na cuntais airgeadais do 2016 agus chuir siad faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iad, ag baint úsáide as an gCaighdeán FRS 102 úr a glacadh in 2016. Chuir an NDA na cuntais airgeadais ceadaithe agus an Tuarascáil Bhliantúil do 2016 faoi bhráid an Aire an 1 Iúil 2017.

Tháinig an tÚdarás le chéile sé huair in 2017. Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile cúig huair in 2017, agus rinne sé athbhreithniú ar a théarmaí tagartha. Sheachad an Cathaoirleach tuarascáil bhliantúil an choiste ag cruinniú deireanach an Údaráis don bhliain 2017. Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile sé huair in 2017, agus rinne sé monatóireacht agus tuairisciú ar chaiteachas an NDA.

Rinneadh athbhreithniú neamhspleách maidir le rialú inmheánach airgeadais san NDA i mí an Mhárta 2016. Rinneadh iniúchadh inmheánach ar chóras bainistíochta tionscadal an NDA freisin. Bhreithnigh an Coiste Iniúchta agus an tÚdarás an dá thuarascáil iniúchta de réir mar is cuí.

Tá Coiste Bainistíochta Riosca ag an NDA freisin ina bhfuil 2 bhall neamhspleácha air, tá duine amháin ina chathaoirleach, agus an grúpa bainistíochta sinsearaí. Tuairiscíonn an Cathaoirleach don Choiste Iniúchta.

Le linn 2017, rinneadh dul chun cinn ar obair ar Chlár Riosca athbhreithnithe agus cheadaigh an tÚdarás na téarmaí tagartha.

Rinne Coiste Bainistíochta Riosca an NDA athbhreithniú ar an gClár Riosca agus chuir sé clár athbhreithnithe faoi bhráid le haghaidh 2017/18 lena bhreithniú ag an Údarás. Ag teacht leis an gceanglas faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú maidir leis na rioscaí seo a fhoilsiú sa Tuarascáil Bhliantúil, leagtar amach na cúig riosca atá ar barr an chláir seo, agus leagtar amach iad mar seo a leanas:

Réimsí Riosca	Rialuithe & Maolaitheoirí
Dearbhú Cáilíochta na n-Aschur chun feidhmeanna reachtúla a sheachadadh chun dul i ngleic le haon dúshlán atá ann maidir le faisnéis, comhairle agus aschur comhsheasmhach d'ardchaighdeáin.	Pleanáil lucht saothair, forbairt eolais agus scileanna chun acmhainní a bhainistiú go héifeachtach agus tionchar a bheith aige ar shoghluaisteacht mhéadaithe Córais bhainistíochta cáilíochta agus tionscadail i bhfeidhm d'obair choimisiúnaithe
Tuairisciú airgeadais láidir chun tuairisciú airgeadais leanúnach agus láidir a áirithiú agus a chothabháil	Leanúint le nósanna imeachta a fheabhsú agus le hacmhainní comhsheasmhacha a chinntiú. A chinntiú go bhfuil caighdeán riachtanach ar na tuairiscí a fhaigheann an NDA.
Comhlíonadh rialachais tráthúil: A chinntiú go gcomhlíonann sé le gach ceanglas maidir le comhlíonadh rialachais le frámaí ama reachtaíochta.	Clár gníomhaíochta chun feabhsúcháin rialachais a athbhreithniú agus a fheabhsú, lena n-áirítear comhlíonadh le GDPR.
Tuiscint agus feachtas a bhaint amach maidir le ról agus aschur an NDA	Feabhas a chur ar chumarsáid trí phlean comhaontaithe.
Bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar áitribh, áiseanna agus córais	Tacú le bainistíocht saoráidí agus saineolas fostaithe. Monatóireacht rialta chun córais a fheabhsú

Sláinte agus Sábháilteacht

Thug an NDA faoi hoibreacha chun Doirse Dóiteáin agus Bealaí Éalaithe Dóiteáin a uasghrádú laistigh den áitreabh, lena n-áirítear obair ar bhealaí, comharthaíocht agus soilsiú. Rinneadh an Soilsiú Éigeandála a nuashonrú

mar is gá. Tháinig Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an NDA le chéile chúig huairé in 2017 inar leanadh le tacaíocht a thabhairt do chur chun cinn an chláir oibre sláinte agus sábháilteachta

Chuir an NDA Ráiteas Sábháilteachta athbhreithnithe i gcrích le linn 2017 le tacaíocht ó shaineolaí seachtrach.

Folláine san Ionad Oibre

Reachtáladh sraith de chainteanna foirne i rith am lóin chun tacú le folláine na mball foirne. I measc na n-ábhar a chumhdaíodh bhí Folláine ag an Obair agus sa Bhaile, Codladh: Conas Tuilleadh a fháil, Airgeadas Pearsanta agus Faisnéis do Thomhaltóirí. Bhí freastal maith ar na seisiúin go léir agus fuarthas aiseolas dearfach maidir leis na haoichainteoirí.

Nuachtlitir do Bhail Foirne

Tugadh isteach nuachtlitir inmheánach maidir le seirbhísí corparáideacha agus cúrsaí rialachais chorparáidigh in 2017 chun comhairle a thabhairt don fhoireann ar fhorbairtí ábhartha.

Acmhainne Leabharlainne agus Faisnéise

Bhí seirbhís Leabharlainne an NDA i bhfeidhm go dtí mí Feabhra 2016. Bhíothas ag lorg socrú seirbhíse malartaí in 2017, agus ag an am céanna leanadh le rochtain ar sheirbhís r-lrise chonraithe don fhoireann agus fuarthas ábhair úra de réir mar is cuí d'obair an NDA.

Nuachtlitir an NDA

D'eisigh an NDA ceithre shaincheist dá nuachtlitir in 2017 chuig liosta seoltaí ina raibh breis is 2,000 páirtí leasmhara i mí an Mhárta, Bealtaine, Meán Fómhair agus i mí na Nollag. In Eagrán 14 (Márta), breathnaíodh siar ar chuid de na buaicphointí de 2016, lena n-áirítear Comhdháil Bhliantúil na bliana sin agus Mórdhúslán an Dearaidh Uilíoch. In Eagrán 15 (Bealtaine) foilsíodh Mórdhúslán an Dearaidh Uilíoch don bhliain 2017, agus chuir sé béim ar an taighde a phróifítear ag seimineár ar aistrithe fostaíochta a tionóladh sa NDA i mí Aibreáin. In Eagrán 16 (Meán Fómhair), fógraíodh an glao ar thograí le haghaidh Scéim Chur Chun Cinn Taighde an NDA do 2017, agus leag sé béim freisin ar an seoladh comhpháirteach leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú den **tSraith Straitéise Cumarsáide do Chustaiméirí don tSeirbhís Phoiblí - Cur Chuige Dearaidh Uilíoch**. San eagrán deiridh do 2017 (Nollaig) léiríodh tuarascáil an NDA maidir leis an gceathrú suirbhé ar **Dhearcadh an Phobail maidir le**

Míchumais, chomh maith le cur i láthair a tugadh ag ár gComhdháil Bhliantúil 2017.

Cóiríocht

Cinntíonn an NDA cothabháil agus úsáid éifeachtach a chóiríochta. Le linn 2017 áiríodh leis sin, an cur i gcrích den uasghrádú teasa agus athphéinteáil iomlán ar an taobh amuigh de bhallaí na hoifigí, agus an glantachán agus athchóiriú aolchloiche maisiúcháin ar na struchtúir atá liostaithe atá ar an mBóthar Chluaidh.

Ón 1 Iúil 2015 amach tá comhaontú léasa ag an NDA le tionóntaí le haghaidh roinnt oifigí, a fhabhraítear an t-ioncam a ndéantar as mar Leithreasaithe i gCabhair chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Cuireadh na muirir ábhartha go léir i bhfeidhm agus aistríodh an t-ioncam chuig an Roinn de réir mar is cuí in 2017.

Fuinneamh

Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh in 2017

Cláraíonn agus coimeádann Foireann Fuinnimh an NDA taifid an Údaráis Náisiúnta Míchumais le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Tá achar iomlán urláir de 2,633 m² ag an Údarás Náisiúnta Míchumais ina gcuimsítear Foirgnimh Vichteoiriach (x2) dhá stór thar leibhéal gairdín, agus foirgneamh nasctha a cuireadh i gcrích in 2006 agus foirgneamh trí stór agus áiléir cóngarach dó a críochnaíodh i dtús na 1980idí. Is iad seo a leanas na príomhúsáideoirí fuinnimh:

- Fuinneamh Leictreach: Soilsíú, TFC & Oifigí, Aerchóiriú agus Seirbhísí Ginearálta
- Fuinneamh Teirmeach (Gás Nádúrtha): Téamh Spáis (ciorcaid radaitheoirí LTHW agus téamh faoin talamh) agus Uisce Te (HWS)

Chun críche tuairisceán reachtúil a dhéanamh le haghaidh 2017, bhí 94% den fhuinneamh leictreach a úsáideadh sna foirgnimh inchurtha i leith an Údaráis Náisiúnta Míchumais. Maidir le fuinneamh teirmeach, bhí 82% den ghás nádúrtha a úsáideadh inchurtha i leith an NDA.

Tá an chéad urlár san Fhoirgneamh Cúil léasaithe agus áitithe ag cuideachta phríobháideach. Tá méadar leictreachais ar leith ag an gcuideachta sin cé nach bhfuil méadar gás ar leith aige.

In 2017, d'ídigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais 276.95 MWh d'fhuinneamh, comhdhéanta de:

- 111.634 MWh de leictreachas;
- 165.316 MWh de bhreoslaí iontaise;
- 0 MWh de bhreoslaí inathnuaite.

Féadfaidh an NDA an méid seo a leanas a thuairisciú:

- Coigilteas costais 35.3% ón mbonnlíne;
- Ídiú de 44.2% níos ísle ó mbonnlíne.

Gníomhartha a rinneadh in 2017

In 2017, thug an NDA faoi raon tionscnamh a phleanáil agus a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Leanúint le clár cothabhála soilsithe a leanúint chun lampaí ísealfhuinnimh a chur in ionad na lampaí a bhí ann cheana
- Cur i gcrích na hoibre de choirí téimh teirmeacha, píopaí, radaitheoirí agus rialuithe a athsholáthar. Cé go raibh an obair mar chúis le tréimhse shealadach d'ídiú fuinnimh níos airde ó mhí na Samhna 2016 ar aghaidh, táthar ag súil go mbeidh sé mar chúis le coigiltis bhliantúla níos airde amach anseo.

Leis na bearta sin, chomh maith le bearta coigilte fuinnimh eile, sábháladh 109,500 MWh don NDA.

Gníomhartha atá beartaithe do 2018

In 2018, tá sé beartaithe ag an NDA feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a dhéanamh:

- Tiúnú breise ar rialuithe teasa teirmeacha ar fud an timthrialla bhliantúil
- Iniúchadh innealtóireachta ar ídiú leictreachais a dhéanamh chomh maith le plean uasghrádaithe céimnithe a fhorbairt
- Uasghrádú a dhéanamh ar chórais agus ar rialuithe leictreacha

Oifigeach Rochtana

Cheap an NDA Oifigeach Rochtana nua, de réir an Achta um Míchumas 2005 in 2017, d'fhonn a bheith ar fáil chun cúnaimh ar bith a theastaíonn ó dhaoine faoi mhíchumas a úsáideann saoráidí, imeachtaí agus suíomh gréasáin an NDA in 2017 a threorú. Tá sonraí teagmhála an Oifigh ar leathanach baile shuíomh gréasáin an NDA.

Nochtadh faoi Chosaint

I gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe, dearbhaíonn an NDA nach bhfuarthas tuarascálacha um nochtadh cosanta ar bith in 2017.

Ráitis Airgeadais 2017

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Údaráis

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999. Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in Alt 8 den Acht. Tá an tÚdarás freagrach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh ar gach príomhcheist ghnó.

Is faoi chúram an Stiúrthóra agus an ghrúpa bainistíochta sinsearaí atá gnáthbhainistíocht rialta, agus smacht agus treoir an Údaráis Náisiúnta Míchumais. Ní mór don Stiúrthóir agus don ghrúpa bainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an Údarás, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach ball den Údarás ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar theagmháil dhíreach idir an tÚdarás agus lucht bainistíochta an Údaráis Náisiúnta Míchumais.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach san Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999 agus san Acht Míchumais 2005. Tá sceideal foirmiúil ag an Údarás de nithe atá coimeádta go sonrach dó i gcomhair cinnidh lena chinntiú go gcoinnítear treo agus smacht an Údaráis. Áirítear an méid seo a leanas sa sceideal sin:

- fáltais shuntasacha, diúscairtí agus scor sócmhainní an Údaráis
- infheistíochtaí ollmhóra (níos mó ná €50,000) agus tionscadail chaipitil, conarthaí agus infheistíochtaí

- leibhéil údaráis tarmligthe agus beartais bainistíochta riosca (mír bhuan)
- Struchtúir choiste an Údaráis agus Téarmaí Tagartha
- deimhnithe gur comhlíonadh ceanglais reachtúla agus riaracháin maidir le ceapadh, líon, grádú agus coinníollacha na foirne go léir a cheadú (ina n-áireofar freisin luach saothair agus aoisliúntas)
- buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a cheadú
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a cheadú
- ceapadh, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an Stiúrthóra

Éilíonn Alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999 ar an Údarás gach cuntas ceart agus gnáthchuntais d'airgead a fuair sé agus a chaith sé a choimeád, i bhfoirm arna cheadú ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus iad a chuir i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a shonrú cibé ar leanadh de na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as plean agus buiséad bliantúil an Údaráis a cheadú. Chuir an tÚdarás meastóireacht ar fheidhmíocht an phlean agus an bhuiséid bhliantúil i gcrích ar bhonn leanúnach ar feadh na bliana. Áirítear leis sin athbhreithniú ar na cuntais bhainistíochta gach mí, tuarascálacha ón gCoiste Airgeadais agus athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bliantúla.

Ceadaíonn an tÚdarás pleananna oibre bliantúla freisin agus déanann athbhreithniú ar dhul chun cinn suas le ceithre huair in aghaidh na bliana. Déanann an fhoireann bhainistíochta sinsearaí athbhreithniú freisin ar an mbuiséad agus ar fheidhmíocht mar atá leagtha amach sna cuntais bhainistíochta míosúla agus déanann an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar leithligh orthu. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta na cuntais bhainistíochta míosúla freisin.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar an staid airgeadais an 31 Nollaig 2017.

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus 12 ghnáthbhall in Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais, agus is é an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a cheapann iad go léir. Ceapadh baill an Údaráis ar feadh tréimhse ceithre bliana agus buaileann siad le chéile uair gach dhá mhí. Tá sonraí sa tábla thíos maidir leis na baill reatha:

Ainm:	Ról:	Dáta an Cheapacháin:
Helen Guinan	Cathaoirleach	lúil 2014
Aisling Glynn	Ball	Meitheamh 2017
Frank Cunneen	Ball	lúil 2014
Des Kenny	Ball	lúil 2014
Ruthann La Malfa	Ball	lúil 2014
Mary Lavelle	Ball	lúil 2014
Teresa McDonnell	Ball	lúil 2014
Deaglán O'Briain	Ball	lúil 2014
Deirdre O'Connor	Ball	lúil 2014
James O'Grady	Ball	lúil 2014
Donie O'Leary	Ball	lúil 2014
Alison Ryan	Ball	lúil 2014
Donal Rice	Ball	lúil 2014

Rinne an tÚdarás féinmheastóireacht ar a chuid feidhmíochta in 2017 ag teacht leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá sé i gceist aige tabhairt faoi Athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtacht agus Meastóireachta an Bhoird in 2018.

Tá ceithre choiste bunaithe ag an Údarás, mar seo a leanas:

I. An Coiste Iniúchóireachta

Tá triúr comhaltaí Údaráis agus cúigear comhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste Iniúchóireachta. Is é ról an Choiste, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar nósanna imeachta rialachais ghnó agus chorparáidigh an Údaráis, maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil don Údarás agus don Stiúrthóir ar nithe a bhaineann le:

- a) Na próisis cuntasáíochta airgeadais agus tuairiscithe bliantúil;
- b) Éifeachtach na rialuithe inmheánacha agus an timpeallacht bainistíochta riosca;
- c) Oibríochtaí agus forbairtí fheidhm an Iníúchta Inmheánaigh;
- d) Éifeachtach an Iníúchta sheachtraigh agus an caidreamh leis; agus
- e) Luach ar airgead agus saincheistanna eile a bhaineann le rialachas corparáideach.

Tuairiscíonn an Coiste Iníúcháireachta don Údarás tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iníúcháireachta:

An tUasal Donal Lawlor (Cathaoirleach)
 An tUasal Frank Cunneen (Ball den Údarás)
 An tUasal Teresa McDonnell (Ball den Údarás)
 An tUasal Des Kenny (Ball den Údarás)
 An tUasal Lawrence Byrne
 An tUasal Robert Cashell
 An tUasal Tony Fitzpatrick (Ceaptha 20/06/2017)
 An tUasal John Fitzgerald (Ceaptha 23/03/2017)

Bhí cúig chruinniú den Choiste Iníúcháireachta ann in 2017.

2. An Coiste Airgeadais

Cuimsítear leis an gCoiste Airgeadais ceathrar comhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí neamhspleácha. Is iad seo a leanas dualgais an Choiste:

- a) an próifíl caiteachais bhliantúil a scrúdú agus moltaí a dhéanamh don Údarás maidir leis;
- b) nuair a cheadaítear an buiséad oibríochta bliantúil, athbhreithniú a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm i rith na bliana;
- c) cuntais bainistíochta an Údaráis a scrúdú ar bhonn rialta go leanúnach;
- d) na cuntais reachtúla bliantúla a chur faoi bhráid an Údaráis lena gceadú i ndiaidh moltaí ón gCoiste Iníúcháireachta;
- e) machnamh a dhéanamh ar thograí ón gCoiste Iníúcháireachta nuair is iomchuí; agus
- f) formáid chuntais an Údaráis a athbhreithniú

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste seo:

An tUasal Frank Cunneen (Cathaoirleach)
An tUasal Pat Fitzsimons (Neamhspleách)
An tUasal Ruthann La Malfa
An tUasal Des Kenny
An tUasal David Scott (Neamhspleách)
An tUasal Aisling Glynn (Ceaptha 06/06/2017)

Tá sé mar chúram ar an gCoiste Airgeadais ceithre chruinniú ar a laghad a thionól gach bliain, agus caithfidh ceann acu a bheith ar chomhchéim leis an moladh i gcomhair fhaomhadh na gcuntas reachtúil bliantúil ón Údarás. Bhí sé chruinniú den Choiste Airgeadais ann in 2017.

3. An Coiste Riosca

Tá Cathaoirleach neamhspleách ar an gCoiste Riosca i.e., comhalta neamhspleách de Choiste Iniúcháireachta an Údaráis Náisiúnta Míchumais arna ainmniú ag an gCoiste sin, agus cuimsítear air grúpa na bainistíocht sinsearaí, agus ionadaí ainmnithe ó Choiste Airgeadais an Údaráis.

Is iad seo a leanas dualgais an Choiste:

- a) An beartas maidir le bainistiú rioscaí ar fud an Údaráis a shainiú agus a athbhreithniú
- b) Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais bainistíochta riosca
- c) Tacú leis an Údarás agus leis an mBainistíocht Shinsearach a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh trí chreat agus próisis a sholáthar chun rioscaí a bhainistiú
- d) Feasacht maidir le bainistíocht riosca a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil próiseas cuimsitheach ann chun riosca laistigh den Údarás a shainaithint, a mheas, a bhainistiú, a fhaire agus tuairisciú orthu
- e) Athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar rioscaí an Údaráis ar bhonn bliantúil
- f) Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha stádais tréimhsiúla, ina dtugtar achoimre ar stádas na dtionscnamh agus ar shaincheistanna comhlíontachta
- g) Monatóireacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca ar fud an Údaráis agus don Údarás, lena n-

áirítear tuarascáil bhliantúil an fhórait do na coistí a luadh roimhe seo.

Bhuail an Coiste Riosca le chéile trí huairé i rith 2017. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Riosca:

An tUasal Robert Cashell (Cathaoirleach)

An tUasal Pat Fitzsimons

An Grúpa Bainistíochta Sinsearaí

4. An Coiste Pleanála Straitéisí

Bunaíodh an Coiste Pleanála Straitéisí i mí na Samhna 2017 agus tá sé geallta acu sraith cruinnithe a chur ar bun chun dréacht-Phlean Straitéiseach a fhorbairt ag teacht le ról agus feidhm an Údarás Náisiúnta Míchumais don chéad tréimhse trí bliana eile 2019-2021 (de réir alt 9, an tAcht um Údarás Náisiúnta Míchumais). Tar éis don Údarás cead foirmiúil a thabhairt, cuirfean an Plean ar aghaidh chuig an Aire lena cheadú, roimh an spriodháta reachtúil an 12 Meitheamh 2018.

Bhuail an grúpa le chéile uair amháin in 2017, agus tá tuilleadh cruinnithe beartaithe le haghaidh 2018. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Pleanála Straitéisí:

Helen Guinan (Cathaoirleach)

Frank Cunneen (Ball den Údarás)

Des Kenny (Ball den Údarás)

Donie O'Leary (Ball den Údarás)

Alison Ryan (Ball den Údarás)

Mary Lavelle (Ball den Údarás)

James O'Grady (Ball den Údarás)

Teresa McDonnell (Ball den Údarás)

Donal Rice (Ball den Údarás)

An Grúpa Bainistíochta Sinsearaí

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Tá sceideal freastail ag cruinnithe den Údarás agus na Coistí le haghaidh 2017 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach ball:

Comhalta Boird	Bord Táillí	Fabhraithe Costais	Cruinnithe ar ar freastalaíodh
An tUasal Helen Guinan (Cathaoirleach)	8,978	4,088	6/6
An tUasal Aisling Glynn (Ceaptha 6/6/2017)	2,993	638	3/3
An tUasal Frank Cunneen	5,985	-	6/6
An tUasal Des Kenny	5,985	-	4/6
An tUasal Ruthann La Malfa	5,985	-	6/6
An tUasal Mary Lavelle	5,985	-	6/6
An tUasal Teresa McDonnell	5,985	384	6/6
An tUasal Deaglán O'Briain	-	-	4/6
An tUasal Deirdre O'Connor	5,985	-	3/6
An tUasal James O'Grady	5,985	4,371	6/6
An tUasal Donie O'Leary	5,985	1,076	4/6
An tUasal Alison Ryan	5,985	567	5/6
An tUasal Donal Rice	-	-	5/6
An Coiste Iniúchóireachta			
An tUasal Donal Lawlor (Cathaoirleach)	2,565	-	5/5
An tUasal Frank Cunneen (Ball den Údarás)	-	-	5/5
An tUasal Lawrence Byrne	-	-	4/5
An tUasal Teresa McDonnell (Ball den Údarás)	-	-	4/5
An tUasal Des Kenny (Ball den Údarás)	-	-	4/5
An tUasal Robert Cashell	-	-	4/5
An tUasal Tony Fitzpatrick (Ceaptha 20/06/2017)	-	-	1/1
An tUasal John Fitzgerald (Ceaptha 23/03/2017)	-	-	0/1
An Coiste Airgeadais			
An tUasal Frank Cunneen (Cathaoirleach)	-	-	6/6
An tUasal Pat Fitzsimons (Neamhspleách)	-	-	5/6
An tUasal Ruthann La Malfa	-	-	6/6
An tUasal Des Kenny	-	-	4/6

An tUasal David Scott (Neamhspleách)	-	-	4/6
An tUasal Aisling Glynn (Ceaptha 06/06/2017)	-	-	2/2

An Coiste Riosca

An tUasal Robert Cashell (Cathaoirleach)	-	-	3/3
An tUasal Pat Fitzsimons	-	-	2/3

An Coiste Pleanála Straitéisí

An tUasal Helen Guinan (Cathaoirleach)	-	-	1/1
An tUasal Frank Cunneen	-	-	1/1
An tUasal Des Kenny	-	-	1/1
An tUasal Mary Lavelle	-	-	1/1
An tUasal Teresa McDonnell	-	-	1/1
An tUasal James O'Grady	-	-	1/1
An tUasal Donie O'Leary	-	-	1/1
An tUasal Alison Ryan	-	-	0/1
An tUasal Donal Rice	-	-	1/1

68,401	11,124
---------------	---------------

Príomhathruithe ar Lucht Pearsanra

De réir an Achta, cheap an tAire comhalta nua, an tUasal Aisling Glynn san Údarás an 6 Meitheamh 2017.

Nochtadh a Iarrtar de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

(a) Miondealú de shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Tá tábla ina dtugtar miondealú de shochair ghearrthéarmacha fostaithe áirithe i Nóta 6(a) - Luach Saothair agus Costais Phá Eile.

(b) Costais Chomhairliúcháin

	2017	2016
	€	€
Comhairle dlí	12,193	-
Costais Chomhairliúcháin Iomlána	12,193	-

(c) Caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil

Tá taisteal agus cothabháil i gcatagóirí mar seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
Údarás Intíre		
- (an Bord)	11,124	6,657
- Fostaithe	17,676	12,545
Údarás Idirnáisiúnta		
- (an Bord)	-	-
- Fostaithe	7,983	3,848
Iomlán a gcostas taistil agus chothabhála	36,783	23,050

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an Cód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit le haghaidh 2017.



Helen Guinan,

Cathaoirleach

Dáta: 29 Bealtaine 2018



Frank Cunneen

Ball den Údarás

Dáta: 29 Bealtaine 2018



Siobhan Barron

Stiúrthóir

Dáta: 29 Bealtaine 2018

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach 2017 – ag Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais

Raon feidhme na freagrachta

Thar ceann Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais, deimhním go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an Údarás as a chinntiú go mbeidh córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh ann agus go n-oibrítear é, agus chun a éifeachtacht a athbhreithniú. Cuirtear san áireamh san fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Trí struchtúr an Stiúrthóra agus an Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí, tá an bhainistíocht ag gach leibhéal den Údarás freagrach don Údarás as rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm agus a chothabháil thar gach feidhm.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal infhulaingthe seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras dá bhrí sin ach dearbhú réasúnta agus ní absalóideach a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go caoithiúil. Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

An cumas riosca a bhainistiú

Tá bainistíocht riosca lárnach don chaoi a n-oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, agus cuirtear i bhfeidhm é agus déantar monatóireacht air trí struchtúir a bhfuil cur síos déanta orthu mar seo a leanas.

Cheap an tÚdarás Coiste Iniúcháireachta an Údaráis agus cuimsítear ann triúr ball den Údarás, cúigear ball neamhspleácha agus cathaoirleach neamhspleách a bhfuil an saineolas airgeadais agus iniúcháireachta riachtanach aige. Is é a ról, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar nósanna imeachta rialachais ghnó agus chorparáidigh an Údaráis, maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil don Údarás agus don Stiúrthóir ar nithe a bhaineann le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha agus an timpeallacht bainistíochta riosca. Bhuail an Coiste le chéile cúig huairé in 2017 agus chuir a chathaoirleach a thuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Údaráis an 30 Samhain 2017.

Tá Coiste Bainistíochta Riosca an Údaráis in áit freisin ar a bhfuil cathaoirleacht ag ball neamhspleách den Choiste Iniúchóireachta. Áirítear freisin le ballraíocht an choiste sin ball seachtrach de Choiste Airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus den Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí. Tuairiscíonn an cathaoirleach díreach don Choiste Iniúchóireachta ar nithe a bhaineann le riosca agus an beartas riosca, treoirínite agus clár rioscaí a cheadaíonn an Coiste Iniúchóireachta le moladh don Údarás.

D'fhorbair an Coiste Riosca, i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, beartas bainistíochta riosca atá ceadaithe ag an Údarás Náisiúnta Míchumais agus ina leagtar síos cumas an Údaráis déileáil le riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm, struchtúir monatóireachta do bhainistíocht riosca agus sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas bainistíochta riosca don fhoireann a bhfuiltear ag súil go mbeidh siad ag oibriú laistigh de bheartais bainistíochta riosca an Údaráis, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí a rialú, agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimsí oibre féin.

Tá Coiste Airgeadais ag an Údarás chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus ar phleanáil buiséid. Tá baill ón Údarás ar an gcoiste mar aon le comhaltaí neamhspleácha agus buaileann sé le chéile 4 huairé in aghaidh na bliana, ar a laghad.

Baineann an tÚdarás leas as seirbhísí iniúchta ón Aonad Iniúchta Inmheánaigh faoin Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a mheasann sé dóthain acmhainní a bheith acu, agus cuireann sé clár oibre i gcrích a aontaítear go díreach leis an gCoiste Iniúchóireachta agus a cheadaíonn Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais.

Is ball de fhóram rialachais IPA é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais freisin agus baineann sé leas as oiliúint tríd é sin i dtaca le réimsí lena n-áirítear bainistíocht riosca.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear agus ina dtuairiscítear príomhríoscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir é, na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhríoscaí atá os comhair an Údaráis a ndearnadh meastóireacht orthu agus grádú de réir a dtábhachta. Déanann an Grúpa Bainistíochta Sinsearaí athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár agus tá cúram ar an ngrúpa sin

maidir lena chur i bhfeidhm. Is é an Coiste Bainistíochta Rioscaí a chuireann an dréacht-Chlár agus na hathbhreithnithe ar dhul chun cinn maidir le gníomhartha a chur i bhfeidhm i gcrích. Tugann Cathaoirleach an Choiste tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus cuireann an clár athbhreithnithe i láthair agus tugtar an scéal is déanaí maidir le dul chun cinn. Anuas air sin freisin, molann an Coiste Iniúchóireachta an dréacht-chlár lena cheadú ag an Údarás.

Úsáidtear toradh na measúnuithe rioscaí chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí chuig leibhéal inghlactha. Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as rialuithe a oibriú atá sannta do fhoireann shonrach laistigh de frámaí ama luaite. Ina theannta sin, feidhmíonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais córas bainistíochta tionscadail áit a saináithnítear rioscaí na dtionscadal aonair ag an gcéim is luaithe de thogra mar aon leis na gníomhartha chun dul i ngleic leis na rioscaí sin.

Déantar próifiliú ar bhuiséad an Údaráis Náisiúnta Míchumais ag tús na bliana agus roinntear amach é idir na míreanna ábhartha go léir arna gceadú ag an Údarás, lena n-áirítear párolla, seirbhísí lárnacha agus oibreacha coimisiúnaithe. Déantar an caiteachas próifíle mionsonraithe a athbhreithniú go rialta trí na cuntais bainistíochta míosúla, cruinnithe an ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí, na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta, agus trí thuairiscí chuig an Údarás mar mhír bhuan ar an gclár oibre. Déantar na cuntais bainistíochta míosúla a imréiteach le tuairiscí caiteachais a fhaightear ó Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus le tuairiscí ó Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireann an Grúpa Bainistíochta Sinsearaí tuairiscí d'anailís ar chaiteachas i dtoll a chéile ag eatrainmh rialta agus rinne an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta machnamh orthu.

Tá tuairiscí cáilíochta ar ardchaighdeán ó sheirbhísí comhroinnte tábhachtach chun treoir a thabhairt do mhonatóireacht iomlán éifeachtach ar rialuithe.

Córais TFC agus Sócmhainní

Baineann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leas as seirbhísí tacaíochta comhroinnte TFC ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tseirbhís chomhroinnte bainistíochta clódóireachta trí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Tá Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm leis an Roinn i dtaca leis an tseirbhís TFC agus tá socruithe ann chun cúltaca a dhéanamh de chórais an Údaráis. Rinne an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais coimisiúnú

ar athbhreithniú neamhspleách ar an tseirbhís, agus táimid ag fanacht leis an tuarascáil agus torthaí an athbhreithnithe.

Faigheann an tÚdarás deimhniú ó litir agus ráiteas rialuithe Cheannasaí TFC sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais inar luadh go bhfuil rialuithe TF leordhóthanacha i bhfeidhm agus ag feidmiú go héifeachtach. Tá ráiteas rialuithe mar aguisín leis an litir, ag cumhdach bainistíochta faisnéise lena n-áirítear slándáil agus príobháideacht; athshlánú ó thubaistí TFC; socruithe SLA; slándáil bonneagair TFC; bainistíocht sócmhainní TFC; Cosaint Sonraí; Slándáil Sócmhainní Soghluaiste; Líonraí Cumarsáide; Rialachas TFC agus cleachtais Bainistíochta Tionscadal.

Déantar sócmhainní TF a thaifeadadh ar Chlár Sócmhainní na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus seiceáiltear iad go rialta. Déantar gach sócmhainn eile a thaifeadadh ar Chlár Sócmhainní an Údaráis agus seiceáiltear iad sin freisin go rialta. Caitear le sócmhainní sna ráitis airgeadais ag teacht leis na rátaí dímhéasa iomchuí.

Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Baineann an tÚdarás leas as seirbhísí comhroinnte airgeadais faoin Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Níl aon Chomhaontú Seirbhíse i bhfeidhm idir an Roinn agus an tÚdarás, toisc nach bhfuil a Vóta maoinithe féin ag an Údarás. Mar sin féin, chuir an Roinn deimhniú i scríbhinn ar fáil don Údarás Náisiúnta Míchumais i dtaca le rialuithe na seirbhíse comhroinnte airgeadais. Faigheann an tÚdarás tuairiscí míosúla caiteachais Faigheann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais deimhniú ón gcóras rialaithe laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi mar a thuiriscíonn Rúnaí Cúnta na Roinne Seirbhísí Corparáideacha.

Baineann an tÚdarás leas freisin as seirbhísí comhroinnte Lárionad na Seirbhísí Párolla Comhroinnte (PSSC) faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an tseirbhís cumhdaithe faoi Chomhaontú Seirbhíse idir an PSSC agus an Roinn, ach níl aon Chomhaontú ann díreach leis an Údarás.

Faigheann an tÚdarás tuairiscí maidir le párolla gach coicís agus bhuaile an tÚdarás leis an gceannasaí seirbhíse agus le hoifigigh shinsearacha san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le tuairiscí párolla i mí Mheán Fómhair 2017. Bhí na rialuithe atá á gcur i bhfeidhm ag an Údarás maidir le párolla cumhdaithe sa dá iniúchadh a rinneadh sa chéad ráithe de 2018 lena n-áirítear an

tAthbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha agus an tAthbhreithniú ar na nósanna imeachta chun ráitis airgeadais bhliantúla a chur i dtoll a chéile.

Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) freagrach as feidhmiú rialuithe laistigh den Lárionad Seirbhísí Comhroinnte.

Dheimhnigh an tOifigeach Cuntasaíochta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil próiseas iniúchóireachta curtha i bhfeidhm chun deimhniú neamhspleách a thabhairt ar fheidhmiú na rialuithe laistigh den sheirbhísí comhroinnte. Tá na hiniúchtaí á ndéanamh ag gnólacht cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Dhearbhuíthe Lontaofachta (ISAE 3402) atá ceaptha chun tuairisciú do rannóga úsáideoirí agus a gcuid iniúchóirí maidir leis na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte.

Cuimsítear sna hiniúchtaí (i) measúnú ullmhachta chun rioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainathint agus anailís a thabhairt ar bhearnaí, agus ina dhiaidh (ii)

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta do sheirbhísí comhroinnte litir don Údarás inar tugadh cuntas ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis an bpróiseas deimhnithe iniúchóireachta a chur i bhfeidhm agus torthaí na n-iniúchtaí maidir le dearadh, eiseadh agus oibriú na rialuithe atáthar le tuairisciú don Údarás mar atá leagtha síos sa litir sin.

Faigheann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais deimhniú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte faoi mar a thuairiscíonn an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte.

Calaois agus Mírialtachtaí

Níl aon chúrsaí calaoise le tuairisciú le haghaidh 2017.

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta ag an Údarás agus nósanna imeachta chun nochtaí cosanta agus aon teagmhais nó mírialtachtaí calaoise líomhnaithe a fhógairt. Leagan an beartas síos na struchtúir agus na próisis chun nochtaí a fháil agus a láimhseáil, agus chun tuairiscí a dhéanamh ar bhonn bliantúil maidir le haon nochtadh.

Is iad seo a leanas na páirtithe a gheobhaidh fógra maidir le teagmhais den sórt sin:

An Coiste Iniúcháireachta
Comhaltaí an Údarás
Ceannasaí na Seirbhíse Iniúchta Inmheánaigh
Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais
An tAire (mar is iomchuí)
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An Garda Síochána nuair is iomchuí

Níor tuairiscíodh aon Nochtadh Cosanta in 2017. Coinníonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais clár um Nochtadh Cosanta agus teagmhais calaoise a líomhnaítear. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Náisiúnta Míchumais lena chinntiú go ndéantar imscrúdú orthu. De réir alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, tá an tÚdarás meáite ar thuarascáil ar nochtadh cosanta a fhoilsiú tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain.

Comhlíonadh Cánach

Próiseáilte íocaíochtaí uile an Údarás trí sheirbhísí comhroinnte airgeadais lena n-áirítear:

- Íoctar sonraisc trí na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais faoin Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá lonnaithe i gCill Airne, Co. Chiarraí.
- Íoctar tuarastail, pinsin, cnapshuimeanna pinsin agus taisteal agus cothabháil tríd an Lárionad na Seirbhísí Párolla Comhroinnte faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar caiteachas i dtaca le cáin faoi CBL agus uimhreacha cánach na Fhostóirí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Cloíonn an tÚdarás le riachtanais chun Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla a chur i bhfeidhm.

Cuntasacht

Ullmhaíonn an tÚdarás Plean Straitéiseach gach 3 bliana faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, a chuirtear isteach chuig an Aire Dlí agus Cirt lena fhaomhadh. Cheadaigh an tAire an plean reatha idir 2016 agus 2018, i Meitheamh 2015, agus tá obair ar siúl chun an chéad phlean straitéiseach eile a fhorbairt le cur isteach chuig an Aire faoin 12 Meitheamh 2018. Tá na pleananna oibre bliantúla ar aon dul le tosaíochtaí straitéiseacha agus tugann an bhainistíocht shinsearach tuairiscí don Údarás go rialta maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na bpleananna.

Tá forbairt, cothabháil agus monatóireacht leanúnach á déanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh atá dinimiciúil ar aon nós agus sin á dhéanamh mar fhreagra ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn san eagraíocht. I measc na bpríomhghnéithe, na bpróiseas agus nósanna imeachta tá siad seo a leanas:

- Deighilt fhollasach idir ról an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra mar atá leagtha síos i lámhleabhar treorach an Údaráis Náisiúnta Míchumais;
- Tá nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó breactha, tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá próiseas tuairiscithe bainistíochta rialta ann agus creat nósanna imeachta riaracháin ina n-áirítear deighilt dualgas, córas toscaireachta agus cuntasachta agus córas chun caiteachas a údarú.
- Tá beartais agus nósanna imeachta ag an eagraíocht atá ceaptha chun comhlíonadh le gach riachtanas pá agus taistil a neartú de réir chiorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Tá comhaontú seachadta feidhmíochta i bhfeidhm ag an eagraíocht leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus bíonn cruinnithe rialachais rialta aici leis an Roinn maidir lena sheachadadh.
- Tá téarmaí tagartha ag coistí an Údaráis i.e. na Coistí Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca agus iad faoi réir athbhreithniú ag an Údarás. Rinne an tÚdarás agus a Choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta athbhreithniú ar a gcuid feidhmíochta in 2017. Rinne an tÚdarás agus a Choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta athbhreithniú ar a gcuid feidhmíochta in 2017.
- Rinne an Coiste Iniúchóireachta machnamh ar cibé an leanfadh an Coiste Riosca ar leithligh ar aghaidh agus measadh gur chuir sé sin luach le hobair an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar bhainistiú riosca. Cheadaigh an tÚdarás an cur chuige sin.
- Tá córais ann atá dírithe ar a chinntiú go mbeidh na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide slán. Tá Comhaontú Seirbhíse ag an Údarás Náisiúnta Míchumais maidir le seirbhís tacaíochta TFC a mbaineann sé leas as faoin Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint agus cuntas a thabhairt orthu.
- Oibríonn Feidhmeannach an Údaráis go leanúnach chun córais rialaithe a fheabhsú agus tuairisciú do na Coistí Iniúchóireachta agus Airgeadais maidir leo.
- Cuirtear na Tuarascáil Bhliantúil le chéile ag ionchorprú na ráiteas airgeadais agus foilsíonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais í a luaithe is a bhíonn sí curtha faoi bhráid an Oireachtais.

Rinneadh athbhreithniú ar lámhleabhar Rialachas Corparáideach an Údaráis ag teacht leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Leagtar ról bhaill an Údaráis agus an Fheidhmeannaigh síos sa lámhleabhar agus na nósanna imeachta chun údarás a tharmligean, cinntí, leasanna na mball agus nithe eile.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí, Oifigeach um Shaoráil Faisnéise agus Oifigeach Riosca ag an Údarás Náisiúnta Míchumais. Ag teacht leis an Rialachán Ginearálta ar Chosaint Sonraí, tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag sainaithint na mbunachar sonraí ábhartha go léir lena chinntiú go gcomhlíontar an Rialachán agus tá sé ag nuashonrú beartas agus nósanna imeachta ar chosaint sonraí, ar choimeád agus ar thuairisciú.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun próisis rialaithe a fhaire, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh sna réimsí iomchuí, le forálacha chun an bhainistíocht, an tÚdarás agus a choistí a chur ar an eolas, nuair is iomchuí, ar bhonn caoithiúil.

Deimhním go bhfuil an córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomh-rialuithe sin agus aon easnaimh sainaitheanta a thuairisciú, áit ina mbuaileann an Coiste Bainistíochta le chéile faoi dhó sa bhliain ar a laghad agus buaileann an Coiste Iniúchta le chéile ar bhonn ráithiúil.
- Tuairiscíonn an Stiúrthóir don Údarás gach 2 mhí ar nithe maidir leis an eagraíocht, rialachas agus tionscadail, ag cur aon nithe óna dteastaíonn cead faoi bhráid an Údaráis.
- Is mír bhuan é bainistiú riosca ar chlár oibre an Údaráis.
- Leagadh síos socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal áit ina bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais sannta. Tuairiscíonn an tOifigeach Airgeadais don Bhainisteoir Seirbhísí Corparáideacha agus cuireann sé cuntais mhíosúla ar fáil i gcomhair athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach, an Coise Airgeadais agus an tÚdarás. Déanann an Coise Airgeadais machnamh ar an anailís airgeadais a chuireann an grúpa bainistíochta sinsearaí le chéile agus tuairiscíonn don Údarás maidir le feidhmíocht. Buaileann an Coise Airgeadais le chéile 4 - 6 huairé in

aghaidh na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht caiteachais agus ar bhainistiú buiséid.

- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil maidir le cur i bhfeidhm buiséid agus tionscadal. Áirítear leis sin athbhreithniú ar chuntais bainistíochta míosúla agus ar riaradh an chórais bainistíochta tionscadal, a thacaíonn le tomhas feidhmíochta i gcoinne tiomantais agus buiséid/réamhaisnéisí sa phlean oibre.
- Tá éifeachtacht na rialuithe faoi réir iniúchtaí neamhspleácha atá á dtreorú ag clár iniúchta arna chinneadh ag an gCoiste Iniúchóireachta. Le haghaidh 2017 áiríodh leis sin athbhreithniú ar an gcaoi a n-ullmhaítear ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais mar aon le hathbhreithniú ar rialuithe inmheánacha. Déanann an coiste iniúchóireachta machnamh ar thuarascálacha iniúchtaí agus cuirtear faoi bhráid an Údaráis iad.
- Chuir an tÚdarás tuarascálacha na n-iniúchtaí a rinneadh in 2017/2018 san áireamh lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar rialuithe airgeadais inmheánacha agus athbhreithniú ar ullmhú na gcuntas agus tá sé sásta go bhfuil rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Náisiúnta Míchumais chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte soláthair reatha agus gur chomhlíon an tÚdarás le linn 2017 na nósanna imeachta sin cé is moite de chonradh glantacháin atá i bhfeidhm le fada, atá faoi réir comórtas tairisceana anois.

Tá beartas soláthair breactha síos ag an Údarás Náisiúnta Míchumais agus tá córais acu chun conarthaí a mheas agus a bhronnadh, agus chun tuairisciú ar thorthaí soláthair don Údarás.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Náisiúnta Míchumais chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh á dtreorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus as cothabháil a chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Rinne Aonad Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú neamhspleách ar rialuithe inmheánacha i mí Feabhra 2018, agus rinne an tAonad Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar ullmhú na ráiteas airgeadais i mí Feabhra 2018. Meastar go soláthraíonn an tIniúchadh Inmheánach meastóireacht oibiachtúil agus tuairim ar éifeachtacht chreat rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe an Údaráis Náisiúnta Míchumais. Is í an chonclúid fhoriomlán a thagann as gach ceann ná go bhfuil rialuithe inmheánacha éifeachtacha i bhfeidhm.

Rinne an Coiste Iniúcháireachta machnamh ar thuarascálacha na n-iniúchtaí seo agus cuireadh faoi bhráid an Údaráis iad chun iad a phlé agus a ghlacadh ag a chruinniú i mí Márta.

Rinne an Coiste Iniúcháireachta machnamh ar chur i bhfeidhm mholtaí litir na bainistíochta agus torthaí iniúchta roimhe seo agus tugadh dearbhú maidir leo sin ina dtuarascáil bhliantúil don Údarás i mí na Samhna 2017 maidir leis sin. Rinne an Coiste Iniúcháireachta machnamh freisin ar thuarascálacha iniúchta na n-iniúchtaí a rinne an tSeirbhís Iniúchta Inmheánaí in 2018 agus freagraí na bainistíochta ar na moltaí.

Tá an tÚdarás sásta nach bhfuil aon fhianaise ann maidir le haon rialuithe suntasacha agus go dtugann siad deimhnithe réasúnta maidir le rialuithe éifeachtacha.

Ghlac an tÚdarás leis an ráiteas maidir le rialú inmheánach anuas ar phlé agus machnamh ar gach deimhniú a tugadh.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Ní raibh aon laigí i rialú inmheánach a sainaitníodh maidir le 2017, seachas aon uair amháin, nuair nach ndeachaigh Conradh i gcomhair seirbhísí glantacháin (caiteachas de €38,163) ar aghaidh i rith na tréimhse tuairiscithe, agus ar cuireadh moill ar an gcomórtas tairisceana go dtí Aibreán 2018. Lean an tÚdarás ag feabhsú a chórais rialaithe i rith na bliana.



Helen Guinan, Cathaoirleach

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Dáta: 29 Meitheamh 2018

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- An ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coimeáda
- An ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- An ráiteas ar an staid airgeadais
- An ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- Na nótaí gaolmhara, achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta ina measc

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2017 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús na tuairime

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (Clanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón Údarás agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eiticíúil i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Chuir an tÚdarás faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscim mar eiseacht, san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.



John Crean

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, An 01 Meitheamh 2018

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis. Tá comhaltaí an freagrach as an méid seo a leanas:

- Ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999
- A chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- Rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- Measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh cuí, agus
- An rialú inmheánach sin a dheimhniú siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbú, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na Cllanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó.

Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Cllanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam, déanaim an méid seo a leanas:

- Na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais a shainaithint agus a mheasúnú, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nocht a ghaolmhair.

- Tá tal a bhaint as oiriúnacht na húsáide a bhaintear an bonn gnóthais leantaigh na cuntasáiochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas an

Údaráis a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim an tátal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh an tÚdarás deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith m'iniúchta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirim aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CIlanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh,

breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím más ann do cheisteanna ábhartha lena bhaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgáim fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím más ann d'aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó

- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó

- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017	2016
		€	€
Ioncam			
Deontais Oireachtais	2	3,992,832	3,633,180
Glan-mhaoiniú larchurtha Pinsean	3	504,600	413,700
Ioncam Eile	4	121,483	128,549
Aistriú ó/(chuig) an gCuntas Caipitil	7	78,981	(363,806)
Ioncam Iomlán		4,697,896	3,811,623
Caiteachas			
Tionscadail agus Oibreacha Coimisiúnaithe Iníoctha	5	577,400	446,043
Costais Riaracháin agus Oibríochtaí	6	2,785,361	2,510,437
Costais sochair scoir	3	1,141,700	947,400
Laghdú ar luach na sócmhainní seasta	8	78,981	70,605
Caiteachas Iomlán		4,583,442	3,974,485
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	9	114,454	(162,862)
larmhéid tugtha ar aghaidh an 1 Eanáir		262,304	425,166
larmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig		376,758	262,304

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus na Nótaí ó 1 go 14.

Thar ceann an Údaráis Náisiúnta Míchumais:



Helen Guinan,

Cathaoirleach

Dáta: 29 Bealtaine 2018



Frank Cunneen

Ball den Údarás

Dáta: 29 Bealtaine 2018



Siobhan Barron

Stiúrthóir

Dáta: 29 Bealtaine 2018

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €	2016 €
Barrachas/(Easnamh)		114,454	(162,862)
(Gnóthachain)\cailteanais achtúireacha ar oibleagáidí sochair scoir	3	(1,692,100)	3,766,000
Coigeartú don Mhaoiniú larchurtha Pinsean		1,692,100	(3,766,000)
Ioncam/(cailteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain		114,454	(162,862)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus na Nótaí ó 1 go 14.

Thar ceann an Údaráis Náisiúnta Míchumais:



Helen Guinan,

Cathaoirleach

Dáta: 29 Bealtaine 2018



Frank Cunneen

Ball den Údarás

Dáta: 29 Bealtaine 2018



Siobhan Barron

Stiúrthóir

Dáta: 29 Bealtaine 2018

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017	2016
		€	€
Sócmhainní Seasta			
Maoin, innealra & trealamh	8	3,014,066	3,093,047
Iomlán na Sócmhainní Seasta		3,014,066	3,093,047
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	10	452,230	368,877
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		52,301	56,634
		504,531	425,511
Dlíteanais Reatha (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna iníoctha	11	(117,773)	(153,207)
Glansócmhainní Reatha		386,758	272,304
Dlíteanais fhadtéarmacha (suimeanna dlite tar éis bliain amháin)			
Éarlais cíosa coinnithe	12	(10,000)	(10,000)
Leasanna Scoir			
Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha	3	(26,364,000)	(27,551,500)
Oibleagáidí sochair scoir	3	26,364,000	27,551,500
Glansócmhainní Reatha Iomlána		3,390,824	3,355,351
A ionannaíonn			
Cuntas Caipitil	7	3,014,066	3,093,047
Cúlchistí ioncaim coinnithe		376,758	262,304
		3,390,824	3,355,351

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus na Nótaí ó 1 go 14.


Thar ceann an Údaráis Náisiúnta Míchumais:



Helen Guinan,

Cathaoirleach

Dáta: 29 Bealtaine 2018



Frank Cunneen

Ball den Údarás

Dáta: 29 Bealtaine 2018



Siobhan Barron

Stiúrthóir

Dáta: 29 Bealtaine 2018

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

RÁITEAS MAIDIR LE SREAFAÍ AIRGID Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	2017	2016
	€	€
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas Ioncaim thar Caiteachas	35,473	200,944
Dímheas ar shócmhainní seasta	78,981	70,605
(Méadú)/Laghdú ar Infháltais	(83,353)	105,183
(Laghdú)/Méadú ar Suimeanna iníoctha	(35,434)	102,638
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(4,333)	479,370
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil	-	(434,411)
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(434,411)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		
Ús Bainc a fuarthas	-	-
Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe	-	-
Glan (laghdú)/glanmhéadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid	(4,333)	44,959
Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir	56,634	11,675
Airgead agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig	52,301	56,634

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

I. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus beartais chuntasaíochta móra a ghlac an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go léir go comhsheasmhach ar feadh na bliana agus an bhliain roimhe sin. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€).

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais faoi alt 6 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999, le ceannoifig ag 25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath 4 an 12 Meitheamh 2000 ar dhíscaoileadh na hiar-eagraíochta, an Bord Náisiúnta Athshlánúcháin.

Is é príomhfhaidhm an Údaráis Náisiúnta Míchumais comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le saincheistean beartais agus cleachtais atá ábhartha do shaol daoine faoi mhíchumas.

Áirítear le feidhmeanna ar leith an Údaráis Náisiúnta Míchumais mar atá leagtha amach in alt 8 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999:

- *Gníomhú mar chomhlacht náisiúnta lárnach a chuideoidh leis an Aire i dtaca le comhordú agus forbairt beartais maidir le daoine faoi mhíchumas.*
- *Tionscadail agus gníomhaíochtaí taighde ar shaincheistean maidir le míchumas a ghabháil de láimh nó a choimisiúnú, nó comhoibriú iontu, agus cuidiú a thabhairt i dtaca le forbairt faisnéise staidrimh is cuí chun pleanáil, soláthar agus faireachán a dhéanamh maidir le cláir agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.*
- *Comhairle a thabhairt don Aire maidir le caighdeáin chúil le haghaidh clár agus seirbhísí a sholáthraítear nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas agus gníomhú mar chomhlacht comhairleach i leith caighdeáin ghinearálta agus caighdeáin shonrach a fhorbairt i ndáil leis na cláir agus na seirbhísí sin.*
- *Faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú caighdeán agus cód cleachtais i gcláir agus seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus tuarascáil a thabhairt don Aire ar an gcéanna.*
- *Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí eile, idir chomhlachtaí corpraithe agus chomhlachtaí neamhchorpraithe, a bhfuil baint acu le seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus éascú agus tacú a dhéanamh maidir le forbairt agus forfheidhmiú caighdeán cuí le haghaidh clár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.*

- *cóid chleachtais a ullmhú arb é is cuspóir dóibh aidhm i leith dea-chaighdeán agus dea-cháilíocht a bhaint amach i dtaca le soláthar clár agus seirbhísí a sholáthraítear nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas.*
- *Aitheantas a thabhairt do ghnóthú dea-chaighdeán agus dea-cháilíochta le linn cláir agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a sholáthar lena n-áirítear trí chóras dámhachtainí comhionannais míchumais a sholáthar.*
- *Pleananna straitéiseacha a ullmhú.*

Áirítear na nithe seo a leanas le feidhmeanna breise an Údaráis faoin Acht Míchumais 2005:

- *Cóid chleachtais a ullmhú a bhaineann le hinrochtaineacht foirgneamh poiblí, seirbhísí agus láithreán oidhreachta agus le fostaíocht daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí ar iarratas ón Aire (Cuid 3) chun monatóireacht a dhéanamh ar mar atáthar ag comhlíonadh spriocanna reachtúla i dtaca le hearcaíocht agus fostaíocht daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí, gníomhartha a mholadh a bheidh le glacadh i gcás nach bhfuil na spriocanna sin á gcomhlíonadh, agus cóid chleachtais a ullmhú nuair a iarrtar sin (Cuid 5).*
- *Lárionad Sármhaitheasa a bhunú agus a fheidhmiú i nDearadh Uilíocht maidir leis an timpeallacht thógtha, táirgí, seirbhísí agus teicneolaíocht na faisnéise a chuirfidh prionsabail an dearadh uilíoch chun cinn ionas go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas gach ceann acu sin a rochtain, a thuiscint agus a úsáid a mhéid is praiticiúil.*
 - *Ar an mbealach is neamhspleáiche agus nádúrtha, agus*
 - *Sa raon is leithne de chásanna gan gá a bheith le hoiriúnú, modhnú, fearais chuiditheacha nó réitigh speisialaithe (Cuid 6).*

b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, arna ordú ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

c) Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag úsáid an mhodha fabhrúithe cuntasáíochta, cé is moite den mhéid a thugtar le fios thíos agus de réir FRS 102 faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a mholann comhlachtaí cuntasáíochta aitheanta de réir mar a bhíonn siad i mbun oibre. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm arna ceadú ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá na beartais chuntasáíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun

déileáil le míreanna, a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais.

d) Ioncam

Deontais Oireachtais

Faigheann an tÚdarás deontas gach bliain ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais de réir mar a fhoráiltear san Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999. Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhrúithe; eisceacht amháin is ea i gcás na nDeontas Oireachtais, a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

e) Maoin, Gléasra agus Trealamht

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna gcoigeartú i gcomhair aon fhorála le haghaidh bearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, seachas réadmhaoin, ag rátaí a mheastar a dhéanfaidh díscríobh ar an gcostas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne díri thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

- | | |
|---|--|
| (i) Réadmhaoin ar ruíleas
(Iarmhéid laghdaithe) | 2.5% in aghaidh na bliana |
| (ii) Daingneáin agus Feistis, Trealamh
dhíreach) | 10% in aghaidh na bliana (Líne dhíreach) |
| (iii) Crua-earraí agus Bogearraí Ríomhaire
dhíreach) | 20% in aghaidh na bliana (Líne dhíreach) |

Léiríonn an luach iarmharach an méid measta, a gheofaí amach faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn d'aois agus sa riocht a mbítear ag súil leo ag deireadh a saolré ionchais.

Má tá fianaise oibiachtúil ann de bhearnú ar luach sócmhainne, aithnítear cailteanas bearnaithe sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Cailteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

f) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil (i.e. éadálacha).

g) Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide foráil d'fhiachais amhrasacha. Is foráil shonrach an fhoráil d'fhiachais amhrasacha, agus leagtar síos é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais in ann gach suim atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht i soláthar fiachas amhrasach sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

h) Sochair Fostaithe

Sochair Gearrthéarmachas

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Suimeanna iníoctha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Leasanna Scoir

Feidhmíonn an tÚdarás scéim aoisliúntais sochair sainithe don fhoireann a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt ar fáil agus ó ranníocaíochtaí foirne arna sealbhú ag an Roinn thar ceann an Údaráis agus a chuirtear chun sochair cuntais fionraí ar mórleabhar Vóta na Roinne. Íoctar teidlíochtaí cnapshuime le foireann atá ag dul ar scor amach as an gcuntas fionraí ach íoctar íocaíochtaí pinsin míosúla d'fhoireann ar scor amach as ioncam reatha.

Suas go dtí deireadh na bliana 2017, bhí naonúr ball foirne laistigh de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”), ar scéim sochair shainithe é do státseirbhísigh inphinsin a cheaptar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe agus iar-fhostaithe an Bhoird Náisiúnta Athshlánúcháin nuair is iomchuí, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne, a bhíonn á sealbhú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais thar ceann an Údaráis. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don táille pinsean mar ioncam sa mhéid agus gur féidir é a fháil ar ais, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ar dlíteanais scéime sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ó Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dlíteanais a éiríonn ó oibleagáidí pinsin NDA agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Tomhaistear dlíteanais na scéim sochair scoir ar bhonn achtúireach ag úsáid an mhodha creidmheasa aonaid réamh-mheasta.

i) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Thábhachtacha
Ag ullmhú na ráiteas airgeadais dóibh, caitheann an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dlíteanas amhail dáta an chláir comhardaithe agus na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Mar sin féin, mar gheall gur meastachán atá i gceist ciallaíonn sé sin go bhféadfadh difear a bheith idir torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an feidhmeannas athbhreithniú ar shaoil sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara aicmí na sócmhainní seasta go léir, agus go háirithe, saol eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha

daingneán agus feisteas, agus bhain de thátal as go bhfuil saoil sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na boinn thuisceana atá mar bhonn ag na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí i dtreochtaí maidir le costas cúram sláinte) a thabhairt chun dáta gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leo seo a leanas tionchar a bheith acu ar na boinn thuisceana:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta aschuir ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán.
- (ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí an mhargaidh saothair sa todhchaí
- (iii) rátaí treochta i gcostas cúram sláinte, ráta an bhoilscithe sa chostas leighis sa réigiúin ábhartha

2. Deontais an Oireachtais

Cuimsíodh sna Deontais Oireachtais a vótáladh chuig an Údarás Náisiúnta Míchumais ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar a thaispeántar sna ráitis airgeadais:

	Nóta	2017	2016
		€	€
	Vóta 24		
Deontas do chaiteachas reatha	Focheannteideal D3	3,992,832	3,633,180
		3,992,832	3,633,180

3. Costais sochair scoir

(a) Anailís ar na costais sochair scoir iomlána a cuireadh chun

dochair an Ráitis faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

	2017	2016
	€	€
Costais seirbhíse reatha	770,400	476,100
Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir	446,900	572,600
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(75,600)	(101,300)
	1,141,700	947,400

(b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir i rith na bliana airgeadais

	2017	2016
	€	€
Glan-oibleagáid sochair scoir an 1 Eanáir	27,551,500	23,371,800
Costais seirbhíse reatha	770,400	476,100
Costais úis	446,900	572,600
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	(1,692,100)	3,766,000
Pinsin íoctha sa bhliain	(712,700)	(635,000)
Glan-oibleagáid sochair scoir an 31 Nollaig	26,364,000	27,551,500

(c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochar scoir

Aithníonn an tÚdarás na suimeanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe i gcomhar sochar scoir bunaithe ar an tsraith toimhdí a bhfuil cur síos déanta orthu thuas agus roinnt teagmhas roimhe seo.

Ar na teagmhais seo, tá an bonn reachtúil leis an scéim sochair scoir a bhunú agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus próiseas na meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an

Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ag freastal do shuimeanna den sórt sin de réir an chleachtais reatha.

Aithnítear an glan-mhaoiniú iarchurtha maidir le sochair scoir sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe mar seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
Maoiniú in-aisghabhála i leith costais sochair scoir na bliana reatha	1,217,300	1,048,700
Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm le sochair scoir a íoc	(712,700)	(635,000)
	504,600	413,700

Is ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha i gcomhair sochar scoir an 31 Nollaig 2017 agus €26.4m (2016: €27.6m).

(d) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Is éard atá sa scéim sochair scoir ná socrú críochnúil faoi thuarastail le sochar sainithe. Dá réir, déantar tairbhíthe agus ranníocaíochtaí a shainiú trí chomparáid a dhéanamh le rialúcháin “shamplacha” reatha i scéimeanna san earnáil phoiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (sin 1/80 in aghaidh gach bliain seirbhíse), bliantacht nó cnapshuim (sin 3/80 in aghaidh gach bliain seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é breithlá 65 bliain d’aois gnáthaois scoir baill, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d’aois. Téann pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh i gcomhair nochtadh FRS 102 ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire neamhspleách cáilithe an 16 Feabhra 2018, ag cur cheanglais FRS san áireamh d’fhonn dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2017.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí aachtúireacha:

	2017	2016
Ráta méadaithe i dtuarastail	3.80%	3.70%
An ráta méadaithe i sochair scoir in íocaíocht	2.80%	2.70%
Ráta lascaine	1.70%	1.60%
Ráta Boilscithe	1.80%	1.70%

Ráta Báis

58% de ILT15 d'fhir le feabhsúcháin (féach thíos).

62% de ILT15 do mhná le feabhsúcháin (féach thíos).

Feabhsúcháin i rátaí bliantachta de 0.30% in aghaidh na bliana (Fir) go dtí 0.25% in aghaidh na bliana (Mná) le haghaidh gach bliain idir 2016 agus an bhliain scoir.

Taispeántar sa tábla thíos ionchas saoil measta do bhail a bhaineann gnáthaois scoir amach in 2017 agus blianta amach anseo.

Bliain inar baineadh aois 65 amach	2017
Fear aois 60 ar dháta an chláir comhardaithe	25.4
Bean aois 60 ar dháta an chláir comhardaithe	28.2
Fear aois 65 ar dháta an chláir comhardaithe	21.4
Bean aois 65 ar dháta an chláir comhardaithe	23.8
Fear aois 65 faoi cheann 10 mbliana	22.7

4. Ioncam Eile

	2017	2016
	€	€
Leas Sóisialach	14,915	10,354
Ioncam ó Chíos	56,703	56,704
Maoiniú FSS	49,865	61,491
	121,483	128,549

Baineann an figiúr d'ioncam ó chíos de €56,704 le cíós €38,000 a bhaineann le réadmhaoin ar cíós ag 25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath

4. Baineann an €18,704 atá fágtha leis an muirear seirbhíse gaolmhar a tabhaíodh ag 25 Bóthar Chluaidh. Tá ball foirne sealadach á mhaoiniú ag FSS. Cuirtear an maoiniú sin ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais nuair a fhaightear é.

5. Tionscadail agus Oibreacha Coimisiúnaithe Iníoctha

	2017	2016
	€	€
Taighde	305,140	223,702
Acmhainní Faisnéise	5,008	49,013
Cur Chun Cinn ar Dhearadh Uilíoch	99,563	79,599
Seirbhísí Corparáideacha	82,615	53,523
Caighdeáin agus Treoirínte	41,905	5,613
Comhdháil agus Seimineáir	26,326	15,194
Comhairliúcháin	6,554	17,828
Cúlchiste	10,289	1,571
	577,400	446,043

6. Costais Riaracháin agus Oibríochtaí

		2017	2016
		€	€
Luach Saothair agus Costais Phá Eile	6(a)	2,113,939	1,948,241
Forchostais tógála agus feabhsúcháin		227,368	107,658
Rátaí		52,400	51,994
Seirbhísí glantacháin agus tí		48,058	52,847
Táillí agus costais an Údaráis		79,525	69,911
Postas agus teileachumarsáid		22,844	21,429
Costais oifige		43,855	53,855
Leabharlann		19,696	5,467
Costais TF		94,985	95,847
Táillí gairmiúla		45,816	49,966
Táillí iniúchta		14,000	12,000
Oiliúint foirne		22,875	41,222
		2,785,361	2,510,437

Sa chaiteachas ar fhorchostais tógála agus feabhsúcháin taispeántar méadú toisc gur caitheadh go leor de chaiteachas 2016 mar chuid d'oibreacha athchóirithe.

(a) Luach Saothair agus Costais Phá Eile

	2017	2016
	€	€
Tuarastail foirne (lena n-áirítear fabhrú pá saoire)	2,025,356	1,839,608
Pá d'fhoireann gníomhaireachta	62,924	92,240
Costais taistil agus cothabhála foirne	25,659	16,393
	2,113,939	1,948,241

Miondealú de shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Raon na sochar gearrthéarmach iomlán d'fhostaithe		Líon na bhfostaithe	
		2017	2016
Ó	Go Dtí		
Níos lú ná €59,999		20	17
€60,000 - €69,999		2	4
€70,000 - €79,999		11	9
€80,000 - €89,999		1	2
€90,000 - €99,999		2	2
Níos mó ná €100,000		1	—
Líon iomlán fostaithe		37	34

Táillí agus Costais Bhaill an Údaráis

Tá fabhrúithe €279 agus €166 i gcomhair 2016 agus 2017 faoi seach áirithe i dtáillí an údaráis a thaispeántar i nóta 6.

Fuair an tUasal Donie O'Leary costais dar luach €342 freisin maidir lena bhallaíocht den Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais agus a fhochoistí.

Íocann an tÚdarás na costais sin agus gabhtar iad faoin gceannteideal tionscadail agus coimisiúin.

Luach Saothair an Stiúrthóra

Íocadh tuarastal €98,033 (2016: €95,816) leis an Stiúrthóir in 2017 ar Scála Níos Airde Príomhoifigh sa Státseirbhís. Baineann an méadú bliain ar bhliain le tréimhse pá coicíse lúide ceann in 2016. Ní bhfuair an Stiúrthóir méadú pá agus ní dhearnadh aon íocaíocht eile sa bhliain leis an Stiúrthóir i bhfoirm pá. Is ball de scéim aoisliúntais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais í an Stiúrthóir agus ní shíneann a cuid teidlíochtaí thar na ngnáth-theidlíochtaí atá ar fáil faoi scéim den sórt sin.

Ranníocaíochtaí do Thobhach Pinsin

Asbhaineadh €95,978 (2016: €95,612) ón bhfoireann trí bhíthin tobhaigh pinsin agus choinnigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais é thar ceann an Údaráis.

Cruinnithe an Údaráis

I rith 2017, bhí sé chruinniú de chuid an Údaráis ar siúl. Ceapadh an tUasal Aisling Glynn ar an mbord an 6 Meitheamh 2017.

7. Cuntas Caipitil

	2017	2016
	€	€
larmhéid tosaigh	3,093,047	2,729,241
Ioncam a cuireadh i bhfeidhm ar cheannach sócmhainní seasta	-	434,411
Amúchta sa bhliain ag teacht le dímheas sócmhainní	(78,981)	(70,605)
	(78,981)	363,806

Aistrithe chuig/ó Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim

Iarmhéid deiridh

3,014,066	3,093,047

8. Maoin, innealra & trealamh

	Crua-Earraí agus Bogearraí Ríomhaire	Daingneáin agus Feistis, Trealamh	Réadmhaoin ruilse	Iomlán
	€	€	€	€
Costas an I Eanáir Breiseanna	125,211	117,143	4,423,015	4,665,369
Amhail 31 Nollaig	125,211	117,143	4,423,015	4,665,369
Dímheas an I Eanáir Muirear don bhliain	122,978	117,143	1,332,201	1,572,322
	1,711	-	77,270	78,981
Amhail 31 Nollaig	124,689	117,143	1,409,471	1,651,303
Glanluach de réir na leabhar an I Eanáir	2,233	-	3,090,814	3,093,047
Glanghluaiseacht don Bhliain	(1,711)	-	(77,270)	(78,981)
Amhail 31 Nollaig	522	-	3,013,544	3,014,066

Feidhmíonn an tÚdarás a ghnó féin ó áitreabh ag 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, agus is leis féin an t-áitreabh sin. Níl aon réadmhaoin eile ag an Údarás agus níl aon réadmhaoin ar léas aige.

9. Easnamh/barrachas don Bhliain

Mar a tugadh faoi deardh sna beartais chuntasaíochta aithnítear an deontas Oireachtais ar bhonn fáltais airgid agus léiríonn sé na holl-íocaíochtaí a rinne an Roinn thar ceann an Údaráis arna seach-chur i roinnt

cásanna ag fáltais a íocadh leis an Roinn. Aithnítear ioncam agus caiteachas eile sna ráitis airgeadais seo ar bhonn fabhruithe. Mar thoradh air sin, ní léiríonn an t-iarmhéid ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais gnátheasnamh oibríochta, toisc go bhfuil sé inchurtha den chuid is mó don difríochta idir caiteachas ar fhabhruithe agus maoiniú bunaithe ar airgead.

10. Infháltais

	2017	2016
	€	€
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais*	354,033	351,297
Réamhíocaíochtaí	48,331	17,580
Féichiúnaithe eile de chuid an Údaráis	49,866	-
	452,230	368,877

* Íoctar costais cnapshuimeanna pinsin ó chuntas sonrach/fionraí arna chothabháil ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun na críocha sin. Íocann an tÚdarás íocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann go léir chuig an gcuntas sin gach coicís. Cuirtear íocaíochtaí cnapshuime i rith na bliana chun dochair don chuntas sin. Léiríonn an t-iarmhéid seo an tsuim sa chuntas an 31 Nollaig 2017.

11. Suimeanna iníochta

Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2017	2016
	€	€
An Roinn Dlí agus Cirt	11,705	43,915
Fabhrú pá saoire	47,780	45,335
Fabhruithe caipitil ar oibreacha athchóirithe	-	23,674
Táille iniúchta	14,000	12,000
Fabhruithe eile	44,288	28,283
	117,773	153,207

12. Suimeanna iníoctha – méideanna dlite tar éis bliain amháin

Cuimsítear le creidiúnaithe a bhíonn dlite tar éis níos mó ná bliain amháin €10,000 arna shealbhú mar éarlais cíosa maidir leis an gcomhaontú léasa i dtaca le cuid den réadmhaoin atá sealbhaithe ag 25 Bóthair Chluaidh.

13. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Cuimsítear leis an bpríomhphearsanra bainistíochta an Stiúrthóir agus Bainisteoirí Sinsearach. Ba ionann an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, agus táillí agus costais bhaill an Bhoird agus € 456,000 (2016: €444,826). Tagair do Nóta 6 le haghaidh miondealú den luach saothair agus na sochair a íocadh leis an bhfoireann uile, lena n-áirítear an Stiúrthóir. Nochtar íocaíochtaí le baill an Bhoird sa Ráiteas Rialachais.

Glacann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le nósanna imeachta de réir na dtreoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chumhdaíonn leasanna pearsanta bhaill an Údaráis. Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais deontais a cheadú nó socruithe conartha a dhéanamh le haonáin ina bhfuil baill Bhord an Údaráis fostaithe nó a bhfuil leas acu ann ar shlí eile. I gcásanna ina bhféadfadh coimhlint leasa a bheith i gceist, ní fhaigheann baill an Údaráis doiciméid ón mBord, ní bhíonn siad rannpháirteach sna hidirbhearta sin, ná ní fhreastalaíonn siad ar phlé maidir leo. Cothaítear clár agus tá sé ar fáil ach é a iarraidh i ngach cás den sórt sin.

Ní raibh aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbheach ag baill an Údaráis.

14. Faomhadh na Ráitis Airgeadais

D'fhaomh Bord an Údaráis Náisiúnta Míchumais na ráitis airgeadais an 24ú Bealtaine 2018

Eolas Ginearálta

Ceannoifig : 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4

Stiúrthóir : Siobhan Barron

Aturnaetha: Messrs. Beauchamps, Duga na Canála Móire, Baile Átha Cliath 2

Baincéirí : Banc na hÉireann, 104 Raghallach, Baile Átha Cliath 6
Banc na hÉireann, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4

Iniúcháirí : An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, 3a Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile in 2017

An tUasal Helen Guinan (Catharleach)

An tUasal Frank Cunneen

An tUasal Des Kenny

An tUasal Ruthann La Malfa

An tUasal Mary Lavelle

An tUasal Aisling Glynn²

An tUasal Teresa McDonnell

An tUasal Deaglán Ó Bríain

An tUasal Deirdre O'Connor

An tUasal James O'Grady

An tUasal Donie O'Leary

An tUasal Dónal Rice

An tUasal Alison Ryan

An Coiste Airgeadais

An tUasal Frank Cunneen (Cathaoirleach)

An tUasal Des Kenny

An tUasal Ruthann La Malfa

An tUasal Aisling Glynn

An tUasal David Scott

An tUasal Pat Fitzsimons

² Ceapadh í i mí an Mheithimh 2017

An Coiste Iniúchóireachta

An tUasal Donal Lawlor (Cathaoirleach)

An tUasal Frank Cunneen

An tUasal Des Kenny

An tUasal Robert Cashell

An tUasal Lawrence Byrne

An tUasal Teresa McDonnell

An tUasal Tony Fitzpatrick³

An tUasal John Fitzgerald⁴

An Coiste Bainistíochta Riosca

An tUasal Robert Cashell (Cathaoirleach) (Coiste Iniúchóireachta an NDA)

An tUasal Pat Fitzsimons (Coiste Airgeadais an NDA)

Grúpa Bainistíochta Sinsearaí an NDA

Coiste Pleanála Straitéisí

Helen Guinan (Cathaoirleach)

Frank Cunneen

Des Kenny

Donie O'Leary

Alison Ryan

³ Ceapadh é i mí an Mheithimh 2017

⁴ Ceaptha é i mí an Mhárta 2017

Mary Lavelle

James O'Grady

Teresa McDonnell

Donal Rice

Senior Management Group

Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha in 2017

Coiste Stiúrtha IDS TILDA

Earnáil Phoiblí

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

- Ball de Choiste Comhairleach Míchumais na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige
- Ball de (AIM) - samhail de thacaíochtaí atá deartha lena chinntiú go mbeidh fáil ag leanaí faoi mhíchumas ar an gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) - Foireann Tionscadail
- Ball de (AIM) - samhail de thacaíochtaí atá deartha lena chinntiú go mbeidh fáil ag leanaí faoi mhíchumas ar an gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) - Grúpa Forfheidhmithe Tras-Earnála
- Ball de TÚSLA - Fóram Cigireachta na Luathbhlianta

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha

- Grúpa Comhairleach um Threoir Gréasáin an AE
- Coiste Inrochtaineachta CRAOLTÓIREACHTA

An Roinn Oideachais agus Scileanna

- Ball d'Fhóram Scileanna Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
- Ball de Choiste Comhairleach Míchumais
- Ballraíocht d'Fhóram Comhairleach Reachtúil na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

- Grúpa Monatóireachta ar Chur chun Feidhme na Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Coiste Comhairleach Míchumais

An Ghníomhaireacht Tithíochta

- Foghrúpa Tithíochta na Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Tascghrúpa um Maireachtáil sa Phobal maidir leis an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Uisce Éireann

- Fóram Pháirtithe Leasmhara

An Roinn Sláinte

- Ball den Ghrúpa Stiúrtha Cur chun Feidhme ar Athbhreithniú Beartais ar Luach ar Airgead de Sheirbhísí Míchumais, agus ar Meithleacha 1, 2, 4 agus ar an bpróiseas cur chun feidhme
- Ball de Choiste Comhairleach Míchumais
- Ball den Choiste Bunachair Sonraí Náisiúnta um Mhíchumas
- Ball den Tascfhórsa maidir le Buiséid Phearsantaithe agus a Ghrúpa Straitéise agus Beartais
- Cathaoirleach agus Rúnaí den Tascfhórsa maidir le Buiséid Phearsantaithe, Grúpa Comhairle agus Comhairliúcháin
- Ball d'Fhóram Comhairleach Náisiúnta FSS
- Ball de Bhord TFC Náisiúnta Míchumais FSS
- Ball den Ghrúpa Chur chun Feidhme Náisiúnta um Threonna Úra
- Ball de thascfhórsa FSS - seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi míchumas
- Ball de Choiste Rochtana Uilíoch FSS
- Meitheal Ildhisciplíneach um Threoracha Cúram Sláinte

- An Grúpa Stiúrtha agus an Fho-Ghrúpa Treorach agus Doiciméadúcháin don Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

- Coiste Monatóireachta ar an Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Foréigean Gnéasach agus Foréigean bunaithe ar Inscne
- Grúpa Athbhreithnithe ACT Inrochtana an AE
- Grúpa Náisiúnta Forfheidhmithe Míchumais
- Grúpa Forfheidhmithe den Straitéis Fhostaíochta Chuimsithigh

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Comirce Sóisialaí

- Coiste Comhairleach Míchumais
- Grúpa Comhairliúcháin do Pháirtithe Leasmhara le haghaidh moltaí 9 agus 10 de Luach Saothair a Bhaint as an Obair
- Grúpa Liúntas Cúraim Baile

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

- Coiste Comhairleach ar Mhíchumas
- Grúpa Comhairleach Tacsaithe

Grúpaí agus Comhlachtaí Dearaidh Uilíoch

- An Tascfhórsa Dearaidh Uilíoch
- Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann
- Dearthóirí Éireannacha na hÉireann (IDI)
- Comhairle Dhearaidh agus Cheardaíochta na hÉireann
- Cumann um Fhorbairt Teicneolaíochta Cúnta san Eoraip
- Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI)
- Cumann Ríomhaireachta na hÉireann
- Fiontraíocht Éireann
- Cumann Idirlín na hÉireann

Coistí Eorpacha

- Cathaoirleach ar an meitheal um Chaighdeáin CEN/CEN/CENELEC ar shainordú an AE 473

Aguisín 3: Foilseacháin in 2017

- Suirbhé Náisiúnta ar Dhearcadh Phobal na hÉireann maidir le Míchumas , 2017
- Múnlaí Dea-Chleachtais chun Tacaíocht Éifeachtach a thabhairt do Riachtanais Daoine Fásta le hUathachas, gan Míchumas Intleachtúil Comhthráthach, Maireachtáil sa Phobal, 2017
- Aistrithe Fostaíochta i measc Daoine le Míchumas in Éirinn: Anailís ar an Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta Teaghlaigh, ESRI, 2017
- Scéim um Chur Chun Cinn Taighde 2014: Aistriú ó Oideachas agus Oiliúint go Fostaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Scanlon agus Kamp, 2017
- Dea-chleachtas Idirnáisiúnta in Athshlánú Gairmoideachais: Ceachtanna d'Éirinn, WRC, 2017
- Tuarascáil Bhliantúil an NDA 2016
- Taighde ar chur i bhfeidhm na Múnlaí Leithdhálte Acmhainne, SQW, 2017
- Sintéis Taighde NDA ar Bhuiséid Phearsantaithe, NDA 2017
- Eagráin 14 (Márta), 15 (Bealtaine), 16 (Meán Fómhair) agus 17 (Nollaig) de Nuachtlitir an NDA:
<http://nationaldisabilityauthority.newsweaver.com/Newsletter/1xu8rbw52y4>

Aguisín 4: Páipéir um chomhairle ar bheartas in 2017

Áiríodh ar na páipéir um chomhairle ar bheartas in 2017:

- FSS: Dea-chleachtas maidir le tithe a roghnú agus a oiriúnú do dhaoine ag bogadh ó shuíomhanna comhchónaithe
- An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil: Aighneacht chuig an gComhairliúchán Poiblí ar Athbhreithniú Chuid B (Sábháilteacht Dóiteáin) de na Rialacháin Foirgníochta 2016
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: Aighneacht chuig an gComhairliúchán Poiblí ar Bhearta um Bainistíocht Tráchtá Fhaiche an Choláiste
- An Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige: Cúram Leanaí Inacmhainne
- An Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige: Ráiteas Straitéise 2016-2019
- An Roinn Oideachais agus Scileanna: Ráiteas Straitéise 2016-2018
- An Roinn Sláinte: Rialachán a Bheartaítear um Chomhairleoirí agus um Shíciteiripeoirí faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005
- An Roinn Sláinte: Ráiteas Straitéise 2016-2019
- An Roinn Sláinte: Comhairle ar Bhuiséid Phearsantaithe
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais: Aighneacht an NDA ar Dhréacht-NDSIP
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais: Comhairle an NDA maidir cur chun feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta a chur ar aghaidh

- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: Seirbhísí daonna, sóisialta agus pobail a choimisiúnú
- Biaslán: Dréachtphlean Gníomhaíochta um Míchumas 2016-2020
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt: Athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt: Ráiteas Straitéise
- Comhairle na hEorpa: Doiciméad Oibre ar an Straitéis um Míchumas 2017-23
- An tAontas Eorpach: An Comhairliúchán um Cholún Ceart Sóisialta
- Aighneacht maidir leis an Athbhreithniú ar Atógáil na hÉireann
- Aighneacht maidir leis an Athbhreithniú ar na Treoirlínte Náisiúnta um Mheasúnú agus Leithdháileadh Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Aighneacht maidir le comhairliúchán ar dhréacht-Chód Cleachtais um Shábháilteacht Dóiteáin i dTithe Cónaithe Pobail Nua agus atá ann Cheana
- Aighneacht maidir le comhairliúchán ar dhréacht-Rialacháin Foirgníochta 2017 Doiciméad Treorach Teicniúil B ar Shábháilteacht Dóiteáin - Imleabhar 2 - Tithe Cónaithe

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath 4
Teileafón: (01) 608 0400
Facs: (01) 660 9935
www.nda.ie

Comhlacht stáit neamhspleách is ea an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a chuireann sainchomhairle ar fáil maidir le beartas agus cleachtas míchumais don Aire, agus a chuireann Dearadh Uilíoch chun cinn in Éirinn.